

# **An Coimisiún um Scrúduithe Stáit**

*Lámhleabhar*

*le bhagaidh*

**Dréachtóirí, Cóiritheoirí agus Cóiritheoirí Cúnta**

**Dréacht – Samhain 2003**

## Clár

<b>Buíochas</b>		Error! Bookmark not defined.
<b>Réamhrá</b>		Error! Bookmark not defined.
<b>1. Na Scrúdháipéir a Ullmhú</b>		<b>7</b>
1.1	Rólanna, Teidil, Tascanna agus Freagrachtaí	7
1.2	Pearsanra – Sambail 1	10
1.3	Próiseas – Sambail 1	11
1.4	Pearsanra – Sambail 2	12
1.5	Próiseas – Sambail 2	13
1.6	Leaganacha Gaeilge: Próiseas Aistriúcháin na Scrúdháipéir	15
1.7	Próiseas an Dréachtaithe	16
1.8	Próiseas an Chóirithe	19
1.9	Cruinnithe na bPainéal Ábhair	22
<b>2. Slándáil agus Sláine</b>		Error! Bookmark not defined.
2.1	Saincheistanna Eitice	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
2.2	Ábhair a Tharchur ar Láimh Shábhála	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
2.3	Ábhair Fhisiciúla a Stóráil ar Láimh Shábhála	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
2.4	Ábhair Leictreonaigh a Stóráil ar Láimh Shábhála	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
2.5	Leaganacha Deiridh d'Ábhair a Chur Isteach	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
<b>3. Prionsabail Mheasúnachta</b>		Error! Bookmark not defined.
3.1	Bailíocht	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3.2	Iontaofacht	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3.3	Saoirse ar Chlaonbhá	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3.4	Uilechuimsitheacht agus Cothromas	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3.5	Dífreáil agus Idirbealú	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
<b>4. Ceisteanna a Scríobh</b>		Error! Bookmark not defined.
4.1	Prionsabail Ghinearálta maidir le Ceisteanna a Scríobh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.2	Cineálacha Ceisteanna	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.3	Inléiteacht – Éifeacht ó thaobh Ambaire	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.4	Inléiteacht – Soiléireacht ó thaobh Stíl Teanga	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.5	Ceisteanna lena ngabann Freagairt Roghnaithe a Scríobh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.6	Ceisteanna lena ngabann Freagairt Chumtha a Scríobh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.7	Coimrí a Scríobh maidir le bObair Phraiticiúil an Chúrsa	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
	<b>Error! Bookmark not defined.</b>	
4.8	Scrúdháipéir Phraiticiúla a Scríobh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.9	Riúbricí	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4.10	Spreagábharr a Roghnú agus Athbheithniú a Dhéanamh air	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
<b>5. Profleámh</b>		Error! Bookmark not defined.
5.1	Cineálacha Ginearálta Cur Chuige	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
5.2	Nósanna Imeachta don Phrofléamh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
5.3	Leaganacha Gaeilge a Phrofléamh	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
<b>Aguisíní</b>		Error! Bookmark not defined.
Aguisín 1	Seicliostaí i gcomhair Cothromais	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
Aguisín 2	Seicliosta i gcomhair Scéimeanna Marcála	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
Aguisín 3	Gramadach agus Poncaíocht	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
Aguisín 4	Siombailí Ceartúcháin i gcomhair na Profléitheoireachta	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
Aguisín 5	Slíocht as an Acht Cúipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
	<b>defined.</b>	
Aguisín 6	Foirm lena Dheimhniú gur Cuireadh Obair i gCrích	<b>Error! Bookmark not defined.</b>

## **Buíochas**

---

Tá cuid mhór den ábhar sa lámhleabhar seo bunaithe ar dhoiciméadacht arna heisiúint roimhe seo do chigirí sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí. Baintear úsáid sa lámhleabhar as raon leathan dá bhfuil le léamh ar chúrsaí measúnachta agus scrúdúcháin freisin, agus as léirmheasanna ar dhoiciméadacht arna heisiúint ag comhlachtaí scrúdúcháin eile agus ag gníomhaireachtaí tástála eile.

## Réamhrá

---

Tá na nósanna imeachta atá le leanúint ag gach duine ar an bpearsanra a bhaineann leis na Scrúduithe Stáit faoi rialú na dtreoirlínte agus na bprotocal arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Scrúduithe Stáit (CSS), faoi mar atá mionsonraithe sa lámhleabhar seo agus ina chuid agusíní. Leagtar amach sa lámhleabhar na modhanna a bhfuil úsáid le baint astu chun scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála a ullmhú, agus sainmhínítear dualgais agus freagrachtaí gach duine a bhaineann leis an obair sin ann.

Bíonn scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála á n-ullmhú ag Dréachtóirí, Cóiritheoirí agus Cóiritheoirí Cúnta, agus iad ag obair go dlúth lena bPríomh-Scrúdaitheoir. Fostaítear Dréachtóirí, Cóiritheoirí agus Cóiritheoirí Cúnta ar bhonn bliantúil faoi chonradh ag CSS agus éilítear orthu dul faoi oiliúint. Faigheann siad táillí as ucht a gcuid oibre agus bítear ag súil leis go mbeidh na scrúdpháipéir a ullmhóidh siad de réir na gcuspóirí measúnachta arna leagan amach sa siollabas a bhaineann le hábhar mar aon le ceanglais an Phríomh-Scrúdaitheora, ó thús go deireadh an phróisis.

***Ní mór do gach Dréachtóir, Cóiritheoir agus Cóiritheoir Cúnta déanamh de réir na nósanna imeachta atá sa Lámhleabhar seo agus de réir aon orduithe eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint ó am go chéile, ar gach bealach.***

# 1. Na Scrúpháipéir a Ullmhú - An próiseas ón dréacht go dtí a phriontáil

---

Sa chaibidil seo, leagtar amach an próiseas atá le leanúint agus an pearsanra a bhainfidh le hobair ullmhúcháin na scrúpháipéir. Tá cur síos déanta ar phróisis ar leithligh le haghaidh gach ceann den dá chás seo a leanas:

1. Formhór scrúpháipéir na hArdteistiméireachta (bunaithe). Tagrófar dó sin mar *Shambail 1* ó thús go deireadh an lámhleabhair.
2. Scrúpháipéir na hArdteistiméireachta Feidhmí, scrúpháipéir an Teastais Shóiséaraigh, agus líon beag de scrúpháipéir ainmnithe de chuid na hArdteistiméireachta (bunaithe). Tagrófar dó sin mar *Shambail 2* ó thús go deireadh an lámhleabhair.

## 1.1 Rólanna, Teidil, Tascanna agus Freagrachtaí

Le cois an phearsanra Oibríochtaí in *Aonad na gCeistpháipéir* ar áitreabh CSS i mBaile Átha Luain, baineann na daoine seo a leanas le hobair ullmhúcháin na scrúpháipéir<sup>1</sup>:

- Príomhscrúdaitheoir
- Dréachtóir
- Cóiritheoir
- Cóiritheoir Cúnta
- Aistritheoir
- Eagarthóir Gaeilge
- Ionadaithe Ollscoile
- Ealaíontóirí grafacha, clóchuradóirí, srl., más cú sin

Tá cur síos gairid déanta ar rólanna, ar thascanna agus ar fhreagrachtaí na ndaoine thuas ar na leathanaigh a leanas.

---

<sup>1</sup> Ó thús go deireadh an lámhleabhair seo, glactar leis go bhfuil páipéir scríofa, coimrí le haghaidh tionscadal agus scrúduithe praiticiúla, clostéipeanna agus físteípeanna, dlúthcheirníní agus mar sin de san áireamh agus an téarma “scrúpháipéir” á lua.

### 1.1.1 Príomh-Scrúdaitheoir

Oifigeach lánaimseartha de chuid Rannán Scúduithe agus Measúnachta CSS a bhíonn sa Phríomh-Scrúdaitheoir, agus bíonn sé nó sí freagrach as caighdeán in ábhair shannta a chaomhnú ó bhliain go bliain. Bainistíonn sé nó sí obair ullmhúcháin na scrúdpháipéar agus a gcuid scéimeanna marcála agus bíonn freagracht fhoriomlán air nó uirthi as na scrúdpháipéir agus as an mbealach a riartar na próisis mharcála agus achomhairc chomh maith.

Is é ról an Phríomh-Scrúdaitheora i ndáil le hobair ullmhúcháin na scrúdpháipéar:

- obair ullmhúcháin na scrúdpháipéar agus na n-ábhar gaolmhar eile a bhainistiú ionas go gcomhlíonfar ceanglais na siollabas agus na gcaighdeán measúnachta ábhartha
- ceapachán Dréachtóirí, Cóiritheoirí agus Cóiritheoirí Cúnta a mholadh chun cabhrú le gach gné d'obair ullmhúcháin na scrúdpháipéar, agus chun iad siúd a cheaptar a bhainistiú
- páirt a ghlacadh i dtraenáil na mball sin den phearsanra
- a bheith ina c(h)athaoirleach ar chruinnithe na bPainéal Ábhair agus páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin
- mionscrúdú a dhéanamh sula gcuirtear na páipéir i gcló
- a s(h)íniú a chur leis na páipéir, ag deimhniú go bhfuil na scrúdpháipéir ceart ina mionpháirteanna uile agus gur féidir tús a chur leis an bpróiseas priontála
- mionscrúdú a dhéanamh tar éis do na páipéir a bheith curtha i gcló.

***Oibreoidh an Dréachtóir, an Cóiritheoir agus an Cóiritheoir Cúnta, ag gach tráth, faoi stiúradh an Phríomh-Scrúdaitheora, a mbíonn freagracht fhoriomlán as a bhfuil sna scrúdpháipéir, as a gcaighdeán agus as a gcáilíocht air nó uirthi.***

### 1.1.2 Dréachtóir

Múinteoir le cuid mhaith taithí agus/nó saineolaí san ábhar a bhíonn sa Dréachtóir, arna cheapadh agus arna mhionteagasc ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Ullmhaíonn sé nó sí dréacht-scrúdpháipéar, scéim mharcála imlíneach agus, sa chás gur cuí sin, freagraí eiseamláireacha, de réir na n-orduithe a thugann an Príomh-Scrúdaitheoir dó nó di agus laistigh de sceideal comhaontaithe ama. Agus é nó í ceaptha, soláthróidh Aonad na gCeistpháipéar cóipeanna crua (agus, sa chás gur féidir, cóipeanna boga)<sup>2</sup> de scrúdpháipéir don Dréachtóir ó bhlianta roimh a t(h)réimhse sa phost sin.

### 1.1.3 Cóiritheoir

Múinteoir le cuid mhaith taithí agus/nó saineolaí san ábhar a bhíonn sa Chóiritheoir, agus is gnách gur scrúdaitheoir le cuid mhaith taithí a bhíonn ann nó inti. Ainmníonn agus mionteagascann an Príomh-Scrúdaitheoir é nó í chun an dréacht-scrúdpháipéar a phróiseáil de réir na n-orduithe a thugann an Príomh-Scrúdaitheoir dó nó di agus laistigh de sceideal comhaontaithe ama. Agus na dréacht-scrúdábhair faighte aige nó aici, bíonn an Cóiritheoir freagrach as an scrúdpháipéar a shocrú agus an scéim mharcála imlíneach a fhorbairt go mbeidh sí ina scéim mharcála oibre. Bíonn sé nó sí freagrach as an bpáipéar a fhorbairt go mbeidh sé ina chruth deiridh, réidh le cur i gcló, agus as cóipeanna crua agus boga den scéim mharcála a sholáthar. Bíonn an Cóiritheoir freagrach as a dhearbú go mbíonn profa deiridh an scrúdpháipéir saor ó earráidí, agus as an mionscrúdú iarchló a dhéanamh.

<sup>2</sup> Tagraíonn *cóip chrua* do chóip phriontáilte iarbhrí de dhoiciméad. Tagraíonn *cóip bhog* do chomhad ríomhaire den doiciméad, amháil comhad MS Word ar dhiosca flapach.

### **1.1.4 Cóiritheoir Cúnta (Samhail 2 amháin)**

Múinteoir le cuid mhaith taithí agus/nó saineolaí san ábhar a bhíonn sa Chóiritheoir Cúnta, arna cheapadh agus arna mhionteagasc ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Déanann sé nó sí athbhreithniú agus molann feabhsuithe, mionchoigeartuithe nó malairtí ar an dréacht-scrúdpháipéar laistigh de sceideal ama arna stiúradh ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Cabhraíonn an Cóiritheoir Cúnta leis an Cóiritheoir ag gach céim sa phróiseas profaithe trí athbhreithniú measta agus léirmheas ar an dréacht tosaigh, agus ar gach profa ina dhiaidh de réir mar a iarrann an Cóiritheoir, a chur i láthair. Sa chás go n-éilítear é, cabhróidh an Cóiritheoir Cúnta leis an mionscrúdú ar an scrúdpháipéar sula gcuirtear i geló é agus leis an mionscrúdú ina dhiaidh freisin.

### **1.1.5 Aistritheoir**

Soláthraíonn an t-aistritheoir leagan cruinn Gaeilge den scrúdpháipéar. Bíonn sé nó sí freagrach as téacs a sholáthar a bhíonn cruinn agus chomh inrochtana céanna ag iarrthóirí agus a bhíonn an leagan Béarla. D'fhéadfadh go mbeadh ar an aistritheoir dul i gcomhairle nó bualadh leis an bPríomh-Scrúdaitheoir agus/nó an Cóiritheoir, go háirithe i gcásanna nach mbíonn aon saineolas ar leith ag an aistritheoir san ábhar. Cuireann sé nó sí cóip chrua agus cóip bhog chlósscríofa isteach, de réir mar a bhíonn comhaontaithe leis an bPríomh-Scrúdaitheoir.

### **1.1.6 Eagarthóir Gaeilge**

Soláthraíonn an tEagarthóir Gaeilge deimhniú ar cháilíocht na leaganacha Gaeilge de na scrúdpháipéir. Cinntíonn sé nó sí go mbíonn an leagan Gaeilge ina aistriúchán cruinn ar an leagan Béarla ina mionpháirteanna uile, go mbíonn inrochtaine na teanga a mbaintear úsáid aisti inchurtha lena bhfuil sa leagan Béarla agus go mbíonn an teanga oiriúnach do chumas léitheoireachta sprioclucht léite an pháipéir. D'fhéadfadh go mbeadh ar an Eagarthóir Gaeilge dul i gcomhairle nó bualadh leis an bPríomh-Scrúdaitheoir agus/nó an Cóiritheoir i gcomhair an ábhair, go háirithe i gcásanna nach mbíonn aon saineolas ar leith ag an Eagarthóir Gaeilge san ábhar. Soláthraíonn an tEagarthóir Gaeilge aiseolas ar cháilíocht obair an aistritheora freisin.

### **1.1.7 Ionadaithe Ollscoile**

I gcás scrúduithe na hArdteistiméireachta (bunaithe), tugtar cuireadh do gach ceann d'údaráis bhainistíochta Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) agus Ollscoil na hÉireann saineolaí amháin san ábhar a ainmniú. Breathnaíonn na hionadaithe ollscoile sin ar na dréacht-scrúdpháipéir agus na scéimeanna marcála ag céim sa phróiseas ullmhúcháin arna déanamh amach ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Is é ról na n-ionadaithe ná a dheimhniú d'údaráis na n-ollscoileanna go bhfuil na scrúduithe sásúil chun críocha máithreánacha. D'fhéadfadh a gcuid tuairimí a bheith cabhrach don Phríomh-Scrúdaitheoir agus don Cóiritheoir freisin agus an scrúdpháipéar agus an scéim mharcála á dtabhairt chun críche.

### **1.1.8 Ealaíontóirí Grafacha, Clóchuradóirí agus Brailleoirí**

I bhformhór na gcásanna, is é pearsanra CSS a thugann faoi scrúdpháipéir a chlóchur agus a leagan amach. I gcásanna áirithe, áfach, déantar conradh le healaíontóirí grafacha nó le gníomhairí seachtracha eile i gcomhair sainoibre. I gcás den sórt sin, pléann an Cóiritheoir leis an ngníomhaire seachtrach, faoi stiúradh an Phríomh-Scrúdaitheora.

## 1.2 Pearsanra – Samhail 1

*Formhór scrúdpháipéir na hArdteistiméireachta (bunaithe).*

Teideal an Phoist	Cur Síos ar an bPost
Príomh-Scrúdaitheoir	Glacann freagracht fhoriomlán as a bhfuil sa scrúdpháipéar, as a chaighdeán agus as a cháilíocht.
Dréachtóir	Soláthraíonn dréacht-scrúdpháipéar agus scéim mharcála imlíneach (in éineacht le réitigh de réir mar is cuí).
Cóiritheoir	Ullmhaíonn dréacht i gcomhair an chéad phrofaíthe, profaíonn páipéar ag céimeanna ina dhiaidh sin. Ullmhaíonn dréacht-scéim mharcála. Cuireann a s(h)íniú leis i gcomhair cló agus errata in éineacht leis an bPríomh-Scrúdaitheoir.
Ionadaithe Ollscoile	Oibríonn in áitreabh CSS. Cuireann tuairimí isteach i scríbhinn agus/nó buaileann le Príomh-Scrúdaitheoir agus le Cóiritheoir .
Painéal Ábhair	Príomh-Scrúdaitheoir agus Cóiritheoir agus, sa chás go n-éilítear é, Príomh-Scrúdaitheoir Tánaisteach ag céimeanna níos faide amach sa phróiseas.
Aistritheoir	Soláthraíonn leagan cruinn Gaeilge den cheistpháipéar. Cinntíonn go mbíonn téacs de réir an Chaighdeáin Oifigiúil. Cuireann cóip chrua agus chóip bhog isteach agus iad clóscríofa.
Eagarthóir Gaeilge	Soláthraíonn deimhniú ar cháilíocht na n-aistriúchán de réir mar a éilítear.
Príomh-Scrúdaitheoir Tánaisteach	Glacann páirt in oibríochtaí mionscrúdaithe agus errata de réir mar a éilítear.



## 1.3 Próiseas – Samhail 1

Uimh.	Céim	Gníomh
1	Dréacht	Mionteagascann an Príomh-Scrúdaitheoir an Dréachtóir, dréacht táirgthe de réir spriocdháta agus seoltar chuig CSS é. Faigheann Príomh-Scrúdaitheoir dréacht ó CSS agus déanann socruithe go gcuirfear cóip ar fáil don Cóiritheoir.
2	1ú Chruinniú Painéil	Buaileann an Príomh-Scrúdaitheoir leis an gCóiritheoir faoi cheann dhá sheachtain ón lá a mbíonn dréacht faighte acu beirt, díospóireacht déanta i leith an dréachta; ullmhaíonn an Cóiritheoir cóip ghlan i gcomhair 1 <sup>ú</sup> phrofaithe agus seolann chuig CSS í.
3	1ú Phrofú	Próiseálann CSS 1 <sup>ú</sup> profa agus seolann chuig an bPríomh-Scrúdaitheoir é. Seiceálann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir 1 <sup>ú</sup> profa. Leasaíonn an Cóiritheoir 1 <sup>ú</sup> profa de réir mar is cuí agus seolann chuig CSS é le haghaidh 2 <sup>ú</sup> profú. Iarrann an Cóiritheoir ar CSS aistriúchán a shocrú. Déanann an Príomh-Scrúdaitheoir socruithe le haghaidh tuairimí ionadaithe Ollscoile (Tuair. Ollsc).  De rogha air sin, d'fhéadfadh an Príomh-Scrúdaitheoir an t-aistriúchán agus nó Tuair. Ollsc. a chur ar athló go dtí céim 4.
4	2ú Profú; 2ú Cruinniú Painéil	Seolann CSS 2 <sup>ú</sup> profa den leagan Béarla (LB) agus dréachtleagan Gaeilge (LG) chuig an bPríomh-Scrúdaitheoir. Breithníonn an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir tuairimí Ollscoile, seiceálann 2 <sup>ú</sup> profa den LB agus dréacht-LG; téann i gcomhairle leis an Eagarthóir Gaeilge más gá. Leasaíonn LB agus LG de réir mar a éilítear agus déanann socruithe le haghaidh 3 <sup>ú</sup> profú ar an LB agus 1 <sup>ú</sup> phrofaithe ar an LG.
5	3ú Profú	Próiseálann CSS 3 <sup>ú</sup> profa den LB agus 1 <sup>ú</sup> profa den LG. Seiceálann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir iad sin agus cuireann LG i gcomparáid le LB. Déanann an Cóiritheoir leasuithe de réir mar is gá agus seolann iad lena gcur i gcló nó le go ndéanfar tuilleadh profaithe orthu.
6	Mionscrúdú roimh chló	Buaileann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir lena chéile lena gcead oifigiúil a thabhairt go gcuirfí profaí (LG agus LB) i gcló, agus cuireann siad a síniú leo. D'fhéadfadh baint a bheith ag an bPríomh-Scrúdaitheoir tánaisteach leis, má éilítear sin.
7	Mionscrúdú iarchló	Tar éis na priontála, buaileann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir lena chéile chun mionscrúdú a dhéanamh ar chóipeanna den LG agus den LB agus, más gá, téacs a mholadh lena chur sa liosta errata. Cuireann an bheirt acu a síniú leo.

\* I gcás ábhar áirithe, sa chás go mbíonn deacrachtaí teicniúla áirithe i gceist leis an scrúdháipéar a tháirgeadh, d'fhéadfadh sé tarlú nárbh ionann an próiseas agus a bhfuil thuas, de réir mar a ordáíonn an Príomh-Scrúdaitheoir.

## 1.4 Pearsanra – Samhail 2

*Scrúdpháipéir na hArdteistiméireachta Feidhmí, scrúdpháipéir an Teastais Shóisearaigh, agus líon beag de scrúdpháipéir ainmnithe de chuid na hArdteistiméireachta (bunaithe).*

Teideal an Phoist	Cur Síos ar an bPost
Príomh-Scrúdaitheoir	Glacann freagracht fhoriomlán as a bhfuil sa scrúdpháipéar, as a chaighdeán agus as a cháilíocht.
Dréachtóir	Táirgeann dréacht-scrúdpháipéar agus scéim mharcála imlíneach (in éineacht le réitigh de réir mar is cuí).
Cóiritheoir	Ullmhaíonn dréacht i gcomhair an chéad phrofaithe, profaíonn páipéar ag céimeanna ina dhiaidh sin. Ullmhaíonn dréacht-scéim mharcála. Cuireann a s(h)iniú leis i gcomhair cló agus errata in éineacht leis an bPríomh-Scrúdaitheoir.
Cóiritheoir Cúnta	Déanann staidéar ar an dréacht agus ullmhaíonn mionléirmheas; ullmhaíonn leasuithe nó ceistanna malartacha de réir mar a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Freastalaíonn ar chruinnithe painéil. Seiceálann profaí (LG agus LB); glacann páirt sa mhionscrúdú roimh chló agus sa mhionscrúdú iarchló.
Ionadaithe Ollscoile	Ardteistiméireacht bhunaithe amháin. Oibríonn in áitreabh CSS. Cuireann tuairimí isteach i scríbhinn agus/nó buaileann leis an Cóiritheoir.
Painéal Ábhair	Príomh-Scrúdaitheoir, Cóiritheoir agus Cóiritheoir Cúnta.
Aistritheoir	Soláthraíonn aistriúchán cruinn ar an gceistpháipéar. Cinntíonn go mbíonn téacs de réir an Chaighdeáin Oifigiúil. Cuireann cóip chrua agus chóip bhog isteach agus iad clóscríofa.
Eagarthóir Gaeilge	Soláthraíonn deimhniú ar cháilíocht na n-aistriúchán de réir mar a éilítear.

## 1.5 Próiseas – Samhail 2

Uimh.	Céim	Gníomh
1	Dréacht	Mionteagascann an Príomh-Scrúdaitheoir nó an Cóiritheoir an Dréachtóir (de réir mar a ordáíonn an Príomh-Scrúdaitheoir); dréacht táirgthe de réir spriocdháta agus seolta chuig CSS. Faigheann an Príomh-Scrúdaitheoir dréacht ó CSS agus déanann socruithe go gcuirfear cóipeanna ar fáil don Cóiritheoir agus don Chóiritheoir Cúnta.
2	1ú Chruinniú Painéil	Gairmeann an Príomh-Scrúdaitheoir cruinniú den Phainéal Ábhair faoi cheann seachtain amháin ón lá a mbíonn dréacht faighte ag an bpainéal agus feidhmíonn sé nó sí mar Chathaoirleach ar an gcruinniú. Díospóireacht déanta i leith an dréachta. Ullmhaíonn Cóiritheoir cóip ghlan i gcomhair 1ú profaithe.
3	1ú Phrofú	<p>Próiseálann CSS 1<sup>ú</sup> phrofa agus seolann chuig an gCóiritheoir Cúnta é. Seiceálann Cóiritheoir Cúnta 1<sup>ú</sup> phrofa. Seolann an Cóiritheoir Cúnta 1<sup>ú</sup> phrofa in éineacht le tuairimí chuig an gCóiritheoir. Seiceálann an Cóiritheoir an profa, breithníonn tuairimí ón gCóiritheoir Cúnta, leasaíonn profa de réir mar is cuí agus seolann chuig CSS le haghaidh 2<sup>ú</sup> profú. Iarrann an Cóiritheoir ar CSS an páipéar a sheoladh le haghaidh a aistriú. I gcás na hArdteistiméireachta (bunaithe), déanann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir socruithe le haghaidh tuairimí ionadaithe Ollscoile.</p> <p>De rogha air sin, d'fhéadfadh an Príomh-Scrúdaitheoir an t-aistriúchán agus/nó Tuair. Ollsc. a chur ar athló go dtí céim 4.</p>
4	2ú Profú	Seolann CSS 2 <sup>ú</sup> profa den leagan Béarla (LB) agus dréacht-leagan Gaeilge (LG) chuig Cóiritheoir Cúnta, a sheiceálann iad sin, a bhreithníonn na tuairimí Ollscoile (Ardteistiméireacht (bhunaithe) amháin) agus a chuireann gach rud ar aghaidh, in éineacht lena t(h)uairimí féin, chuig Cóiritheoir. Breithníonn an Cóiritheoir na tuairimí Ollscoile agus na tuairimí ón gCóiritheoir Cúnta agus seiceálann 2 <sup>ú</sup> profa den LB agus dréacht-LG; téann i gcomhairle le hEagarthóir Gaeilge más gá; leasaíonn an LB agus an LG de réir mar a éilítear agus seolann iad le haghaidh 3 <sup>ú</sup> profú ar an LB agus 1 <sup>ú</sup> phrofaíthe ar an LG.
5	3ú Profú	Seolann CSS an 3 <sup>ú</sup> profa den LB agus an 1 <sup>ú</sup> phrofa den LG chuig an gCóiritheoir. Buaileann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir lena chéile chun an 1 <sup>ú</sup> phrofa den LG agus 3 <sup>ú</sup> profa den LB a sheiceáil agus cuireann an LG i gcomparáid leis an LB. Déanann an Cóiritheoir leasuithe más gá sula seolann iad lena gcur i gcló nó le go ndéanfar tuilleadh profaithe orthu.
6	Cruinniú painéil: mionscrúdú roimh chló	Gairmeann an Príomh-Scrúdaitheoir cruinniú painéil agus feidhmíonn mar chathaoirleach ar an gcruinniú chun cead oifigiúil a thabhairt go gcuirfí profaí (LG agus LB) i gcló, agus lena s(h)íniú a chur leo.
7	Mionscrúdú iarchló	Déanann an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir (agus an Cóiritheoir Cúnta de réir mar is rogha leis an bPríomh-Scrúdaitheoir) mionscrúdú ar chóipeanna den LG agus den LB. Molann téacs le cur sa liosta errata, más gá. Cuireann siad ar fad a síniú leo.

\* I gcás ábhar áirithe, sa chás go mbíonn deacrachtaí teicniúla áirithe i gceist leis an scrúdpháipéar a tháirgeadh, d'fhéadfadh sé tarlú nárbh ionann an próiseas agus a bhfuil thuas, de réir mar a ordáíonn an Príomh-Scrúdaitheoir.

## 1.6 Leaganacha Gaeilge: Próiseas Aistriúcháin na Scrúdpháipéar

Uimh.	Céim	Gníomh
1	Profú 2 nó 3 den LB	Seolann CSS profa chuig aistritheoir lena sheoladh ar ais laistigh de thréimhse shocraithe i bhfoirm chóip chrua agus chóip bhog.
2	Dréacht	Téann an Príomh-Scrúdaitheoir/an Cóiritheoir (Samhail 1) nó an Cóiritheoir (Samhail 2) i gcomhairle le hEagarthóir Gaeilge le haghaidh deimhniú ar an gcáilíocht, lena n-áirítear Caighdeán, srl. Ullmhaíonn 1 <sup>ú</sup> phrofa den LG.
3	1 <sup>ú</sup> Phrofú	Tugann Príomh-Scrúdaitheoir agus Cóiritheoir (an dá shamhail) cead oifigiúil le haghaidh 2 <sup>ú</sup> Profú ar an dréacht/lena chur i gcló. Ní mór LG agus LB a chur i gcomparáid lena chéile.
4	2 <sup>ú</sup> Profú	Tugann Príomh-Scrúdaitheoir agus Cóiritheoir (Samhail 1) nó Cóiritheoir agus Cóiritheoir Cúnta (Samhail 2) cead oifigiúil le haghaidh 3 <sup>ú</sup> Profú ar an dréacht/lena chur i gcló. Ní mór LG agus LB a chur i gcomparáid lena chéile.
5	Cruinniú Painéil: mionscrúdú roimh chló	Is é seo an cruinniú ar tagraíodh dó ag céim 6 in ailt 1.3 agus 1.5 thuas.
6	Mionscrúdú iarchló	Is é seo an cruinniú ar tagraíodh dó ag céim 7 in ailt 1.3 agus 1.5 thuas.

Ar na pointí a bhfuil suntas le tabhairt dóibh tá:

- Sa chás gur gá, ba chóir don Phríomh-Scrúdaitheoir nó don Chóiritheoir bualadh leis an aistritheoir agus/nó leis an Eagarthóir Gaeilge agus iad a mhionteagasc maidir leis na riachtanais le haghaidh gach ceiste. Ag an gcruinniú sin, ba chóir don Phríomh-Scrúdaitheoir nó don Chóiritheoir a mhíniú gur baineadh úsáid as téarmaí teicniúla áirithe i mblianta roimhe agus, má bhíonn siad ceart, gur chóir úsáid a bhaint astu sa leagan atá idir lámha. Ba chóir úsáid an fhoclóra i gcomhair an ábhair a phlé ag an gcruinniú.
- An Caighdeán Oifigiúil / Niall Ó Dónaill: Glactar leis go ginearálta go dtagann Foclóir N. Uí Dhónaill in ionad an Chaighdeáin Oifigiúil. Mar shampla, luaitear sa riail maidir le “beirt” sa Chaighdeán Oifigiúil go dtagann foirm ainmneach uatha an ainmfhocail i ndiaidh “beirt”, cé go mbíonn foirm ghinideach iolra an ainmfhocail ag teacht i ndiaidh “beirt” ag Niall Ó Dónaill. Tá an gnás deireanach sin le leanúint mar sin.
- Bíonn an t-aistritheoir freagrach as téacs a sholáthar a bhíonn de réir an Chaighdeáin Oifigiúil agus Fhoclóir Niall Uí Dhónaill agus as a chinntiú go mbíonn gach téarma teicniúil a mbaintear úsáid as sna scrúdpháipéir dá réir siúd a fhaightear i bhfoclóirí ábhair arna n-eisiúint ag an nGúm nó ag an gCoiste Téarmaíochta. Baineann sé nó sí úsáid as na téarmaí teicniúla céanna ar baineadh úsáid astu in iar-scrúdpháipéir, (ar an gcoinníoll go mbíonn siad siúd ceart). Ní mór dó nó di téacs a sholáthar a bhíonn lán chomh inrochtana céanna lena bhfuil ar an leagan Béarla.
- Bíonn an Príomh-Scrúdaitheoir freagrach as cáilíocht leagan Béarla agus Gaeilge an pháipéar a chinntiú. Agus an fhreagracht sin á chomhlíonadh aige nó aici, d’fhéadfadh an Príomh-Scrúdaitheoir dul ar iontaoibh an aistritheora agus an Eagarthóra Gaeilge, go háirithe i ndáil le téarmaíocht a bhíonn sainiúil don ábhar.

## 1.7 Próiseas an Dréachtaithe

Agus an dréacht-scrúdpháipéar á chur le chéile aige nó aici, déanfaidh an Dréachtóir an méid seo a leanas:

- Páirt a ghlacadh i seisiún mionteagaisc/oiliúna.
- Raon toipicí agus ceisteanna a roghnú
  - a shásóidh aidhmeanna agus cuspoirí ábhartha an tsiollabais
  - a léireoidh ábhar an tsiollabais, de réir mar atá sainmhínithe sa siollabas foilsithe
  - a chuirfidh scrúduithe na mblianta roimhe, páipéir shamplacha agus athruithe leanúnacha sa chóras san áireamh.
- Taighde ar na toipicí roghnaithe agus bunachar sonraí d'ábhair agus d'fhoinsí ábhartha a choinneáil.
- Ceisteanna a chur le chéile
  - a bheidh de réir shonraíocht an scrúdaithe, (m.sh. freagra gearr, ilrogha, aiste, srl.) a bhfuil páipéir shamplacha, páipéir ó bhlianta roimhe, agus aon doiciméadacht oifigiúil a bhaineann leis an ábhar ina sampla ar an tsonraíocht sin.
  - a bheidh cruinn maidir le hábhar, le litriú, le húsáid teanga, le poncaíocht, le huimhriú. srl.
  - a bheidh soiléir, beacht, intuigthe ag iarrthóirí, agus ina mbaintear úsáid as téarmaíocht agus as teanga a fheileann don disciplín
  - a bheidh iontaofa (féach Caibidil 2)
  - a sholáthróidh leordhóthain difreála i leith raon cumais agus leibhéal chumais na n-iarrthóirí
  - is féidir a fhreagairt sa mhéid ama arna cheadú
  - a mbainfidh an leibhéal deacrachta céanna leo sa chás go mbíonn rogha ceisteanna ann
  - a bheidh saor ar chlaonbhá le haon ghrúpa iarrthóirí
  - ina seachnaítear steiréitíopaí inscne, aoise agus steiréitíopaí eile nach iad
  - a chuirfidh éagsúlacht chultúrtha san áireamh
  - a léireoidh leordhóthain athruithe ó bhliain go bliain
- Na graificí, grianghraif, léarscáileanna, staidéir cháis, sleachta, míreanna fístéipe riachtanacha, srl. i gcomhair an scrúdpháipéir agus na scéime marcála a fhoinsiú, a ullmhú nó a shonrú, lena n-áirítear mionsonraí ar fhoinsí sa chás gur cuí sin.
- Úsáid a bhaint as rúbricí<sup>3</sup> agus as formáidí ceiste atá caighdeánaithe de bharr a n-úsáide in iarpháipéir.
- Dréachtcheisteanna a sheiceáil i gcomórtas leis na seicliostaí arna soláthar (Aguisín 1).
- Cinntiú go mbeidh an ceistpháipéar cosúil ó thaobh éilimh lena raibh ann i mblianta roimhe (agus athruithe a ceadaíodh go hoifigiúil agus a fógraíodh go poiblí á gcur san áireamh).
- Scéim mharcála imlíneach a tháirgeadh, ag leithdháileadh marcanna ar cheisteanna, nó ar chodanna díobh, ag cur fad an scrúdaithe agus an méid ama a bhíonn ar fáil le gach ceist a fhreagairt san áireamh.

Sa chás go n-éilítear é, réitigh oibrithe, eiseamláirí, nó freagraí achoimrithe a sholáthar, agus na marcanna sannta dóibh, chun


- a dheimhniú go mbíonn an méid lena mbítear ag súil sna ceisteanna soiléir agus réasúnta
  - cruinneas ceisteanna a dheimhniú, m.sh. sa Mhatamataic, sa Chuntasóireacht, srl.
- An dréacht-scrúdpháipéar a chlósáil, más féidir, agus a chur faoi bhráid CSS ina chóip chrua agus ina chóip bhog, in éineacht le bunábhair ábhartha.

---

<sup>3</sup> Baintear úsáid as an téarma *rúbricí* sa lámhleabhar seo chun tagairt a dhéanamh do threoracha agus do threoirmhíreanna eile arna soláthar d'iarrthóirí ar na scrúdpháipéir.

- Gach réamhchúram riachtanach a dhéanamh chun na caighdeáin is airde a chinntiú maidir le rúndacht agus slándáil i leith na ndrucht-ábhar ag gach tráth, .i.:
  - gach uair a bhogtar na dréachtaí agus an áit a mbogtar chuige iad a thaifeadh
  - úsáid a bhaint as modhanna slána chun ábhair rúnda a thabhairt ó áit go háit, de réir mar a ordáítear
  - gach doiciméad a stóráil ar lámh shábhála agus an dréachtú ar siúl
  - gach nóta agus ábhar gaolmhar a scriosadh tar éis don dréacht a bheith curtha isteach
  - taifid a chur ar lámh shábhála le linn an phróisis dréachtaithe
  - cinntiú go scriostar gach taifead leictreonach go hiomlán tar éis don dréacht a bheith curtha isteach
- Gach spriocdháta comhaontaithe a chomhlíonadh.

Fíor 1: Sreabbchairt i gcomhair an Phróisis Dréachtaithe






## 1.8 Próiseas an Chóirithe

Agus an dréacht-scrúdháipéar á phróiseáil aige nó aici, déanfaidh an Cóiritheoir an méid seo a leanas:

- An Dréachtóir a mhionteagasc – má ordaíonn an Príomh-Scrúdaitheoir dó nó di amhlaidh a dhéanamh.
- An dréacht-scrúdháipéar (nó dréacht-scrúdháipéir) tosaigh a sheiceáil i gcomórtas le páipéar/páipéir iarbhair, páipéir shamplacha, ciorcláin ábhartha agus treoirlínte na mblianta roimhe lena chinntiú go mbíonn rúbricí, leithdháiltí marcanna, formáid agus leagan amach in ord agus in eagar.
- Na ceisteanna uile a sheiceáil i gcomórtas leis an siollabas lena chinntiú go dtagaíonn siad d'ábhar ar an gcúrsa reatha agus go ndéantar clúdach cothrom ar an gcúrsa.
- Gach ceist a sheiceáil lena chinntiú
  - go mbíonn sí feiliúnach ó thaobh aoise
  - go mbíonn sí feiliúnach mar cheist ar an leibhéal scrúdaithe atá i gceist
  - go mbíonn sí de réir shonraíocht an scrúdaithe (m.sh. freagra gearr, ilrogha, aiste)
  - go soláthraíonn sí leordhóthain difreála i leith raon agus leibhéal chumas na n-iarrthóirí
  - go gcuireann sí ar chumas scrúdaitheoirí idirdhealú a dhéanamh idir iarrthóirí go héifeachtach
  - go mbíonn sí cruinn (ábhar, litriú, teanga, poncaíocht, uimhriú, srl.)
  - go mbíonn sí iontaofa (féach caibidil 2)
  - go mbíonn sí neamhchlaonta agus cuimsitheach (féach caibidil 2)
  - go léirítear meas ar éagsúlacht chultúrtha inti
  - nach mbíonn sí ina údar masla nó míshuaímhnis d'iarrthóirí de thairbhe teanga nó ábhair mhífheiliúnaigh
  - go mbíonn sí curtha i bhfocail go soiléir
  - go dtugtar doimhneacht agus fairsinge an fhreagra atá á éileamh le fios go soiléir inti
  - go mbíonn sí sách difriúil le ceisteanna ar pháipéir na mblianta roimhe
  - gur féidir í a fhreagairt laistigh den mhéid ama arna leithdháileadh
  - nach dtagann sí trasna ar ceisteanna eile nó nach mbréagnaíonn sí ceisteanna eile ar an bpáipéar.
- Ábharthacht, oiriúnacht agus cáilíocht graificí, grianghraf, staidéar cáis, míreanna fístéipe, srl. a sheiceáil. Malairtí a fhoinsiú, a ullmhú nó a shonrú de réir mar a éilítear. Foinse ábhair faoi chóipcheart a admháil agus seiceáil a dhéanamh le Príomh-Scrúdaitheoir maidir le nósanna imeachta i leith cead úsáide a lorg.
- Ceisteanna malairte a chur le chéile, de réir mar a éilítear.
- Cinntiú go dtagann téacs na gceisteanna leis an ábhar ábhartha neamhthéacs (léaráidí, grianghraif, srl.)
- Cinntiú go mbíonn cothroime ó thaobh na gcaighdeán idir ceisteanna roghnacha sa pháipéar.
- Cinntiú go mbíonn an ceistpháipéar cosúil ó thaobh éilimh lena raibh ann i mblianta roimhe (agus athruithe a ceadáíodh go hoifigiúil agus a fógraíodh go poiblí á gcur san áireamh).
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe na bPainéal Ábhair.
- Iomlán shonraí chinntí chruinnithe na bPainéal Ábhair a thairfeadh.
- Ceisteanna a leasú agus/nó ceisteanna eile a chur ina n-ionad de réir mar a chomhaontaítear ag na cruinnithe painéil.
- Páipéar a chur chun bealaigh le haghaidh a phrofaíthe, a aistrithe agus le haghaidh tuairimí ollscoile de réir mar a ordaíonn an Príomh-Scrúdaitheoir.
- Bualadh le hionadaithe ollscoile, má éilítear sin.

- An ceistpháipeár a phrofléamh (LG agus LB araon) le cúnaimh an Chóiritheora Cúnta agus/nó an Phríomh-Scrúdaitheora ag gach céim den phróiseas táirgthe. Seiceáil go mion i gcomórtas leis an dréacht arna chomhaontú roimhe. LG a sheiceáil i gcoinne LB. Rúibriú a sheiceáil arís. Sa chás nach mbíonn iniúlacht leordhóthanach ag an gCóiritheoir chun freagracht iomlán a ghlacadh as an LG a phrofléamh, déanfaidh an Príomh-Scrúdaitheoir socruithe le haghaidh cúnaimh, de réir mar a éilítear.
- Agus an leagan Gaeilge á sheiceáil, tabhair aird chuí ar an méid seo a leanas:
  - Ba chóir an bhéim a bheith ar **leagan** Gaeilge a sholáthar, ní leagan nach bhfuil ann ach aistriúchán. Ní mór do na tascanna a mbeidh ar iarrthóirí tabhairt fúthu, agus an bealach ina gcuirtear i láthair ar an leagan Gaeilge iad, mar a bhreathnódh gnáthiarrthóir le Gaeilge orthu, a bheith ar chomhchéim leo siúd ar an leagan Béarla, mar a bhreathnódh iarrthóir le Béarla orthu.
  - D'fhéadfadh sé tarlú go gcuirfí isteach ar an mbunleagan Béarla de bharr leagan Gaeilge a bheith á sholáthar, agus seans nár mhór athruithe a dhéanamh ar an leagan Béarla dá bharr.
  - Ainneoin téarmaí teicniúla i nGaeilge, ní mór go gcuirfí leibhéal léitheoireachta na n-iarrthóirí san áireamh sa leagan Gaeilge.
  - Ní mór athruithe ar leagan amháin a chur i bhfeidhm ar an dá cheann ar an bpointe.
- Ceistanna mionathraithe a chur le chéile, ag dul i gcomhairle le speisialtóirí de réir mar a éilítear. An scrúdpháipeár mionathraithe a ullmhú, a phrofu agus síniú a chur leis.
- Dréacht-scéim mharcála mhionsonraithe a ullmhú i gcomhair an pháipéir:
  - scéim mharcála imlíneach a fhorbairt go mbeidh sí ina scéim mharcála oibre
  - dréacht-fhreagraí achoimrithe arna gcur isteach ag an Dréachtóir a sheiceáil, agus iad a fhorbairt nó freagraí eile a chur ina n-ionad de réir mar a éilítear.
  - úsáid a bhaint as an scéim mharcála chun na cuspóirí measúnachta atá á dtástáil ag gach ceist a shoiléiriú agus chun na freagraí a mbeifear ag súil leo a shoiléiriú.
- Mionscrúdú roimh chló agus mionscrúdú iarchló a dhéanamh ar pháipéir an LG agus an LB araon agus, más gá, téacs a mholadh lena chur sa Liosta Errata.
- Stádas na bpáipéar teagmhasach a sheiceáil agus a phróiseáil de réir mar a éilítear.
- Gach réamhchúram riachtanach a dhéanamh leis na caighdeáin is airde a chinntiú maidir le rúndacht agus slándáil i leith na ndrúcht-ábhar ag gach tráth:
  - gach uair a bhogtar na dréachtaí agus an áit a mbogtar chuige iad a thaifeadadh
  - úsáid a bhaint as modhanna slána chun ábhar rúnda a thabhairt ó áit go háit, de réir mar a ordáitear
  - gach doiciméad a stóráil ar lámh shábhála agus obair ar siúl
  - gach ábhar tacaíochta agus bunábhar ábhartha a thabhairt ar lámh don Phríomh-Scrúdaitheoir
  - gach nóta, srl. a scriosadh tar éis don phróiseas a bheith curtha i gcrích
  - taifid leictreonacha a chur ar lámh shábhála le linn an phróisis
  - cinntiú go scriostar gach taifead leictreonach go hiomlán tar éis don phróiseas a bheith curtha i gcrích
- Cinntiú go ndéantar gach céim den phróiseas Cóiritheoireachta de réir nósanna imeachta comhaontaithe agus laistigh den sceideal comhaontaithe ama.

Fíor 2: Sreabbchairt i gcomhair Phróiseas an Chóirithe



## **1.9 Cruinnithe na bPainéal Ábhair**

Is é feidhm an chruinnithe ná a chinntiú go gcomhlíonann an dréacht-scrúdpháipear agus an dréacht-scéim mharcála ceanglais na gcuspóirí measúnachta faoi mar atá leagtha amach sa siollabas agus go leanann siad do na príonsabail arna leagan amach sa lámhleabhar seo. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh an cruinniú in ann a dhearbhu go bhfuil na hábhair arna n-ullmhú ag an Cóiritheoir sásúil agus nach n-éilíonn siad ach beagán leasaithe, nó nach gá iad a leasú ar chor ar bith.

Ba chóir go mbeadh Cóiritheoirí agus Cóiritheoirí Cúnta sách ullmhaithe i gcomhair an chruinnithe. Sa chás go measann siad go n-éilíonn ceist áirithe leasú nó ceist eile ina hionad, ba chóir go mbeadh leasú beartaithe nó ceist ionaid ullmhaithe acu roimh ré, lena plé agus lena comhaontú ag an gcruinniú.

Sa chás go n-éilítear leasuithe, ní mór don Cóiritheoir a chinntiú go mbreithnítear iad go haireach. D'fhéadfadh an Príomh-Scrúdaitheoir éileamh ar Chóiritheoir ceisteanna nó codanna de cheisteanna a athdhreachtú ar uairibh. Ní mór iad siúd a ullmhú níos faide amach sa scéal agus ní mór dóibh a bheith ceadaithe ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Ní mór don Chóiritheoir taifid chruinne a choinneáil ar gach moladh arna chomhaontú ag cruinniú an Phainéal Ábhair. Ní mór leasuithe deiridh ar an scrúdpháipear agus ar an scéim mharcála a bheith curtha i gcrích faoin dáta arna chomhaontú idir an Príomh-Scrúdaitheoir agus an Cóiritheoir.

## 2. Slándáil agus Sláine

---

Tá eolas tábhachtach sa chaibidil seo a bhaineann le slándáil agus sláine an phróisis scrúdúcháin ar fad. Ba chóir do gach Cóiritheoir agus Cóiritheoir Cúnta an chaibidil seo a léamh go haireach *sula* dtosaíonn siad ar aon obair ar na scrúdpháipéir agus, go háirithe, sula lódálann siad aon chomhaid ina bhfuil ábhar a bhaineann leis na scrúduithe ar a gcuid ríomhairí, nó sula scruthaíonn siad aon chomhaid den sórt sin.

### 2.1 Saincheisteanna Eitice

An próiseas ina mbíonn ról ag múinteoirí chun cineál na gceisteanna a dhéanamh amach chun críocha teistiúcháin i Scrúduithe Stáit, leagann sé freagracht nach beag ar mhúinteoirí den sórt sin. Mar gheall ar an bhfreagracht mhór a bhaineann leis an ról, bíonn saincheisteanna eitice ann don mhúinteoir a bhíonn i gceist.

#### 2.1.1 Déacht na Ról

Is múinteoirí a chleachtann an cheird iad formhór na nDréachtóirí agus na gCóiritheoirí agus d'fhéadfaidís a bheith ag múineadh daltaí ag an leibhéal a bhfuil scrúdpháipéir á n-ullmhú acu ina chomhair. Bíonn sé fíorthábhachtach ról an mhúinteora agus ról an Dréachtóra nó an Chóiritheora a choinneáil glan amach óna chéile ag gach tráth. Sa chaoi go gcaomhnófaí prionsabal an chothromais idir iarrthóirí, ní ceadmhach go mbronnfadh ról an Dréachtóra nó an Chóiritheora aon bhuntáiste ar iarrthóirí áirithe. D'fhéadfadh coinbhleacht teacht chun cinn freisin i gcás iarrthóra a bheadh ag tabhairt faoi pháipéar arna ullmhú ag duine muinteartha leis nó léi. Chun prionsabal an chothromais idir iarrthóirí a dhearbhu, ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí a bheith fíormhionchúiseach agus iad ag cinntiú nach dtagann an méid a mhúintear ina gcuid ranganna faoi anáil thasc an dréachtaithe nó na cóiritheoireachta.

#### 2.1.2 Rúndacht

Bíonn sé fíorthábhachtach ó thaobh neamhspleáchas agus shláine an chórais scrúdúcháin nach eol do chomhghleacaithe, do dhaltáí, do bhaill den teaghlach nó do dhuine ar bith eile lasmuigh de CSS cé hiad na Dréachtóirí agus na Cóiritheoirí. Is ar an Dréachtóir nó ar an gCóiritheoir a bhíonn an dualgas an scéal a choinneáil amhlaidh.

#### 2.1.3 Cothroime

Ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí a chinntiú go mbíonn an scrúdpháipéar cothrom ar na hiarrthóirí ag an leibhéal atá i gceist ag gach tráth. Ní ceadmhach go mbeadh buntáiste nó míbhuntáiste ó thaobh ábhair ag iarrthóirí de bharr claonbhánna sa scrúdpháipéar. Ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí a chinntiú go mbíonn scrúdábhair neamhspleách ar théacsleabhair áirithe agus ar acmhainní eile teagaisc, agus nach mbronnann úsáid téacs nó acmhainn teagaisc áirithe buntáiste míchothrom ar dhaltáí a bhaineann úsáid as an acmhainn sin.

#### 2.1.4 Slándáil

Is ar na Dréachtóirí agus ar na Cóiritheoirí a bhíonn an fhreagracht as slándáil agus as rúndacht na ndrucht-scrúdábhar uile. Tharraingeodh sárú den sórt sin ar shlándáil míchlú ar shláine an chórais scrúdúcháin. Ní mór déanamh de réir na mbeart slándala arna leagan amach sa chuid atá fágtha den chaibidil seo go haireach.

### **2.1.5 Cóipcheart**

Luaitear san *Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000*, nach ionann sárú cóipchirt agus úsáid a bhaint as ábhar cóipchirt ar scrúdpháipéir. Ach má chuirtear an scrúdpháipéar ar fáil go poiblí ina dhiaidh, mar a dhéantar le gach scrúdpháipéar de chuid CSS, d'fhéadfadh sárú a bheith i gceist leis sin. Ba chóir nósanna cearta imeachta i gcomhair aitheantais agus/nó cead úsáide a leanúint mar sin.

Ní mór do Chóiritheoirí gach sonra ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cóipchirt a thairneadh agus sonraí den sórt sin a chur ar aghaidh chuig CSS. Réiteoidh sin an bóthar do CSS agus é ag plé le saincheistanna cóipchirt tar éis an scrúdaithe agus sula bhfoilsítear na scrúdpháipéir. Féach Aguisín 5 chun an sliocht ábhartha ón acht a fheiceáil.

### **2.1.6 Ionracas Gairmiúil**

Mar gheall ar an bhfreagracht a leagann an ról orthu, ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí a chinntiú nach n-úsáideann siad an post chun tairbhe mhór a bhaint as post an Dréachtóra nó an Chóiritheora. D'fhéadfadh obair áirithe, amhail a bheith ina (h)údar téacsanna, a bheith ag soláthar teagasc príobháideach, srl., neamhspleáchas agus ionracas phost an Dréachtóra nó an Chóiritheora a chur i mbaol. I ngach cás ina dtagann trasnaíl leasa den sórt sin chun cinn, ní mór don Dréachtóir nó don Chóiritheoir an scéal a chur in iúl do CSS. Chun sláine an phróisis scrúdúcháin a chaomhnú, d'fhéadfadh trasnaíl leasa den sórt sin cur ó chumas Dréachtóir nó Cóiritheoir glacadh le ceapachán i bpost den sórt sin.

### **2.1.7 Fógairt Leasa**

Ní mór don Dréachtóir, don Chóiritheoir, agus don Chóiritheoir Cúnta, sula dtosaíonn siad ar obair ar bith ar na scrúdábhair, aon leas gairmiúil nó pearsanta a bhaineann leis an obair áirithe sin a fhógairt go hiomlán do CSS. Is iad na réimsí atá cuimsithe san fhógairt sin ná:

- ainm(neacha) a linbh/leanaí, má bhíonn aon leanaí acu, atá ag freastal ar iarbhunscoil faoi láthair,
- na scoil(eanna) ar a bhfreastalaíonn an leanbh/na leanaí,
- na scrúduithe atá á dtógáil ag an leanbh/na leanaí sa seisiún reatha,
- teagasc príobháideach atá á sholáthar (má bhíonn aon teagasc den sórt sin á sholáthar) do dhaltaí iarbhunscoile,
- ceisteanna scrúdaithe a bheith á chóiriú acu (má bhíonn aon cheisteanna á gcóiriú acu) i gcomhair bord scrúdúcháin eile,
- sonraí aon téacsleabhair/téacsleabhar nó foilseacháin/foilseachán eile san ábhar arna scríobh acu.

## **2.2 Ábhair a Tharchur ar Láimh Shábhála**

Ba chóir go seolfaí scrúdábhair ar an bpost cláraithe ag gach céim sa phróiseas, agus úsáid á baint as na clúdaigh litreach speisialta a léiríonn ar ghabh duine dóibh, arna soláthar ag CSS. Ní mór na hadmhálacha a choinneáil i gcónaí chun teacht suas leis na hábhair a seoladh. Sa chás go mbíonn sé áisiúil, d'fhéadfaí socrúithe a dhéanamh i gcomhair seachadadh láimhe, le cead an Phríomh-Scrúdaitheora.

Níor chóir aon scrúdábhair a sheoladh ar an bhfacas nó ar an ríomhphost, nó a phlé ar an teileafón ag céim ar bith.

## 2.3 Ábhair Fhisiúla a Stóráil ar Láimh Shábhála

Ní mór gach ábhar a choinneáil ar láimh shábhála ag gach céim sa phróiseas. Ní mór na hábhair a choinneáil faoi ghlas sa chás nach bhfuiltear i mbun oibre orthu, agus níor chóir go mbeadh teacht ag aon duine eile ar an láthair sin. Níor chóir obair a dhéanamh ar na scrúdábhair ach in áit nach gcuireann gluaiseacht daoine eile isteach uirthi. Má bhítear i mbun fotachóipeála, ní mór a bheith san airdeall go mór lena chinntiú nach bhfágtar aon ábhair i do dhiaidh, agus go gcuirtear fuíollábhair de láimh i gceart.

Ní mór gach fuíollábhar arna chruthú le linn na hoibre a choinneáil in éineacht leis an scrúdpháipéar nó a chur de láimh ar bhealach slán. Ba chóir ábhair atá le scriosadh a dhó go hiomlán nó a mhiongharradh i stiallaire DIN leibhéal 3 (nó níos airde) (.i. trasgharrtha níos lú ná 3.9×50 mm nó gearrtha ina stiallacha níos lú ná 1.9 mm). De rogha air sin, féadtar fuíollábhar a sheoladh ar ais in éineacht leis na scrúdábhair chuig Aonad na gCeistpháipéar, arna mharcáil “lena chur de láimh ar bhealach slán”.

Tar éis don leagan deiridh den scrúdpháipéar agus den scéim mharcála a bheith curtha isteach, ba chóir don Chóiritheoir gach ábhar gaolmhar ábhartha, amhail bunábhair agus ceisteanna nár baineadh úsáid astu, a thabhairt ar láimh don Phríomh-Scrúdaitheoir. Ní mór gach ábhar a scriosadh ar bhealach slán ina dhiaidh sin. **Cuma an é an Cóiritheoir an Príomh-Scrúdaitheoir Comhairleach i gcomhair an ábhair chomh maith, ní ceadmhach cóipeanna crua ná cóipeanna boga de scrúdábhair a choinneáil ar chúinse ar bith.**

## 2.4 Ábhair Leictreonacha a Stóráil ar Láimh Shábhála

Éilíonn CSS ar gach Cóiritheoir agus Dréachtóir gach réamhchúram a dhéanamh chun slándáil scrúdpháipéar agus scéimeanna marcála a chaomhnú agus scéala a chur chuig CSS ar an bpointe más eol nó má bhítear in amhras faoi shárú slándála a d’fhéadfadh tarlú nó a bheith tarlaithe.

Tá líon na nDréachtóirí agus na gCóiritheoirí a ullmhaíonn scrúdábhair ar ríomhairí pearsanta ag dul i méid. Tagann ceisteanna breise nach beag ó thaobh slándála isteach sa scéal dá bharr, agus is minic nach mbíonn tuiscint iomlán ag an úsáideoir orthu. Ar an gcúis sin, ní mór na bearta slándála seo a leanas a chur i bhfeidhm. ***Ní beart roghnach ceann ar bith díobh seo, agus níor chóir go mbainfeadh aon Dréachtóir nó Cóiritheoir úsáid as ríomhaire agus scrúdábhair á n-ullmhú mura mbíonn na crua-earraí, na bogearraí agus an saineolas acu chun gach ceann de na bearta a leagtar amach a chur i bhfeidhm.***

### ■ An Ríomhaire Pearsanta agus a Thimpeallacht

Ba chóir go n-ullmhódh an Dréachtóir nó an Cóiritheoir scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála ina b(h)aile féin. Níor chóir úsáid a bhaint as ríomhairí lasmuigh den bhaile le haghaidh an taisc sin.

Ní mór bogearraí cosanta víris a bheith i bhfeidhm agus cothrom le dáta ina n-iomláine.

Níor chóir don ríomhaire a bheith nasctha leis an idirlíon ná le líonra logánta ag céim ar bith agus an gléas stórála ina bhfuil na scrúdábhair i bhfeidhm.

### ■ Meán Stórála

Níor chóir saothar atá idir lámha a stóráil ar an gcrua-thiomántán ach ba chóir é a shábháil ar mheán seachtrach ina áit sin, a bhíonn stóráilte ar láimh shábhála é féin in éineacht leis na hábhair fhisiúla eile sa chás nach mbíonn úsáid á baint as. Féadtar úsáid a bhaint as dioscaí flapacha, dioscaí Zip, gléasanna stórála USB, CD-RW, de réir mar a chomhaontaítear leis an bPríomh-Scrúdaitheoir.

## ■ Criptiú agus Scríosadh

Ba chóir go gcoinneodh gach Dréachtóir agus Cóiritheoir cuimhne ar an bhfíric NACH ionann comhaid a scríosadh amach ó chrua-thiomántán agus an bosca bruscair a fholmhú agus na sonraí a bheith curtha de lámh i gceart. Bíonn sainbhogearraí agus an saineolas le húsáid cheart a bhaint astu riachtanach. Thairis sin, ní sholáthraíonn cosaint phasfhocail agus duine á logáil isteach, agus an chosaint phasfhocail a bhíonn ar fáil agus comhaid MS Office á sábháil, leibhéal leordhóthanach slándála.

Dá réir sin, níl AON ábhair le stóráil ar chrua-thiomántáin ach amháin sa chás gur deimhin leis an bPríomh-Scrúdaitheoir

- go bhfuil sainbhogearraí criptiúcháin suiteáilte agus go bhfuil na prótacail atá riachtanach le húsáid a bhaint astu á leanúint, agus
- go bhfuil sainbhogearraí chun comhaid a scríosadh suiteáilte agus go bhfuil na prótacail atá riachtanach le húsáid a bhaint astu á leanúint.

Bíonn an cosc seo ar úsáid an chrua-thiomántáin infheidhme freisin i gcás sonraí atá á n-aistriú go sealadach chun an chrua-thiomántáin agus cóipeáil á déanamh chuig meáin inscortha agus ó mheáin inscortha.

Nóta: Ní sholáthraíonn CSS cruu-earraí, bogearraí ná tacaíocht theicniúil do Dhréachtóirí ná do Chóiritheoirí.

## 2.5 Leaganacha Deiridh d'Ábhair a Chur Isteach

Ba chóir do Chóiritheoirí seiceáil a dhéanamh leis an bPríomh-Scrúdaitheoir an é cóip chrua amháin nó cóip chrua agus cóip bhog a éilítear nuair a bhíonn scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála á gcur isteach. Bíonn sé fíorthábhachtach go dtéann Dréachtóirí agus Cóiritheoirí i gcomhairle leis an bPríomh-Scrúdaitheoir ag céim luath sa phróiseas chun a chinntiú go mbíonn pacáistí bogearraí a mbaintear úsáid astu agus an scrúdpháipéar á tháirgeadh, comhoiriúnach. Ní mór dóibh orduithe an Phríomh-Scrúdaitheora a leanúint maidir leis an bpacáiste bogearraí (agus uimhir an leagain) a bhfuil úsáid le baint as.

Sa chaoi go seachnófaí fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú ó thaobh comhoiriúnacht bogearraí nó cáilíocht táirgthe amach sa scéal, d'fhéadfadh an Príomh-Scrúdaitheoir éileamh ar an Dréachtóir agus ar an gCóiritheoir ábhair shamplacha a chur isteach sula dtosaítear ar an obair. Ní mór go gcinnteodh saothar samplach den sórt sin don Phríomh-Scrúdaitheoir go bhfuil an Cóiritheoir inniúil ar an bpáipéar a fhoráidíú agus a leagan amach de réir an chaighdeáin is gá.

Tar éis don leagan deiridh den scrúdpháipéar agus den scéim mharcála a bheith curtha isteach, ba chóir don Chóiritheoir a dheimhniú go mbíonn na hábhair faighte agus gur éirigh le CSS an chóip bhog a lódáil. Ba chóir dó nó di gach comhad ríomhaire a bhaineann le hábhair a scríosadh ar bhealach slán ansin. **Cuma an é an Cóiritheoir an Príomh-Scrúdaitheoir Comhairleach i gcomhair an ábhair chomh maith, ní ceadmhach cóipeanna cruu nó cóipeanna boga de scrúdábhair a choinneáil ar chúinse ar bith.**



**Caibidil 3****3. Prionsabail Mheasúnachta**

Leagtar cuid de na prionsabail amach sa chaibidil seo atá mar bhonn is mar thaca ag an mbealach ina gcuirtear scrúdpháipéir agus ionstraim thástála eile le chéile agus i bhfeidhm.

**3.1 Bailíocht**

*Tagraíonn bailíocht don chruinneas lena dtomhaiseann scrúdpháipéar an méid atá sé ceaptha a thomhas.*

Is é feidhm Scrúduithe Teastais an Stáit ná an méid is atá cuspóirí an tsiollabais ábhartha comhlíonta ag gach iarrthóir, a thomhais, chun taifead oifigiúil a sholáthar ar leibhéal an mhéid a bhain an t-iarrthóir amach agus na cuspóirí sin á gcomhlíonadh aige nó aici. Ní mór go léireodh an scrúdpháipéar agus an scéim mharcála aidhmeanna, cuspóirí agus ábhar an tsiollabais oifigiúil fhoilsithe mar sin. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur mó a bhíonn i gceist leis an mbailíocht thar díreach a chinntiú go gclúdaítear *ábhar* an tsiollabais sa pháipéar sa choibhneas ceart; ní mór a chinntiú go bhfuil na *cineálacha scileanna* is a beartaíodh á dtástáil freisin.

Ní mór don mhéid atá i gceist leis an ábhar i ngach ceist a bheith faoi chuimsiú raon an ábhair arna leagan amach sa siollabas. Ní féidir éileamh ar iarrthóirí ach eolas agus tuiscint ar an méid atá i gceist leis an ábhar a thaispeáint, nó scileanna a léiriú, a thagann leis an méid den ábhar a sonraíodh sa siollabas.

Ní mór go mbeadh an scrúdú curtha le chéile sa chaoi go laghdófar an tionchar a bhíonn ag scileanna fo-ghabhálacha ar an mbealach ina bhfeidhmíonn iarrthóirí – scileanna nach bhfuiltear ag díriú orthu mar chuid den mheasúnacht. Ba chóir go mbeadh an scrúdú curtha i láthair faoi chuimsiú na formáide comhaontaithe agus ar leibhéal ó thaobh stíl teanga, ábhair agus soiléireachta a oireann d’aois agus do chumas na n-iarrthóirí atáthar a scrúdú. Mura bhfuiltear ag díriú ar a sciobtha is a fhreagraíonn iarrthóirí na ceisteanna mar chuid d’fhócas na measúnachta go sonrach, ba chóir go mbeadh formhór na n-iarrthóirí in ann an scrúdú a chur i gcrích laistigh den mhéid ama atá leagtha síos.

Ní féidir bailíocht scrúdpháipéir a bhreithniú go hiomlán, glan neamhspleách ar an scéim mharcála. Ní mór an scéim a fhorbairt in éineacht leis an bpáipéar, ionas go mbeifear in ann a fheiceáil roimh ré, nuair a bheidh an scrúdú curtha i bhfeidhm, go ndéanfaidh an scrúdú amach céard atá i gceist leis na forthorthaí comhaontaithe a bhaint amach, go dtomhaisfidh sé líon na bhforthorthaí sin arna mbaint amach agus go mbronnfaidh sé luach saothair agus na forthorthaí comhaontaithe sin bainte amach.

Is é príomhchuspóir an Dréachtóra, an Chóiritheora, agus an Chóiritheora Cúnta, faoi stiúradh an Phríomh-Scrúdaitheora, an scrúdpháipéar/na scrúdpháipéir agus an scéim/na scéimeanna marcála a ullmhú laistigh de na paraiméadair thuas chun bailíocht a chinntiú.

## 3.2 Iontaofacht

*Tagraíonn an iontaofacht don mhéid agus is féidir le duine a bheith cinnte go dtugann na torthaí arna dtáirgeadh ag scrúdú léargas fírinneach ar chúrsaí nó do a leanúnaí is atá na torthaí sin.*

Is í an bhuncheist a dtugtar aghaidh uirthi agus iontaofacht faoi thrácht ná é seo: cé chomh muiníneach agus is féidir linn a bheith nach n-athróidh an scór arna bhaint amach ag iarrthóir áirithe, má athraímid mionghnéithe éagsúla den scrúdú? Is éard atá i mionghné sa chomhthéacs seo ná ceann nach mbaineann go díreach leis an méid atáimid ag iarraidh a thomhas.

Mar shampla, an bhfuilimid muiníneach go bhfaighidh an t-iarrthóir scór cosúil leis an gceann a fuair sé nó sí má mharcálann scrúdaitheoir difriúil an script? An bhfuilimid muiníneach go bhfaighidh an t-iarrthóir scór cosúil leis an gceann a fuair sé nó sí cuma cén cheist roghnach áirithe a roghnaíonn sé nó sí? An bhfuilimid muiníneach go bhfaighidh an t-iarrthóir scór cosúil leis an gceann a fuair sé nó sí má roghnaímid é nó í a thástáil ar shampla difriúil den ábhar? An bhfuilimid muiníneach go bhfaighidh an t-iarrthóir an scór céanna cuma cén teanga ina bhfuil an páipéar a thógann sé nó sí scríofa?

Ní bhíonn smacht acu siúd a mbíonn baint acu le hobair ullmhúcháin na bpáipéar ar roinnt de na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar iontaofacht scrúdaithe. Samplaí díobh siúd ná neamhréireanna ó thaobh mar a riartar an scrúdú, amhail torann lasmuigh de halla scrúdúcháin. Tá go leor gnéithe de phróiseas ullmhúcháin na scrúdpháipéar ar féidir leo tionchar nach beag a imirt ar chúrsaí iontaofachta áfach. Go deimhin, beidh tionchar ag beagnach gach ceann de na saincheistanna cáilíochta eile lenar pléadh sa lámhleabhar seo ar chúrsaí iontaofachta freisin – leibhéal na deacrachta, an t-idirdhealú, an inléiteacht, an claonbhá cultúir nó inscne, castacht stíl na teanga. Tabhair faoi deara gurb amhlaidh nach mbíonn roinnt gnéithe neamhspleách ar cháilíocht an scrúdpháipéir, cé go mbíonn a chuma sin orthu. Mar shampla, d’fhéadfadh an leanúnachas a bhaineann leis an mbealach is féidir le scrúdaitheoirí scéim mharcála a chur i bhfeidhm brath cuid mhór ar an gcúram a caitheadh leis an gceist a eagrú ar an gcéad dul síos.

Tabhair faoi deara go dtugtar ceist nach beag ó thaobh na hiontaofachta isteach i dteist a luaithe is a bhíonn rogha *ar bith* le fáil ar scrúdpháipéar. Is é an chaoi go mbíonn iarrthóirí a roghnaíonn roghanna difriúla ag tabhairt faoi scrúdpháipéir dhifriúla. Cuireann sé sin dualgas orainn a chinntiú go mbíonn cineálacha uile sin na tástála comhthreomhar. Ní mór céimeanna a thógáil chun coithroime ó thaobh na gcaighdeán idir na ceistanna roghnacha agus a gcuid scéimeanna marcála a chinntiú.

## 3.3 Saoirse ó Chlaonbhá

*Sa chomhthéacs seo, is éard atá i gceist le claonbhá ná tréith éigin a bheith ag baint le ceist i scrúdú a fhágann go bhfeidhmíonn iarrthóirí a bhfuil an cumas céanna iontu, ach a thagann ó ghrúpaí difriúla eitneacha, gnéasacha, cultúir nó creidimh, ar bhealach difreálach.*

D’fhéadfadh ceistanna aonair, nó scrúduithe iomlána, leibhéal difriúla feidhmíochta a fháil ó chatagóirí difriúla den sprioc-lucht léite, amhail cailíní agus buachaillí, grúpaí teangacha difriúla, nó iarrthóirí uirbeacha agus tuaithe. Tharlódh sé go bhféadfadh go mbeadh nó nach mbeadh feidhmíocht dhifreálach den sórt sin de thoradh claonbhá sa mhír/sna míreanna tástála atá i gceist. D’fhéadfadh gurb amhlaidh a bhaineann leibhéal ghnóthachtála fhíordhifriúla leis na catagóirí difriúla iarrthóirí maidir leis an siollabas atá i gceist, ach i ngach cás inar tugadh feidhmíocht dhifreálach faoi deara, ba chóir an mhír a scrúdú féachaint an mbaineann claonbhá léi. (Féach aguisín 1).

Tagtar ar fhadhbanna éagsúla le míreanna tástála, lena n-áirítear claonbhá, in go leor cineálacha measúnachta ar chéim na trialach tástála. I gcás Scrúduithe Teastais an Stáit, áfach, níl trial

tástála den sórt sin indéanta faoi láthair. Dá ainneoin sin, is féidir le scrúdú a dhéantar ar fheidhmíocht dhifreálach ar mhíreanna i scrúduithe roimhe sin a bheith luachmhar, óir gur féidir go mbeadh tuiscint ag duine ar dheacrachtaí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo de bharr an chúis leis an bhfeidhmíocht dhifreálach sin a bheith aitheanta.

Is minic is féidir míreanna *ar dócha* claonbhá a bheith i gceist leo a aithint roimh ré, má bhíonn tuiscint ag na daoine a bhíonn ag dearadh na míreanna agus ag déanamh athbhreithniú orthu ar dhifriúcháin sna bealaí ina dtaithíonn foghrúpaí difriúla iarrthóirí an saol. Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná do mhachnamh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an comhthéacs, stíl teanga, samplaí agus pictiúir á n-úsáid sa chaoi go mbeadh brí níos mó ag an tasc do ghrúpa amháin d'iarrthóirí thar ghrúpa eile.

### 3.4 Uilechuimsitheacht & Cothromas

*Tá sé de cheart ag gach duine sa tsochaí go gcaithfí lena bhféiniúlacht le meas cothrom. Ba chóir go léireofaí dearcadh uilechuimsitheach ar an tsochaí sna tascanna a dhéanann scrúdú, an stíl teanga ina gcuirtear i láthair iad agus in aon ábhar léiriúcháin a bhaineann le hábhar.*

Fíú má bhíonn míreanna tástála saor ó chlaonbhá ó thaobh na bhforthorthaí feidhmíochta, ní ionann sin is a rá go bhfuil siad inghlactha. Cuma faoi fheidhmíocht dhifreálach idir foghrúpaí, ba chóir gach scrúdú a sheiceáil lena chinntiú go léirítear cothroime chuí inscne, chreidimh, chultúir, shocheacnamaíochta srl. iontu. Ó thaobh inscne mar shampla, bíonn níos mó i gceist ná díreach líon na dtagairtí d'fhir agus do mhná a chomhaireamh. Ní mór do dhuine cuimhneamh ar chineál na gníomhaíochtaí a mbíonn na daoine sin ina mbun agus ar na dearcaí a léiríonn siad, agus cinneadh a dhéanamh an léiríonn na gníomhaíochtaí agus na dearcaí sin steiréitíopaí míchuí.

Chun a chinntiú go mbreithnítear claonbhá, cothromas agus cothroime na ceiste go sásúil, tá sé tábhachtach am a thógáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scrúdú ar fad, mír ar mhír, na nithe sin amháin á seiceáil, .i. gan gné éigin eile a bheith á seiceáil ag an am céanna, amháin an ghramadach. Soláthraítear seicliostaí in Aguisín 1 i gcomhair dhá réimse ar leith: cothromas inscne agus cothromas cultúir, cine agus creidimh.

### 3.5 Difreáil agus Idirdealú

*Tagraíonn difreáil do dheiseanna a sholáthraítear d'iarrthóirí feadh raon na gnóthachtála leis an méid atá ar eolas acu, an méid a thuigeann siad agus an méid is féidir leo a dhéanamh, a léiriú.*

Is féidir difreáil a bhaint amach trí fhorthoradh (freagraíonn iarrthóirí difriúla don tasc céanna ar leibhéal inaitheanta dhifriúla) agus trí thasc (éiríonn le hiarrthóirí áirithe tascanna a chuirtear ina láthair ar leibhéal dhifriúla a dhéanamh, nó ní éiríonn leo). Sampla den chéad chur chuige ná ceist a iarrann ar iarrthóirí tuairim a thabhairt faoi a oiriúnaí is atá teidil ar shliocht próis. D'fhéadfadh iarrthóirí lena mbaineann raon leathan de chumais tabhairt faoi cheist den sórt sin, ach beidh leibhéal na freagartha ó na hiarrthóirí sin difriúil ó thaobh a cháilíochta. Ar an gcaoi sin, tá deis á soláthar do gach iarrthóir leis an méid a bhain siad amach a léiriú, ach déanann an mhír thástála idirdhealú go fóill (féach thíos).

Sampla den dara cineál difreála ná ceist arna roinnt ina lán fochodanna, fochodanna a théann i ndeacracht. Ar an gcoinníoll go gcuirtear na codanna éagsúla i láthair ar bhealach cuí, tá deis á tabhairt arís d'iarrthóirí an t-eolas nó an scil a bhaineann le hábhar a léiriú, agus baintear idirdhealú amach go fóill. Rud atá ina shampla den idirdhealú trí thasc freisin ná scrúdpháipéir a bheith á soláthar ar leibhéal dhifriúla.

Is féidir úsáid a bhaint as an dá chur chuige ó thús go deireadh páipéir. Cuma faoi raon an chumais ar a bhfuiltear ag díriú i gceist áirithe, áfach, ní mór go gcomhlíonfadh an stíl teanga a mbaintear úsáid aisti na caighdeáin arda chéanna.

***Is éard atá i gceist le hidirdhealú ná a mhéid is a dhéanann ceist aonair, nó an scrúdú ina iomláine, idirdhealú éifeachtach idir iarrthóirí a bhfuil bunleibhéil dhifriúla acu ó thaobh an méid a bhaineann siad amach.***

Mar shampla, sa chás simplí maidir le freagraí cearta/míchearta, is bocht mar a dhéantar idirdhealú le ceisteanna a dtugann formhór mór na n-iarrthóirí freagra ceart uirthi, nó a dtugann formhór mór na n-iarrthóirí freagra mícheart uirthi. Is é an dá mhar a chéile é i gcás ceisteanna nach gá gurb iad na hiarrthóirí a thugann freagra ceart orthu na hiarrthóirí is fearr.

Agus é á chur san áireamh go gcuirtear marcanna i gcatagóirí ina mbandaí marcála chun críocha tuarascála, is léir, chun idirdhealú a dhéanamh go héifeachtach, nach mór na marcanna sa scrúdú nó sa chomhpháirt a bheith spréite amach ar bhealach oiriúnach feadh raon na marcanna atá ar fáil. Ní mór go mbeadh scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála curtha le chéile mar sin sa chaoi go réiteofaí an bóthar i gcomhair spré den sórt sin.

## 4. Ceisteanna a Scríobh

---

Leagtar roinnt prionsabal tábhachtach amach sa chaibidil seo a rialaíonn an bealach a ullmhaítear scrúdpháipéir agus ceisteanna scrúdaithe. Cuirtear síos inti ar shaintréithe suaithinseacha chineálacha difriúla na gceisteanna agus léirítear inti, trí shamplaí, bealaí is féidir scrúdpháipéir a chur i láthair sa tslí is soiléire is féidir.

Tá sé tábhachtach a aithint nach mbeidh gach ábhar mar a chéile ó thaobh a mhéad a oirfidh cuid de na treoirlínte a thugtar sa chaibidil seo dóibh. Táthar ag súil, áfach, go gcuirfear le cáilíocht na scrúduithe uile trí na treoirlínte a chur ar fáil do Dhréachtóirí, do Chóiritheoirí agus do Chóiritheoirí Cúnta, agus go ndéanfar feabhsú ar na scrúduithe ó thaobh a inrochtaine is a bhíonn siad ag na hiarrthóirí ar fad.

Ba chóir go gcuimseofaí raon iomlán na gcuspóirí measúnachta sa scrúdú agus go ndéanfaí dáileadh mar is ceart ar ábhar iomlán an tsiollabais ann, ag fanacht amach, ag an am céanna, ón iomarca ceisteanna a bheith sa pháipéar a d'fhéadfaí a thuar roimh ré. ***Ní mór aon athrú ar fhormáid nó ar struchtúr an scrúdpháipéir nó ar aon chuid dá chuid fo-ranna a phlé go mion leis an bPríomh-Scrúdaitheoir.***

### 4.1 Prionsabail Ghinearálta i gcomhair Ceisteanna Scríbhneoireachta

Is iad na prionsabail atá mar bhonn is mar thaca le hobair ullmhúcháin dréacht-scrúdpháipéar in ábhar ar bith ná:

- gaol cuí a choinneáil idir an scrúdú agus an siollabas, agus cuimhne á coinneáil ar shrianta an scrúdaithe:
  - ní mór do gach ceist nó tasc a bheith faoi chuimsiú an tsiollabais fhoilsithe, gan aon doiléire a bheith i gceist sa mhéid sin
  - ba chóir go mbeadh na ceisteanna dailte go cuí thar ábhar an tsiollabais
  - ba chóir go léireodh na ceisteanna cuspóirí measúnachta an tsiollabais maidir le cineálacha an eolais agus na scileanna a éilítear.
- úsáid a bhaint as stíl shoiléir neamh-dhébhrioch teanga, a oireann don disciplín agus don chéim ag a bhfuil na hiarrthóirí ó thaobh a bhforbartha.
- cothroime ó thaobh na gcaighdeán idir ceisteanna roghnacha sa pháipéar.
- fanacht amach ón iomarca rogha a bheith sa pháipéar
- marcanna leithroinnte go cothrom ar cheisteanna nó ar chodanna díobh
- cloí le rúibricí agus le formáidí ceisteanna atá caighdeánaithe de bharr a n-úsáide go minic i bpáipéir roimhe seo
- an méid a éilítear sna ceisteanna a bheith ag teacht leis an méid ama a bhíonn ar fáil
- cloí leis na prionsabail mheasúnachta arna leagan amach i gCaibidil 3.

## 4.2 Cineálacha Ceisteanna

***Cabhróidh tuiscint ar na cineálacha difriúla ceisteanna, in éineacht le machnamh a bheith déanta ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a ghabhann leo, le raon cuí formáidí ceisteanna a roghnú le haghaidh feidhm ar leith.***

Tá dhá chatagóir ghinearálta de chineálacha ceisteanna ann: freagairt roghnaithe, agus freagairt chumtha.

Cuirtear roinnt roghanna i láthair an iarrthóra i gcás ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe, agus ní mór don iarrthóir ceann a roghnú as a measc siúd. Áirítear ceisteanna ilroghnacha, ceisteanna ‘fíor/bréagach’, agus ceisteanna ina n-iarrtar ar iarrthóir míreanna a mheaitseálann chéile a thoghadh, sa chatagóir seo.

Baineann roinnt buntáistí le ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe:

- Is féidir iad a scóráil go cruinn iontaofa
- Is féidir idir fhreagra agus scór a thabhairt orthu go sciobtha, agus is féidir i bhfad níos mó míreanna a chur isteach dá thoradh sin, rud a fhágann gur féidir réimse níos leithne den chúrsa a chlúdach ná mar is féidir sa chás nach mbeadh ann ach ceisteanna de chineál aiste, ceisteanna lena ngabhann freagairt fhada nó tascanna ina n-iarrtar ar iarrthóir rud a dhéanamh.

Ach baineann roinnt míbhuntáistí suntasacha leo freisin:

- Bíonn sé i bhfad níos éasca séitéireacht a dhéanamh i gcás ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe – go háirithe cineálacha ilroghnacha agus ‘fíor/bréagach’
- Is deacair deireadh a chur leis an tionchar a bhíonn ag an ‘mbuille faoi thuairim’ a thugtar, ar scóir
- Bíonn sé níos deacra ceisteanna bailí lena ngabhann freagairt roghnaithe a dhearadh ná mar is léir do dhuine ar dtús – is iomaí gaiste a bhíonn roimh dhuine
- Is deacair ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe a chur le chéile a thástálann scileanna ar leibhéal níos airde maidir le smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna.
- Bíonn an claonadh ann go mbíonn éifeacht dhiúltach ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim má bhaintear an iomarca úsáide as ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe; fágann sé go mbíonn daltaí ag caitheamh cuid mhór ama ag cleachtadh míreanna den sórt sin, agus gur minic a bhíonn bealaí foghlama is oiriúnaí ó thaobh scileanna ar leibhéal níos airde a fhorbairt, thíos leis.

Bíonn míreanna lena ngabhann freagra gearr, ina mbíonn ar an iarrthóir focal nó abairtín a sholáthar (m.sh. tástáil dúnta), san áireamh i gceisteanna lena ngabhann freagairt chumtha, chomh maith le ceisteanna de chineál aiste, ina mbíonn ar an iarrthóir alt nó píosa téacs níos faide a sholáthar. Bíonn ceisteanna eile san áireamh i gceisteanna lena ngabhann freagairt chumtha freisin, mar shampla, ceisteanna ina mbíonn ar iarrthóir réiteach fadaithe ar fhadhb mhatamaitice a tháirgeadh, léaráid le lipéid a tharraingt, nó imlíne dearaidh nó scéimléaráid chóimeála a tharraingt agus an dearadh nó an scéimléaráid chóimeála a scitseáil.

Móran malairt na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a liostaíodh i gcomhair ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe thuas is ea buntáistí agus míbhuntáistí na gceisteanna scríofa lena ngabhann freagairt chumtha. Ar na buntáistí, áirítear:

- go mbíonn sé níos deacra séitéireacht a dhéanamh ná mar is féidir le ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe.
- go bíonn sé níos éasca an tionchar a bhíonn ag an ‘mbuille faoi thuairim’ a thugtar, ar scóir a rialú.

- gur éasca mar a réitíonn siad an bóthar do scileanna ar leibhéal níos airde a bheith á dtástáil.

Ar na míbhuntáistí, áirítear:

- go mbíonn sé níos deacra scóráil chruinn iontaofa a bhaint amach
- i gcás ceisteanna atá níos faide, go leagann an méid ama a éilítear chun na freagraí a scríobh teorainn ar líon na gceisteanna agus ar an méid d'ábhar an tsiollabais a chlúdaítear dá réir.

Má bhíonn ceisteanna lena ngabhann freagairtí roghnaithe agus freagairtí cumtha araon i scrúdú, is gnách gur fearr díriú ar na scileanna ar leibhéal níos ísle leis an gcéad chineál agus díriú ar na scileanna ar leibhéal níos airde leis an gcinéal deiridh. Más míreanna lena ngabhann freagairtí cumtha amháin a bhíonn i scrúdú, bíonn sé tábhachtach mar sin go mbíonn cothroime chúí sna míreanna sin idir na scileanna éagsúla atá le tástáil.

Bíonn sé deacair roinnt cuspóirí den siollabas a thástáil i scrúdú scríofa. Éascaíonn tascanna ina n-iarrtar ar dhuine rud a dhéanamh, lena n-áirítear scrúduithe praiticiúla agus obair an chúrsa, le gníomhaíochtaí casta a thástáil i suímh réalaíocha. Cuirtear tascanna den sórt sin i gcatagóir na míreanna lena ngabhann freagairt chumtha de ghnáth, ach baineann a gcuid saintréithe breise féin leo. Is minic a bhíonn roinnt céimeanna iontu, agus go n-éilítear ar na hiarrthóirí an tasc a shoiléiriú, úsáid a bhaint as a gcuid gaoise féin, pleanáil agus taighde a dhéanamh, srl. Mar gheall air sin, is féidir leo measúnú fíorbhail a dhéanamh ar chuspóirí siollabais a bhíonn deacair nó dodhéanta le measúnú ar bhealaí eile. Ag brath ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu agus d'fhéadfadh fadhbanna suntasacha ó thaobh iontaofachta a bheith i gceist leo. Mar gheall ar an méid sínte ama a éilítear chun tasc ina n-iarrtar ar iarrthóirí rud a dhéanamh a chur i gcrích, ní gnách go mbítear in ann ábhar a thástáil ar bhealach cuimsitheach.

### 4.3 Inléiteacht – Éifeacht ó thaobh Amhairc

Féadann formáid agus leagan amach an pháipéir agus ceisteanna aonair tionchar nach beag a imirt ar fheidhmíocht an iarrthóra. Nuair a bhíonn leagan amach ginearálta an pháipéir tarraingteach agus an fhaisnéis curtha i láthair go soiléir agus iarrastóirí ag oscailt an pháipéir den chéad uair, cabhraíonn páipéar dá leithéid lena néaróga a shuaimhniú agus le misneach a thabhairt dóibh. Agus iad ag breathnú níos grinne ar an bpáipéar, má bhíonn faisnéis agus teoracha curtha i láthair ar bhealach soiléir tarraingteach, cabhraítear leo an fhaisnéis ar an leathanach a thógáil isteach. Níor chóir go gcuirfeadh an bealach ina gcuirtear faisnéis i dtuiscint do na hiarrthóirí leis na deacrachtaí a bhaineann leis an eolas agus leis na scileanna atá á measúnú a léiriú.

Níor chóir do dhuine beag is fiú a dhéanamh den tionchar diúltach a d'fhéadfaí a imirt ar iarrthóirí má chuirtear páipéar ina láthair i bhformáid a bhfuil cuma an-difriúil uirthi lena rabhthas ag súil, fiú má bhíonn a leithéid de pháipéar leagtha amach go maith tarraingteach. Ar an gcúis sin, ní mór aon rud a théann amach ón mbealach inar leagadh páipéar amach nó ón mbealach inar cuireadh i láthair é an bhliain roimhe, a phlé leis an bPríomh-Scrúdaitheoir agus a bheith ceadaithe aige nó aici, agus ní mór go leanfadh sé gnáthstíl scrúduithe an Choimisiúin i gcónaí.

Beidh na nodanna seo a leanas ina gcabhair le scrúdpháipéir shoiléire inrochtana a dhéanamh.

- Bain úsáid as spásáil chun cúrsaí a dhéanamh chomh soiléir agus is féidir.
- Cinntigh go mbíonn an t-ábhar soláite trí chlómhéideanna beaga a sheachaint; is é an chlómhéid chaighdeánach i gcomhair théacs chorp an pháipéir i ngach scrúdpháipéar ná chlómhéid 12.
- Bain úsáid as ceannteidil, as fo-cheannteidil, as an mbealach ina n-eangaítear línte agus as táib chun faisnéis a eagrú go soiléir.
- Déan ranna agus fo-ranna amach go soiléir.
- Bíodh teoracha don iarrthóir dealaithe ó théacs na ceiste i gcónaí.
- Cuir léaráidí, sonraí uimhreacha, srl. gar don cheist a bhaineann leo.

- Bíodh na léaráidí simplí agat, léaráidí a sholáthraíonn an t-íosmhéid faisnéise is gá chun cuspóir na ceiste a bhaint amach.
- Is féidir le grafaic neamhriachtanach iarrthóirí a chur dá dtreoir; déan do mhachnamh i dtaobh an bhfuil an ghrafaic riachtanach don cheist.
- Cinntigh go mbíonn gach ábhar grafach ar ardchaighdeán.
- Má tá grafaic arna hullmhú ag daoine gairmiúla le cur in ionad sceitseanna de chuid Dréachtóirí nó Cóiritheoirí, cinntigh go mbíonn na treoracha soiléir, agus pléigh an cheist le hAonad na Scrúdpháipéar.
- Sa chás gur féidir é a sheachaint, ná bíodh ceisteanna á ndéanamh agat ina mbraitheann freagra na ceiste ar mhionléirithe scátha nó dathanna i léaráidí. Braitheann cuid mhaith ar a chruinne is a dhéantar macasamhail na léaráide i rith an phróisis phriontála agus d'fhéadfadh sin a bheith ina údár fadhbanna. Mar shampla, seachain cuid de léaráid a shonrú mar “an chuid faoi scáth dorcha”.
- Bain úsáid as réimse de bhreisiúcháin éagsúla téacs (cló trom, ceannlitreacha, líne faoi fhocail, srl.) chun béim a chur ar fhocail nó ar ráitis thábhachtacha. Coinnigh cuimhne air, áfach, go mbaintear de mhéid a n-éifeachta má bhaintear an iomarca úsáide as breisiúcháin den sórt sin agus go bhféadfadh sin cur isteach ar chuma fhoriomlán an pháipéir. Tabhair faoi deara go mbaintear amach cruth saintréitheach an fhocail má phriontáiltear focal ina cheannlitreacha, agus go bhféadfadh an focal a bheith níos deacra a léamh dá bharr. Is féidir le líon mór téacs sa chló iodálach a bheith deacair le léamh freisin, ag brath ar an gclófhoireann.
- Bain úsáid as eangú na línte nó as boscaí chun aird a tharraingt ar spreagábhar nó ar ghnéithe tábhachtacha eile. Tabhair faoi deara, áfach, go bhféadfadh an iomarca boscaí, línte nó greilleanna ar leathanach drochéifeacht a imirt ó thaobh amhairc.
- Tabhair aird ar uimhriú na leathanach agus, sa chás go mbaintear úsáid as, uimhriú na línte, go háirithe tar éis leasuithe a bheith déanta ar phrofaí.

## 4.4 Soiléireacht – Soiléireacht ó thaobh Stíl Teanga

D'fhéadfadh gnéithe áirithe de stíl teanga na scrúdpháipéar agus den bhealach ina gcuirtear scrúdpháipéir i láthair bac a chur ar iarrthóirí a gcuid colais, tuisceana agus scileanna a léiriú, seachas cabhrú leo é sin a dhéanamh. Ba chóir go mbeadh an stíl teanga a mbaintear úsáid aisti i gcomhair ceisteanna agus rúbricí araon soiléir, beacht agus intuigthe do raon iomlán na n-iarrthóirí. Ba chóir úsáid a bhaint as abairtí gearra, díreacha agus as stór focal simplí, ach cuí.

Tá go leor samplaí de cheisteanna sa roinn seo atá mícheart nó ar gá iad a fheabhsú beagán, chun a bhfuil i gceist againn a léiriú. Ionas nach dtógfar na samplaí sin in ainriocht samplaí de dhea-chleachtas, beidh an cros beag seo  le taobh na samplaí míshásúla sin i gcónaí.

### 4.4.1 Cumadh na hAbairte

- **Bain úsáid as abairtí gearra, simplí; seachain fochlásail neamhriachtanacha.**

*Sampla:*

Bain úsáid as fianaise ón alt nuachtáin thuas agus mínigh an chúis go gcuireann go leor daoine sa cheantar atá clúdaithe ag an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis arna taispeáint i gcuid **(a)** in éadan scaglan ola a bheith á cur ar bun, in ainneoin go bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta ag cur ar an gceantar.

*Feabhsú air:*

Tá ardleibhéal dífhostaíochta ag gabháil don cheantar atá clúdaithe ag an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis i gcuid **(a)**. Dá ainneoin sin, tá go leor daoine sa cheantar nach bhfuil ag iarraidh na scaglainne ola. Mínigh cén fáth.



Ní mór duit úsáid a bhaint as fianaise ón alt nuachtáin thuas i do fhreagra.

■ **Bain úsáid as an bhfaí ghníomhach, sa chás gur féidir agus gur cuí sin.**

*Sampla:*

Tá an bloc nasctha leis an mballa le sreangán éadrom.



*Feabhsú air:*

Nascann sreangán éadrom an bloc leis an mballa.

■ **Dealraith an cheist ó aon ráiteas a bhaineann léi.**

*Sampla:*

Aimsigh achar dronuilleog atá 7 cm ar fad agus 3 cm ar leithead.



*Feabhsú air:*

Tá dronuilleog 7 cm ar fad agus 3 cm ar leithead. Aimsigh achar na dronuilleoige.

■ **Go ginearálta, bíodh dul loighciúil ó thaobh ama á leanúint sa cheist agat.**

*Sampla:*

Conas a rinne an chuideachta iarracht an fhadhb sreabhadh airgid a tharla de bharr an íocaíochta a bheith deireanach a réiteach?



*Feabhsú air:*

Tharla fadhb sreabhadh airgid de bharr an íocaíochta a bheith deireanach. Conas a rinne an chuideachta iarracht an fhadhb sin a réiteach?

■ **Scríos amach focail nach gá.**

*Sampla:*

Scríobh do fhreagra sa bhosca arna sholáthar thíos.



*Feabhsú air:*

Scríobh do fhreagra sa bhosca thíos.

■ **Níor chóir go mbeadh aon fhaisnéis i ráitis a thugann ceisteanna i láthair an iarrthóra ach an méid a bhaineann le hábhar agus an t-iarrthóir ag dul ag freagairt na gceisteanna sin.**

*Sampla:*

Tar éis roinnt feabhsuithe difriúla a bheith déanta timpeall an tí ar theach áirithe, fuarthas amach gur tháinig laghdú suntasach ar an mbille míosúil teasa. Ainmnigh trí fheabhsú dhifriúla timpeall an tí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le laghdú dá leithéid.



*Feabhsú air:*

Ainmnigh trí fheabhsú timpeall an tí a laghdaíonn billí míosúla teasa.

Nóta: agus iarracht á déanamh stíl teanga a shimpliú, tá sé tábhachtach a chinntiú nach ndéantar athruithe nach d'aon turas ar bhri na ceiste, ná nach dtugtar rud isteach a d'fhágfadh go bhféadfadh duine ciall nár beartaíodh a bhaint as ceist. Mar shampla, d'fhéadfaí an cheist thuas a shimpliú tuilleadh, ag fágáil:

Ainmnigh trí bhealach le billí teasa sa teach a laghdú.



Má chailtear an tagairt do “trí fheabhsú timpeall an tí”, áfach, tugtar spás do raon níos leithne, raon neamhbheartaithe, de fhreagaí, amháil “coinnigh an teirmeastat ar teocht níos ísle”, “múch téitheoirí i seomraí nach bhfuil daoine iontu”, srl. Chomh maith leis sin, má chailtear “míosúil”, tugtar spás do fhreagraí amháil “déan socruithe go bhfaighfear bille níos minice”.

■ **Seachain abairtíní diúltacha nach gá**

Sa chás gur féidir, mar shampla, seachain abairtíní amháil “rud nach bhfuil neamhchoitianta”, “ní raibh sé gan locht”. Cé go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh an bhri chéanna leis an abairtíní dearfach a fhreagraíonn dá leithéid, is minic is féidir an abairt a chur i bhfocail ar bhealach eile ionas go mbainfaí na habairtíní diúltacha sin amach agus go gcoinneofaí an bhri a beartaíodh.

#### 4.4.2 Stór Focal

■ **Bain úsáid as focail ghearra, shimplí, sa chás gur féidir.**

Mar shampla: “rud a theastaíonn” seachas “rud a éilítear”; “úsáideann” seachas “fónann”; “aimsigh” seachas “suigh”

■ **Seachain abairtíní sa chás go ndéanfadh focal amháin cúis.**

Mar shampla: bain úsáid as “gar don áit” seachas “i bhfoisceacht na háite”.

■ **Ná bain úsáid as focail fhoirmiúla scrúdaithe sa chás nach gá.**

*Sampla:*

Ainmnigh trí bhealach inar féidir éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach ó thaobh oibriú an innill.



*Feabhsú air:*

Ainmnigh trí bhealach inar féidir an t-inneall a dhéanamh níos éifeachtúla.

■ **Bain úsáid as na focail chearta le horduithe a chur in iúl.**

Níor chóir go mbeadh aon amhras ar iarrthóirí faoin méid lena bhfuiltear ag súil sa cheist. Má bhaintear úsáid leanúnach chruinn as na focail chearta le horduithe a chur in iúl, beidh sin ina chabhair leis an tsoiléireacht sin a bhaint amach. Mar shampla, is féidir a bheith ag súil go dtuigfidh iarrthóirí an difríocht idir “sceitseáil” agus “tarraing”. Baineann neamhchruinneas le habairtíní amháil “cá fhad” agus “tabhair cuntas ar”, áfach, agus is minic a bhaineann iarrthóirí ciall chontráilte astu. Bain úsáid as focail ar bhealach leanúnach le horduithe a chur in iúl agus

seachain an cathú le héagsúlacht a thabhairt isteach trí, mar shampla, úsáid a bhaint as an abairtín “tabhair mionchuntas air i do fhocail féin” chun dul in ionad an abairtín choitianta “cuir síos air”.

Tabhair brí fhocail na n-orduithe coitianta seo a leanas faoi deara.

- **Áirigh:** tugann le tuiscint go bhfuil freagra uimhriúil ag teastáil.
- **Críochnaigh:** tugann le tuiscint gur gá don iarrthóir an freagra/na freagraí a chur isteach i spásanna a sholáthraítear, m.sh. i léaráid, i dtábla, srl.
- **Cuir síos ar:** tugann le tuiscint nach mór don iarrthóir pointí tábhachtacha na topaice a scríobh i bhfocail, nó mar léaráidí uaireanta.
- **Mínigh:** tugann le tuiscint nach mór don iarrthóir réasúnaíocht a chur i bhfeidhm ar an mbealach ina gcuimhnítear ar theoiric. Ní ceadmhach an téarma seo a úsáid mura bhfuil níos mó ná liosta cúiseanna á éileamh mar fhreagra.
- **Tabhair cúis, Conas nó Cén Fáth:** tugann le tuiscint gur chóir cúis a thabhairt a léiríonn tuiscint an iarratasora ar an údar agus ar an éifeacht laistigh de réimse eolais san ábhar atá i dtreis.

Bíonn a gcuid téarmaí caighdeánacha féin ag go leor ábhar le horduithe a chur in iúl, chomh maith le cialla caighdeánacha a bhaintear as téarmaí cineálacha. I roinnt cásanna, tugtar iad sin go pointeáilte i siollabais, i dtreoirilínte do mhúinteoirí, nó i ndoiciméid oifigiúla eile. Bain úsáid as téarmaí den sórt sin de réir a gcuid sainmhínte nó a gcuid tuairiscíní sa doiciméadacht a fhreagraíonn dóibh.

Ba chóir a bheith san airdeall go mór agus abairtíní ceisteanna á scríobh a éilíonn freagraí gearra i gcomhthéacsanna áirithe, agus a éilíonn freagraí fada i gcomhthéacsanna eile. Mar shampla, cuir an dá úsáid seo a leanas a bhaintear as “Cá fhad?” i gcodarsnacht lena chéile:

Cá fhad a thaistealaíonn an carr i rith an chéad chúig shoicind eile?


Cá fhad a chuaigh de Valera ó thaobh Conradh Angla-Éireannach 1921 a bhaint óna chéile i rith na tréimhse 1932 - 1938?

I gcásanna den sórt sin, bíonn sé fíorthábhachtach go soiléiríonn gnéithe eile den cheist nó den pháipéar an méid lena bhfuiltear ag súil.

### ■ **Bí soiléir: an eolas ar théarma atá á thástáil, nó tuiscint ar an gcoincheap is bonn leis?**

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag iarrthóirí le stór focal atá sainiúil don ábhar a mbíonn cleachtadh ag an múinteoir nó ag an scrúdaitheoir air. Dá ainneoin sin, seans maith go bhféadfadh eolas ar an téarmeolaíocht atá sainiúil don ábhar a bheith ar ghné amháin den mhéid atá á scrúdú. Agus aghaidh á tabhairt ar an gcoinbhleacht a d’fhéadfadh tarlú ansin, déan do mhachnamh, i gcás gach ceiste, an é tuiscint ar an téarma atá á tástáil nó an bealach ina gcuirtear an coincheap is bonn leis i bhfeidhm.

*Sampla:*


Cén ceann díobh seo a leanas a bhfuil tuaslagóir neamhuiscí ag teastáil lena leá? 

Chun an cheist sin a fhreagairt, ní mór go mbeadh ciall an fhocail *neamhuiscí* ar eolas ag an iarrthóir chomh maith leis an tsubstaint, as measc na substaintí arna liostú, a dteastaíonn tuaslagóir seachas uisce uathí lena leá. B’fhéarr an chéad ghné den cheist a fhágáil amach (agus a thástáil áit éigin eile más gá):

Cén ceann díobh seo a leanas a dteastaíonn tuaslagóir seachas uisce uaidh lena leá?

## ■ Seachain focail mheafaracha.

*Sampla:*

Ainmnigh polaiteoir eile a lean an sruth céanna ina fhreagra. 

*Feabhsú air:*

Ainmnigh polaiteoir eile a d'fheagair ar bhealach cosúil leis sin.

## 4.5 Ceisteanna lena ngabhann Freagairt Roghnaithe a Scríobh

Tugtar ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe ar cheisteanna ina mbíonn ar an iarrthóir freagra a roghnú as measc roinnt roghanna. Is é an riocht is coitianta a mbaintear úsáid as ó thaobh ceisteanna lena ngabhann freagairt roghnaithe i Scrúduithe Teastais an Stáit ná an cheist ilroghnach, cé go mbaintear úsáid as ceisteanna ‘fíor/bréagach’ agus as ceisteanna inar gá míreanna a mheaitseálann a chéile a thoghadh freisin. Is le ceisteanna ilroghnacha a phléifear go príomha sa roinn seo, ach tá na prionsabail lán chomh hinfheidhme céanna i gcás na gcineálacha eile freisin. Mar a luadh níos luaithe, is mó cúraim a theastaíonn agus ceisteanna ilroghnacha á gcur le chéile ná mar a thuigtear go minic.


Bíonn sé úsáideach an téarmaíocht a mbaintear úsáid aisti chun tagairt do chodanna difriúla de cheist ilroghnach a shoiléiriú:

<b>Spreagábhar:</b>	Ábhar a dtagraíonn an cheist dó. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm téacs, léaráide, grianghraif, comhrá a taifeadadh, srl. Is minic a bheidh roinnt ceisteanna bunaithe ar an bpíosa céanna spreagábhair. Ní gá go mbeadh aon spreagábhar ag gabháil le ceisteanna. Pléitear le spreagábhar a roghnú nó a chruthú i roinn 4.10.
<b>Réamhrá:</b>	Faisnéis a thagann díreach roimh an gceist.
<b>Stoc:</b>	An cheist í féin.
<b>Roghanna:</b>	Na freagraí ar fad (ceart agus mícheart).
<b>Eochair:</b>	An freagra ceart.
<b>Freagraí Mearaí:</b>	Na freagraí míchearta.

Cabhróidh na prionsabail seo a leanas lena chinntiú go mbíonn na ceisteanna soiléir agus go ndéanann siad idirdhealú go héifeachtach idir iarrthóirí a bhfuil an t-eolas nó an scil ábhartha acu agus iad siúd nach bhfuil.

## ■ Go ginearálta, ba chóir go mbeadh an stoc as féin.

Ba chóir go mbeifí in ann an cheist a thuiscint agus an cineál freagra lena bhfuiltear ag súil a dhéanamh amach gan na roghanna a léamh. Smaoinigh ar an stoc seo a leanas:

I do thuairim, is é atá in *Henri* ná: 

Níl aon leid sa stoc faoin gcineál freagraí atá le teacht. An bhfuiltear ag cur ceiste orainn faoi ghiúmar Henri? Faoina náisiúntacht? Faoina charachtar? Is amhlaidh nach ceachtar díobh siúd atá i gceist:

I do thuairim, is é atá in *Henri* ná:

(a) cat

- (b) madra
- (c) bó
- (d) capall

B'fhearr an cheist a chur i bhfocail ar bhealach eile mar seo a leanas:

Cén cineál ainmhí é *Henri* dar leat?

- (a) cat
- (b) madra
- (c) bó
- (d) capall

Más abairt iomlán atá sa stoc, seachas ráiteas atá le críochnú, is lú seans go dtarlóidh an fhadhb sin. D'fhéadfaí taobhú le ráiteas atá le críochnú i roinnt cásanna, áfach, ionas go seachnófaí rud a bheith ráite rómhínic sna freagraí, nó toisc go ndéantar ceist níos inléite den cheist iomlán dá bharr.

Ba chóir a bheith san airdeall go mór agus úsáid á baint as ráitis atá le críochnú atá cosúil le sainmhínte chun tuiscint ar choincheap a thástáil. Tríd is tríd, tá go leor bealaí difriúla, ach bealaí atá lán chomh ceart lena chéile, ann chun sainmhíniú a chur i bhfocail. Is é nádúr scríobhneoir na tástála úsáid a bhaint as an mbealach ina gcuirtear rud i bhfocail sa téacsleabhar a bhfuil an cleachtadh is mó aige nó aici air. D'fhéadfadh sin a fhágáil go mbeadh claonbhá sa cheist le hiarrthóirí a bhfuil úsáid á baint as an téacsleabhar sin acu agus ar dóiche, mar sin, go mbeadh cleachtadh ar an abairt áirithe sin acu. Mar shampla, trí shainmhíniú ar *bharrachas buiséid* atá anseo:

- Is éard atá i *mbarrachas buiséid* ná an méid a théann teacht isteach rialtais, cuideachta, nó duine aonair, thar an méid a chaitear in imeacht tréimhse áirithe ama.
- Is éard atá i *mbarrachas buiséid* ná fúlleach d'ioncaim os cionn caiteachas.
- Tagraíonn *barrachas buiséid* go ginearálta d'fharasbarr ioncaim os cionn caiteachais, ach is gnách go dtagraíonn sé do bhuiséid an rialtais go sonrach, agus is é farasbarr d'ioncam cánach os cionn caiteachais (lena n-áirítear íocaíochtaí aistritheacha) a bhíonn i gceist ansin.

Smaoinigh ar an gceist ilroghnach seo a leanas anois:

Is éard atá i *mbarrachas buiséid* ná:



- (a) an méid a chaitheann rialtas nó duine i mbliain fhioscach áirithe.
- (b) an méid a théann teacht isteach rialtais, cuideachta, nó duine aonair thar an méid a chaitear in imeacht tréimhse áirithe ama.
- (c) méid an mhéadaithe atá tagtha ar olltáirgeacht intíre thír i dtréimhse áirithe ama.

Is dócha go bhfreagróidh aon iarrthóir a bhfuil tuiscint mhaith aige nó aici ar an gcoincheap an cheist i gceart i gcás ar bith. Is cinnte, áfach, gur dóiche go roghnóidh iarrthóirí nach bhfuil cinnte, ach a bhfuil staidéar déanta acu ar an téacs áirithe as ar tógadh an sainmhíniú, an fhreagairt cheart ná iarrthóirí a bhfuil an leibhéal céanna eolais acu ach a rinne staidéar ar théacs eile, toisc go bhfuil “cuma aithnidiúil” ar an abairt. Bíonn siad faoi bhuntáiste míchothrom dá

bhrí sin. Fiú dá mbeadh duine sách cinnte go raibh teacht ag gach dalta ar an sainmhíniú céanna, b'fhearr macasamhail an tsainmhínithe, focal ar fhocal, a sheachaint fós, toisc gur dócha gur mian le duine a dhéanamh amach an bhfuil tuiscint ag na hiarrthóirí ar choincheap an bharrachais bhuiséid, seachas ar éirigh leo an sainmhíniú a chur de ghlanmheabhair.


### ■ Bain úsáid as ceisteanna díreacha

Tabhair treoir shoiléir neamhtheibí agus seachain focail nach gá. Seachain abairtíní neamhriachtanacha amhail “Déan iarracht an focal is fearr a roghnú...”, tá ceann is díri ná sin “Roghnaigh an focal is fearr” glan soiléir.

### ■ Bain a laghad úsáide agus is féidir as focail dhiúltacha

Luadh cheana féin gur chóir diúltaigh dhúbailte a sheachaint. Ach fiú mura mbíonn ann ach diúltaigh dhíreacha, is féidir leo a bheith ina n-údar deacrachtaí i gceisteanna ilroghnacha. Go háirithe, fiú i gcás iarrthóirí a bhfuil cur amach maith acu ar an ábhar, is minic a bhíonn deacracht acu le ceisteanna i bhfoirm “Cén ceann díobh seo a leanas **nach** ...”. Coinnigh cuimhne air, ó thaobh an choincheapa de, go n-éilíonn ceisteanna den sórt sin ar dhuine réasúnaíocht mar seo a dhéanamh: “is é an freagra ceart an ceann mícheart agus is é an freagra mícheart an ceann ceart.” Bíonn an struchtúr sin ina bac beagnach i gcónaí ar dhuine agus é/í ag iarraidh eolas an iarrthóra a mheasúnú go cruinn, go háirithe sa chás go scaiptear ceisteanna atá curtha i bhfocail ar bhealach dearfach tríd. Is annamh nach féidir an cuspóir céanna a thástáil le ceist atá curtha i bhfocail ar bhealach dearfach.

*Sampla:*

Cén ceann díobh seo a leanas NACH tréith a ghabhann le *colún Dórach* atá ann: 

- (a) Bíonn mullach duillithe air.
- (b) Bíonn cuislí sa cholún.
- (c) Níl aon bhonn leis.

Sa sampla thuas, déantar an struchtúr diúltach níos measa fós nuair a thugtar an dara diúltach isteach i rogha (c). Bíonn ar an iarrthóir mífhortúnach smaoineamh “An fíor nach tréith a ghabhann le colún Dórach gan aon bhonn a bheith leis?” Is léir gurb éard atá beartaithe leis an gceist ná a dhéanamh amach an bhfuil na tréithe a idirdhealaíonn colún Dórach ó oird eile de cholúin ar eolas ag an iarrthóir. B'fhearr i bhfad an struchtúr seo a leanas:

Cén ceann díobh seo a leanas ar tréith a ghabhann le *colún Dórach* atá ann:

- (a) Bíonn mullach duillithe air.
- (b) Bíonn cuislí sa cholún.
- (c) Bíonn bonn ornáideach faoi.

### ■ Níor chóir go mbeadh an fhreagairt cheart ina hábhar suntais ar an gcúis mhícheart


Is follas nach mór an fhreagairt cheart a bheith foirfe. Ar an lámh eile, níor chóir go mbeadh sí difriúil leis na freagraí mearaí ó thaobh faid nó stíle. Earráid a tharlaíonn go minic agus míreanna á scríobh ná go mbíonn an fhreagairt cheart curtha i bhfocail ar bhealach níos cúramaí agus go mbíonn sí níos faide ná na freagraí mearaí, ionas gurb éasca í a thabhairt faoi deara fiú ag duine nach bhfuil máistreacht ar an ábhar aige. Is minic a bheidh sé sin amhlaidh sa chás go gcóipeáiltear an fhreagairt cheart díreach amach as téacsleabhar. Ceap na roghanna uile ar an mbealach is giorra agus is simplí. Mar shampla, is féidir an fhreagairt cheart a thabhairt faoi deara sa cheist seo a leanas gan í a thuiscint.

Céard atá sa *phraghas miondíola molta*? 

- (a) An praghas is airde a gceadaítear do mhiondíoltóir comparáid a dhéanamh leis.
- (b) An praghas a luaitear i bhfógrán.
- (c) An praghas a shocraítear le dlí.

Tar éis an fhreagairt cheart a cheapadh sa chruth is simplí is cruinne di, breathnaigh ar na freagraí mearaí arís agus cinntigh go bhfuil siad cosúil léi ó thaobh faid agus stíle.

Ar an gcaoi chéanna, níl sé cuí go mbeadh freagra mícheart ina ábhar suntais ar an gcúis mhícheart. Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná ceist ilroghnach/lena ngabhann freagra gearr a d'fhéadfadh a bheith ar pháipéar teanga iasachta:

Cuir ciorcal timpeall an fhocail choirr agus mínigh do rogha. 

BELLO

BAÑO

ALTO

BAJO


Sa chás seo, bheadh an ceart ar fad ag iarrthóir a rá gurb é BELLO an freagra, toisc go bhfuil ceithre litir sna focail eile ar fad, nó gurb é ALTO é, toisc go dtosaíonn na focail eile le “B”. Ach ní leis na freagairtí siúd atá scríbhneoir na ceiste ag súil.

### ■ Agus na freagraí mearaí á roghnú, bain úsáid as earráidí sochreidte

Ní bhíonn sé éasca roghanna a chumadh. Bíonn formhór an ama a chaitear ar cheisteanna lena ngabhann freagairt chumtha a scríobh ag teastáil chun an cheist a chur i bhfocail ar bhealach eile sa chaoi is nach mbeidh spás ann i gcomhair freagraí neamhbheartaithe. Ar an láimh eile, bíonn formhór an ama a chaitear ar mhíreanna ilroghnacha a scríobh ag teastáil chun na roghanna a cheapadh sa chaoi go mbeidh cuma shochreidte orthu do na hiarrthóirí, ach go mbeidh siad soaitheanta mar fhreagraí míchearta acu siúd a bhfuil máistreacht ar an ábhar bainte amach acu. Féadann earráidí a dhéantar go minic agus deacrachtaí comóna fónamh mar phointe tosaithe chun teacht ar earráidí sochreidte.

### ■ Déan cinnte go mbíonn na difríochtaí idir na roghanna soiléir

Sa chás nach mbíonn na difríochtaí soiléir, d'fhéadfadh iarrthóirí a bhfuil an fhreagairt cheart ar eolas acu freagra mearaí a roghnú, mar atá amhlaidh sa sampla seo a leanas.

Cén fad ba chóir uibheacha a bhruith ionas go seachnófar an baol go dtarlóidh ionfhabhtú salmonella? 

- (a) níos lú ná 10 nóiméad
- (b) isteach is amach ar 10 nóiméad
- (c) 10 nóiméad ar a laghad
- (d) níos faide ná 10 nóiméad

### ■ Seachain an t-athrá

I roinnt cásanna, mar atá amhlaidh sa sampla seo a leanas, tosaíonn na roghanna uile leis na focail cheannanna chéanna. Bíonn sé seo ina údar mearbhaill toisc gur nós lena leithéid aigne iarrthóra a tharraingt de na difríochtaí eatarthu.

Céard atá i gceist le *carraig dhríodair*?



- (a) Déantar carraig dhríodair de bharr cáithníní de charraig, atá deasctha de bharr creimeadh talún, a bheith comhdhlúite.
- (b) Déantar carraig dhríodair de bharr ábhar leáite ó chroí an domhain a bheith calctha agus fuaraithe.
- (c) Déantar carraig dhríodair de bharr carraigeacha a bheith athraithe agus iad faoi theas agus faoi bhrú fíorard.

Chun é sin a sheachaint, is minic nach ndéantar ach an tús comónta a nascadh leis an gceist, rud a chuireann feabhas air. Tá an ceann seo a leanas níos fearr, ach tá athrá fós ann:

Céard atá i gceist le *carraig dhríodair*?



Déantar carraig dhríodair de bharr

- (a) cáithníní de charraig, atá deasctha de bharr creimeadh talún, a bheith comhdhlúite.
- (b) ábhar leáite ó chroí an domhain a bheith calctha agus fuaraithe.
- (c) athruithe ar charraigeacha agus iad faoi theas agus bhrú fíorard.

Bheadh sé níos fearr fós dá ndéanfaí machnamh an athuair ar an méid atáthar ag iarraidh a fhiafraí sa cheist i ndáiríre, agus é a chur i bhfocail ar bhealach eile mar an cheist seo, atá níos simplí:

Conas a dhéantar *carraig dhríodair*?

- (a) De bharr cáithníní carraige, atá deasctha de bharr creimeadh talún, a bheith comhdhlúite.
- (b) De bharr ábhair leáite ó chroí an domhain a bheith calctha agus fuaraithe.
- (c) Athruithe ar charraigeacha agus iad faoi theas agus brú fíorard.

## ■ Seachain difríochtaí nach mbaineann le hábhar

Chun a bheith cinnte go mbíonn an bealach ina roghnaítear freagra bunaithe ar mháistreacht ar an ábhar agus ní ar fhachtóirí nach mbaineann le hábhar, ba chóir go mbeadh gach rogha cosúil lena chéile ó thaobh cur chuige, gramadaí, stíle agus faid. Smaoinigh ar an sampla seo a leanas.

Cén fáth a ndeachaigh máthair Kim chuig an gcistin?



- (a) Toisc go raibh an cat ag ithe na pióige éisc.
- (b) Bhí iarrtha ag Peter uirthi amhlaidh a dhéanamh.
- (c) Theastaigh uaithe an citeal a chur síos.
- (d) chun an siúcra a fháil

Baineann dul difriúil leis na roghanna uile ó thaobh na gramadaí. B'fhearr dá gcuirfí tús leo uile leis an bhfocal 'toisc'. Tabhair faoi deara nach bhfuil ceannlitir ná lánstad in (d). Déan cinnte go mbíonn córas ann a chinntíonn go mbíonn poncaíocht agus litriú mar a chéile ó thús go



deireadh an pháipéir, m.sh. abairtí iomlána ag tosú le ceannlitir agus ag críochnú le lánstad, ceisteanna atá le cur i gcrích ag tosú sa chás íochtaire agus ag críochnú le lánstad, ach gach rogha eile ag tosú sa chás íochtaire agus ag críochnú gan poncaíocht ar bith. Ná bíodh na cineálacha sin á meascadh agat.

### ■ Seachain áibhéil sna freagraí mearaí.

Is annamh a bhíonn ráitis ina bhfuil cáilitheoirí láidre amhail ‘i gcónaí’, ‘riamh’ nó ‘gach áit’ fíor. Gheobhaidh iarrthóirí an méid sin amach go sciobtha. Tugtar leid ró-láidir don iarrthóir má bhaintear úsáid as na nathanna cainte sin i bhfreagra mearaí agus ba chóir iad a sheachaint.

### ■ Cuir roghanna in ord de réir córais

Is minic a cheapann iarrthóirí go bhfuil córas áirithe ann chun an fhreagairt cheart a dháileadh thar na ceisteanna, ionas go mbíonn an oiread céanna A-nna cearta ann agus a bhíonn de B-anna cearta, nó nach dtabharfaidh A an fhreagairt cheart le fios in dhá mhír i ndiaidh a chéile. Spreagfaidh an chlaontuairim sin daoine le buille faoi thuairim a thabhairt. D’fhéadfadh patrúin neamhbheartaithe eile a bheith sna heochracha, gan iad a bheith aitheanta ag an gCóiritheoir. Tugann taighde le fios gurb annamh a éiríonn le hiarrachtaí a dhéanann scríbhneoirí ceisteanna randamacht a bhaint amach má chuirtear roghanna in ord randamach ar bhonn iomais. Dá réir sin, tá cur chuige níos córasaí ag teastáil.

Cuir na roghanna in ord de réir córais atá neamhspleách ar an bhfreagairt cheart. Mar shampla, is é an córas a d’fhéadfadh a bheith ann ná freagraí uimhriúla a chur in ord ardaitheach agus freagraí eile in ord aibíteach. Go deimhin, má chuirtear freagraí uimhriúla in ord ar bith seachas ord ardaitheach nó ord íslitheach, d’fhéadfaí iarrthóirí a chur trí chéile. Rud a d’fhéadfaí a dhéanamh mar rogha mhalartach ar fhreagairtí neamhuimhriúla a chur in ord aibíteach ná úsáid a bhaint as próiseas fíor-randamach, amhail na díslí a chaitheamh, chun suíomh an fhreagra chirt a dhéanamh amach. Nuair a dhéantar cinneadh é sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach cloí leis na torthaí, fiú más cosúil go bhfuil dáileadh aisteach á tháirgeadh dá mbarr.

I gcásanna gur roghanna uimhriúla atá i gceist, is minic a sheachnaítear an freagra ceart a dhéanamh den rogha is ísle nó den rogha is airde, agus gan sin a bheith beartaithe. Bíonn sé sin iontach fíor i gcás ord na méideanna. Mar shampla:

Cén ceann díobh seo a leanas atá ar an meastachán is fearr ar líon na nóiníní i bpáirc?

- (a) 10 000
- (b) 100 000
- (c) 1 000 000
- (d) 10 000 000

Agus iarracht á déanamh cuma shochreidte a chur ar na freagraí mearaí, bíonn an cathú ann luach amháin ar a laghad a chur isteach atá níos ísle ná an freagra ceart, agus luach amháin ar a laghad atá níos airde ná é. D’fhéadfadh barúil a bheith ag na hiarrthóirí go bhfuil réasúnaíocht den sórt sin i bhfeidhm agus, más ag tabhairt buille faoi thuairim atá siad, d’fhéadfaidís taobhú leis an dá rogha láir, rud a fheabhsaíonn go mór na seansanna go n-éireodh leo.

Bealach amháin chun deireadh a chur leis an bhfeiniméan sin ná mar seo a leanas: déan cinneadh ar dtús cén bhaint a bheidh idir na roghanna (m.sh. uimhreacha i ndiaidh a chéile, oird méideanna leantacha, ag dul suas ina gcúigir, srl.); agus caith na díslí ansin chun suíomh an fhreagra cirt a dhéanamh amach; agus na freagraí mearaí a ghiniúint ansin.

### ■ Bain úsáid as líon cuí de roghanna

Is é an líon is barrmhaitheasaí de roghanna ná trí nó ceithre cinn, agus taobhaítear le ceithre cinn de ghnáth. Tosóidh na hiarrthóirí ar bhuille faoi thuairim a thabhairt i gcás dhá rogha, go

háirithe mura féidir leo difríocht shoiléir a fheiceáil idir na roghanna. D'fhéadfadh sé a bheith deacair teacht ar níos mó ná ceithre rogha tharraingteacha dháiríre, agus is cinnte go gcuirfear leis an am léitheoireachta má bhaintear úsáid as líon níos mó de roghanna agus go n-éileofar níos mó ar chuimhne iarrthóra dá bharr.

#### ■ Bain úsáid as formáid agus as leagan amach leanúnach i gcomhair na gceisteanna ilroghnacha uile ó thús go deireadh an pháipéir

Mar shampla, níor chóir go mbeadh roinn amháin de cheisteanna ilroghnacha ann ina gcaithfidh iarrthóirí tic a chur sa bhosca ábhartha, arna leanúint ag roinn eile ina scríobhann an t-iarrthóir an litir a roghnaigh sé nó sí i spás a sholáthraítear, nó ina gcuireann sé nó sí ciorcal timpeall ar an rogha a thoghtar. Ní féidir athrú den sórt sin a chosaint agus is féidir leis iarrthóirí a chur dá dtreoir nó trína chéile.

Má tá tic le cur i mboscaí, is fearr na roghanna a chur i láthair go hingearach. Sa chás go gcuirtear roghanna i láthair go cothrománach, is éasca mar is féidir leis an iarrthóir a bheith curtha trína chéile maidir leis an mbosca a théann leis an bhfreagra, go háirithe maidir leis an rogha/na roghanna láir.

## 4.6 Ceisteanna lena ngabhann Freagairt Chumtha a Scríobh

Bíonn idir cheisteanna dúnta nó ceisteanna atá le críochnú, a éilíonn ar an iarrthóir focal nó abairtín amháin a tháirgeadh, san áireamh le ceisteanna lena ngabhann freagairtí cumtha, agus cheisteanna de chineál aiste, a éilíonn píosa nach beag de théacs struchtúrtha, nó réiteach mionsonraithe ar fhadhb. Beidh na príonsabail seo a leanas ina gcabhair agus ceisteanna lena ngabhann freagairt chumtha á scríobh agus athbhreithniú á dhéanamh orthu.

#### ■ Bí ag díriú ar an gCuspóir Measúnachta

Ní mór a bheith san airdeall chun a chinntiú go ndíríonn na ceisteanna ar an gcuspoir atá le tástáil go cruinn, i ngach ceist lena ngabhann freagairt chumtha, go háirithe maidir le ceisteanna lena ngabhann freagra dúnta, ceisteanna ina bhfuil abairt na ceiste le críochnú mar fhreagra nó ceisteanna lena ngabhann freagra gearr. Rud atá an-tábhachtach, níor chóir go mbeadh iarrthóirí ina ann freagra ar cheist a thomhas ar bhonn eolais nó scile nach ionann é agus an ceann atá á mheasúnú. Léirítear sin sa sampla seo a leanas maidir le páipéar nuatheanga.

Léigh an fógrán thíos agus freagair na ceisteanna a thagann ina dhiaidh:



*[Cuirtear fógrán nuachtáin sa sprioctheanga i láthair.]*

(a) Cad iad na sonraí pearsanta a chaithfidh tú a sheoladh, in éineacht le do ghrianghraf?

1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_
3. \_\_\_\_\_
4. \_\_\_\_\_
5. \_\_\_\_\_

Anseo, fiú gan an fógrán a léamh, is dócha go dtomhaisfidh duine go bhfuil ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus dáta breithe san áireamh sna sonraí pearsanta, óir is sonraí caighdeánacha pearsanta iad siúd; go deimhin b'in ab amhlaidh. Mar sin, níl an cheist ag díriú ar an gcuspoir measúnachta go cruinn, arb éard atá ann ná tuiscint ar an sprioctheanga agus í scríofa.

Chun cabhrú leat a chinntiú go ndíríonn ceist lena ngabhann freagra gearr ar an gcuspóir ábhartha, bíonn sé úsáideach dhá cheist atá chomh tábhachtach lena chéile a chur ort féin:

- An féidir liom a bheith cinnte, i gcás an duine a thuigfidh an cheist ... go bhfreagróidh sé nó sí an cheist i gceart?
- An féidir liom a bheith cinnte, i gcás an duine nach dtuigfidh an cheist ... nach bhfreagróidh sé nó sí an cheist i gceart?

### ■ **Bíodh an freagra eiseamláireach á cheapadh in éineacht leis an gceist**

Ba chóir go mbeadh ceist agus freagra eiseamláireach á bhforbairt in éineacht lena chéile i gcónaí. Cinntíonn sé sin go mbíonn freagra soiléir ar an gceist. Is féidir an iomarca ama a chaitheamh ar fhadhbanna nó ar thascanna spéisiúla a bhíonn os cionn chumas na n-iarrthóirí ag an deireadh, nó ar shleachta neamhshoiléire i dtéacsanna a dtuigtear fúthu sa deireadh go bhfuil siad chomh doiléir nach féidir teacht ar aon fhreagra soiléir réasúnta. Bíonn idirghníomhaíocht ann de ghnáth sa chaoi go dtiocfar ar athshainmhíniú ar an gceist de bharr athshainmhíniú a bheith déanta ar an bhfreagra agus a mhalairt go cruinn, go dtí nach mbaineann aon éideimhne le ceachtar den dá cheann.

### ■ **Bain úsáid as an bhfreagra eiseamláireach mar sheiceáil ar an gceist**

Ba chóir go n-iarrfaí ar gach duine a bhíonn ag obair ar an bpáipéar freagra a cheapadh gan a bheith ag breathnú ar na freagraí eiseamláireacha atá tugtha ag daoine eile. Ba chóir na freagraí sin a chur i gcomparáid lena chéile ansin, toisc go dtabharfaidh sé sin léargas ar na cialla is féidir a bhaint as an gceist agus as an méid atá á éileamh aici.

### ■ **Bíodh an scéim mharcála á ceapadh in éineacht leis an gceist**

Cabhraíonn an scéim mharcála, in éineacht leis an bhfreagra eiseamláireach, leis an méid lena bhfuiltear ag súil go beacht sa cheist a shoiléiriú, agus d'fhéadfaí a nochtadh go bhfuil an cheist curtha i bhfocail ar bhealach míchruinn dá bharr, nó go leagtar éilimh mhírreasúnacha ar na hiarrthóirí sa cheist. Ba chóir úsáid a bhaint as an scéim chun anailís a dhéanamh le fáil amach an bhfuil an tuillteanas cuí coibhneasta á thabhairt do cheisteanna nó do thascanna difriúla.

Spreagann ceisteanna lena ngabhann freagairt chumtha, fiú iad siúd nach n-éilíonn ach freagraí gearra, raon leathan de fhreagairtí agus de leaganacha cainte éagsúla, agus d'fhéadfadh sé a bheith beagnach dodhéanta iad ar fad a liostú. Bíonn na míreanna seo a leanas san áireamh mar sin i scéim mharcála i gcomhair ceisteanna den sórt sin de ghnáth:

- sampla amháin den fhreagra ceart, sa chruth lena bhfuiltear ag súil le hiarrthóir é a cheapadh, in éineacht leis an uaslíon marcanna a thugann sé;
- más gá, samplaí de fhreagaí arna gceapadh ar bhealaí an-difriúil, atá lán chomh ceart céanna freisin;
- más gá, samplaí de fhreagraí a bhfuil páirt díobh ceart, in éineacht leis an líon marcanna a thugann siad.

### ■ **Bain úsáid as leaganacha cainte neamhtheibí i gcomhair treoracha agus ceisteanna**

Bain úsáid as téarmaí simplí cearta i gcomhair orduithe, mar a leagadh amach i roinn 4.3.2. Tabhair an méid beacht atá á éileamh le fios go soiléir don iarrthóir. Mar shampla, má bhíonn ceist agat dar tús “Cén fáth...” agus má thugtar le fios sa fhreagra eiseamláireach agus sa scéim mharcála go mbronnfar iomlán na marcanna má thugtar trí chúis chearta, cuir an cheist i bhfocail ar bhealach eile ansin sa chaoi go mbeidh an méid sin lena bhfuiltear ag súil glan pointeáilte: “Tabhair trí chúis go...”.

### ■ **Bain úsáid as srianta ar na freagairtí, sa chás gur cuí sin**

Is éard a bheidh i gceist le mionathruithe ar cheisteanna den chuid is mó ná soiléiriú a dhéanamh ar an méid a éilítear ar an iarrthóir. Má thugann anailís le fios go dtugtar spás le haghaidh freagraí míchuí i gceist, is féidir é a leasú trí srianta freagartha a chur léi. Soláthraíonn siad sin faisnéis

bhreise, a thugann an treoír inar chóir, agus nár chóir, do dhuine dul ina f(h)reagra. Tá líne faoi na srianta sna samplaí seo a leanas:

Céard í an úsáid is coitianta a bhaintear as talamh in... faoi láthair?

Tabhair cúis amháin gur mó mar atá min bhuí á fás i limistéir ghainmheacha na hÍsiltíre ina mbíonn líon mór stoic. Ná tabhair cúis eacnamaíoch.

■ **Bí ag breith ar gach deis leis na dréachtcheisteanna agus na freagraí eiseamláireacha a chur faoi bhráid speisialtóirí sna hábhair go scagfaidís iad.**

Ní bhítear in ann na scrúdábhair a scaipeadh agus a phlé go forleathan mar gheall ar chúrsaí rúndachta, agus is é míbhuntáiste a bhíonn ann dá bharr ná nach ndéanann ach dream fíorbheag daoine athbhreithniú ar an bpáipéar sula mbaintear úsáid as. Mar gheall air sin, is mó is tábhachtaí leas iomlán a bhaint as an saineolas a bhíonn ar fáil. Tá sé beagnach dodhéanta ag duine amháin na himpleachtaí uile a bhainfeadh le ceist a thuiscint chomh maith leis na freagraí uile a d'fhéadfaí a thabhairt uirthi. Ná déan moill le hathbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna i bhfianaise aiseolais, idir dhíreach agus indíreach. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbainfeadh na hainmnithe ollscoile ciall dhifriúil as an gceist mar gheall ar a gcuid cúlraí difriúla, agus d'fhéadfadh a gcuid réiteach samplach agus nótaí tráchta léargas luachmhar breise a sholáthar, a bhféadfadh leasuithe eascairt astu. D'fhéadfadh deacracht ó thaobh aistriúcháin aird a tharraingt ar athbhri sa chaoi a bhfuil an cheist curtha i bhfocail. Cabhróidh na cineálacha aiseolais sin uile le barr feabhais a chur ar an gceist.

Seachas feabhsuithe a d'fhéadfadh teacht dá bharr sin uile ar an gceist, soláthraíonn an scagadh seo tacaíocht luachmar má bhíonn fiosrúcháin faoin gceist nó faoin gciall atá le baint aisti ina dhiaidh. Tugtar muinín do CSS agus é ag seasamh le cáilíocht an scrúdaithe de thoradh machnamh a bheith déanta ag saineolaithe san ábhar ar an gceist agus ar an gciall chruinn atá le baint aisti, agus gur pléadh leasuithe áirithe agus gur ceadaíodh iad nó gur diúltaíodh dóibh.

■ **Ná tabhair leithscéal fánach uair ar bith faoi nóta tráchta criticiúil ná faoi aon deacracht a dtagann an léirmheastóir uirthi**

Is cinnte gur lú go mór an cleachtadh a bhíonn ag iarrthóirí ar a bhfuil i gceist leis an ábhar ná mar a bhíonn ag an Dréachtóir, ag an gCóiritheoir, ag an gCóiritheoir Cúnta, agus ag an bPríomh-Scrúdaitheoir. Fiú mura mbíonn duine de na saineolaithe sin idir dhá chomhairle faoi rud ach ar feadh seal gairid, tugann sin le fios go bhfuil fadhb le rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb shuntasach. Bíodh meas agat ar an mbealach ina dtéann rud do dhuine díobh ar dtús agus abairt á léamh acu den chéad uair, fiú nuair a shásaítear an léitheoir agus é léite aige nó aici an dara huair. Ar an gcaoi chéanna, ní ag déanamh gar ar bith don duine atá freagrach as an bpáipéar a bhíonn léirmheastóir a choinníonn buairimh bheaga fiú dó nó di féin. Tá sé tábhachtach go mbunófaí cultúr síorcheastóireachta i leith ghnéithe uile na cáilíochta. Tá sé lán chomh tábhachtach céanna go ndealódh duine an páipéar óna f(h)éiniúlacht féin, ionas go mbeadh sé nó sí i gcónaí réidh le glacadh le tuairimí agus le critic ar an bpáipéar gan bheith ag mothú go bhfuiltear ag caitheamh dímhéasa air nó uirthi nó go bhfuiltear á c(h)áineadh féin go pearsanta.

## **4.7 Coimrí a Scríobh maidir le hObair Phraiticiúil an Chúrsa**

Agus duine ag ullmhú scrúdpháipéar ina bhfuil coimrí le haghaidh Tionscadail Dearthóireachta, Tionscadail Déantúsaíochta, Obair Chúrsa, Punann nó Tascanna, ní mór a bheith san airdeall chun a chinntiú go mbíonn an deis ag gach iarrthóir leibhéal a gcuid scile agus tuisceana a léiriú.

Le cois na gceanglas ginearálta le haghaidh scrúduithe scríofa, ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- raon, caighdeán agus cineál scrúdpháipéar a chuaigh roimhe

- leibhéal scile is féidir le hiarrthóirí a bhaint amach i gcomhair ábhair agus leibhéal
- a mhéad is a bhíonn trealamh agus ábhair chuí ar fáil
- ceanglais chuí sláinte agus sábháilteachta maidir leis an ábhar
- treoracha agus treoirlínte do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí
- critéir mheastóireachta
- scéimeanna agus ualuithe marcála
- srianta ar am sa rang

Le cois an scrúdpháipéar agus an scéim mharcála a ullmhú, d'fhéadfaí éileamh ar Dhréachtóirí agus ar Chóiritheoirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- samhail den réiteach a dhearadh, a dhéanamh agus a chur i láthair
- mionathruithe a dhéanamh ar an tsamhail roghnaithe de réir mar a éilítear
- liosta trealaimh agus ábhar a ullmhú
- tacar líníochtaí oibre a ullmhú
- tacair de thomhsairí/theimpléid mharcála a dhearadh agus a dhéanamh chun dul in éineacht leis an scéim mharcála chomhaontaithe

## 4.8 Scrúdpháipéir Phraiticiúla a Scríobh

Le cois na gceanglas ginearálta i gcomhair scrúduithe scríofa, ní mór do Dhréachtóirí agus do Chóiritheoirí aird a thabhairt ar an méid seo a leanas agus scrúdpháipéir á n-ullmhú acu le haghaidh scrúduithe praiticiúla:

- raon, caighdeán agus cineál scrúdpháipéar a chuaigh roimhe
- leibhéal scile is féidir le hiarrthóirí a bhaint amach i gcomhair ábhair agus leibhéal
- a mhéad is a bhíonn ábhair chuí ar fáil chun déantúsán a dhéanamh
- ceanglais chuí sláinte agus sábháilteachta maidir leis an ábhar
- treoracha agus treoirlínte do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí
- critéir mheastóireachta
- scéimeanna agus ualuithe marcála

Le cois an scrúdpháipéar agus an scéim mharcála a ullmhú, d'fhéadfaí éileamh ar Dhréachtóirí agus ar Chóiritheoirí an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

- samhail den réiteach a dhearadh, a dhéanamh agus a chur i láthair
- mionathruithe a dhéanamh ar an tsamhail roghnaithe de réir mar a éilítear
- tástáil a dhéanamh ar a indéanta is atá sé an tasc a chur i gcrích laistigh den am arna leithroinneadh i gcomhair an scrúdaithe
- liosta trealaimh agus ábhar a bheidh riachtanach le haghaidh an scrúdaithe a ullmhú
- liosta ábhar a ullmhú chomh maith le líníochtaí oibre de pháirteanna nach mór a bheith déanta roimh an scrúdú
- tacar líníochtaí oibre a ullmhú i gcomhair an scrúdaithe féin
- tacair de thomhsairí/theimpléid mharcála a dhearadh agus a dhéanamh chun dul in éineacht leis an scéim mharcála chomhaontaithe

## 4.9 Rúibricí

Tugann rúibricí eolas fíorthábhachtach d'iarrthóirí agus tá sé tábhachtach mar sin go mbíonn siadsan soiléir gonta freisin. Ba chóir go mbeidís de réir na bhformáidí caighdeánacha arna mbunú de bharr a geleachta roimhe, go mbeidís priontáilte i stíl leanúnach, agus gurbh fhurasta iad a idirdhealú ó na ceisteanna agus ón spreagábhair. Pléitear le roinnt seiceálacha atá le déanamh maidir le rúibricí i gcomhthéacs léamh na bprofaí i gcaibidil 5. Tá sé tábhachtach aird ghrinn a thabhairt ar na sonraí sin, toisc go bhféadfadh duine a bheith dall ar earráidí sna rúibricí de bharr an oiread cleachtaidh a bheith aige nó aici le struchtúr scrúdpháipéir. Mura gcuirtear an scéal ina cheart, d'fhéadfadh deacrachtaí móra a bheith roimh iarrthóirí ar an lá dá mbarr sin agus roimh an bhfoireann mharcála ina dhiaidh chomh maith.

Beidh na nodanna seo a leanas ina gcabhair:

- Níor chóir aon ráiteas a bheith curtha san áireamh sna rúibricí mura mbíonn sé riachtanach agus cabhrach.
- Sa chás gur féidir, ba chóir gach ráiteas a bheith curtha ar leathanach tosaigh an cheistpháipéir agus a bheith scríofa arís ag an bpointe ábhartha laistigh den pháipéar.
- Ba chóir go mbeadh ráitis scríofa ar bhealach simplí díreach. Mar shampla, níl aon ghá é seo a scríobh:

CEITHRE cheist ar bith atá le freagairt.



Ina áit sin, bain úsáid as seo, atá níos díri:

Freagair CEITHRE cheist ar bith.

- Má bhíonn an scrúdú eagraithe ar bhealach casta, breithnigh roinnt bealaí difriúla leis an rúibric a scríobh, agus lorg tuairimí faoin gceann is soiléire díobh. Mar shampla, bí ag smaoineamh ar an rúibric seo a leanas:

### CUID A DÓ

Tá trí roinn sa chuid seo: A, B agus C. Tá dhá cheist i ngach roinn. Ní mór duit ceist AMHÁIN as roinn A a fhreagairt, ceist AMHÁIN as roinn B, ceist AMHÁIN as roinn C, agus ceist AMHÁIN eile arna roghnú ó aon cheann de na trí roinn.

Tá an rúibric sách casta, ach ní dóigh go mbeidh sé de shaoirse ag an gCóiritheoir struchtúr an pháipéir a athrú. Dá ainneoin sin, ba chóir féachaint ar bhealaí difriúla leis an rúibric chéanna a chur i bhfocail agus iad a phlé:

### CUID A DÓ

Tá sé cheist sa chuid seo. Tá dhá cheist i roinn A, dhá cheann i roinn B agus dhá cheann i roinn C. Freagair CEITHRE cheist. Ní mór duit ceist amháin ar a laghad a roghnú as gach roinn.

### CUID A DÓ

Freagair CEITHRE cheist. Ní mór duit ceist amháin ar a laghad a roghnú as gach roinn.

## 4.10 Spreagábhair a Roghnú agus Athbhreithniú a Dhéanamh air

D'fhéadfadh spreagábhair a bheith i bhfoirm théacs, léaráide, ghrianghraif, chomhrá a taifeadadh srl. Is é an fheidhm a ghabhann leis ná an cúlra i gcomhair ceiste nó roinnt ceisteanna a bheidh bunaithe air a leagan amach. Is féidir le ceisteanna arna mbunú ar spreagábhair raon leathan scileanna a thástáil agus is féidir leo modh scrúdúcháin spéisiúil tarraingteach a sholáthar. D'fhéadfadh fadhbanna ó thaobh inrochtaine agus inléiteachta teacht chun cinn de bharr an spreagábhair áfach. Thairis sin, d'fhéadfadh farasbarr faisnéise sa spreagábhair dul i gcoinne a úsáide.

Toisc gurb é an spreagábhair bonn iomlán na gceisteanna, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh mionscrúdú agus eagarthóireacht déanta air go cúramach. Chun feabhas a chur ar a inléite is a bhíonn téacs, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an téarmaíocht agus an stíl teanga a mbaintear úsáid aisti a oiriúnú. Ach d'fhéadfaí cuid mhór de luach na foinse a chailleadh má shimplítear an iomarca é áfach, mar sin, b'fhéidir gur chúí cuimhneamh ar ghluais téarmaí. D'fhéadfadh sé a bheith deacair na mionpháirteanna riachtanacha ar fad a éilítear i léaráid chasta a phriontáil gan iarrthóirí a chur trí chéile. Ba chóir sonraí staidrimh a mhaolú go dtí gur líon cuí d'fhigiúirí bunúsacha atá iontu.

Ní mór go mbeadh na ceisteanna arna mbunú ar an spreagábhair ag baint:

- leis an siollabas
- leis na cuspóirí measúnachta
- le haoisghrúpa na n-iarrthóirí

Níor chóir go ndéanfaí talamh slán ar bhealach míréasúnta nó claonta san ábhar ar a bhfuil na ceisteanna bunaithe, san fhaisnéis a sholáthraítear agus sna ceisteanna a chuirtear faoi:

- An méid atá ar eolas ag iarrthóirí go ginearálta
- Cúlra socheacnamaíoch na n-iarrthóirí
- Leibhéal an mhéid a bheadh bainte amach ag iarrthóir
- Spéiseanna aoisghrúpa na n-iarrthóirí

Tá na ceisteanna seo a leanas ar roinnt de na nithe a bhfuil machnamh le déanamh orthu agus spreagábhair á roghnú:

- An bhfuil an comhthéacs feiliúnach agus bainteach leis an gcohort aise atá i gceist?
- An bhfuil an spreagábhair riachtanach chun an cuspóir ábhartha a thástáil?
- An mbaineann an fhaisnéis a sholáthraítear leis na ceisteanna a chuirtear?
- An bhfuil an t-ábhar ar a bhfuil na ceisteanna bunaithe tarraingteach, spéisiúil agus inrochtaine do na hiarrthóirí a bhfuil sé beartaithe ina gcomhair?
- An dtagraíonn an t-ábhar ar a bhfuil na ceisteanna bunaithe do chúrsaí na huair, sa chás gur cuí sin?
- An bhfuil sonraí staidrimh sách cothrom le dáta?
- An dtugtar leideanna nach bhfuil beartaithe san ábhar faoin bhfreagra lena bhfuiltear ag súil?
- An gcuirfeadh an t-ábhar duine ar seachrán: an moltar bealaí le cur chuig an bhfreagra nach bhfuil iarrtha sna ceisteanna?
- An bhfuil sé cabhrach (nó a mhalairt) faisnéis ar fhoinsé an ábhair a thabhairt?
- An réitíonn an spreagábhair an bóthar do dhifréil a bheith á déanamh? An réitíonn sé an bóthar le hiarrthóirí lena mbaineann raon leathan gnóthachtála a mheasúnú?
- An bhfuil sé indéanta ag formhór na n-iarrthóirí an spreagábhair a phróiseáil agus na ceisteanna a fhreagairt sa mhéid ama a thugtar?

Baintear úsáid as spreagábhair taifeadta i gcomhair scrúduithe cluastuisceana agus scrúduithe closamhairc sa Cheol, sa Ghaeilge, sna Nuatheangacha, i Nasc-mhodúil Ghairmchlár na

hArdteistiméireachta, agus i roinnt cúrsaí de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí. Tá sé tábhachtach go gcoinneofaí cuimhne shoiléir ar chuspóirí na measúnachta. Mar shampla, i gcás nuatheanga, is é an cuspóir ná cumas na n-iarrthóirí an teanga labhartha a thuiscint a thástáil. I gcás nasc-mhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, soláthraíonn an spreagábhar faisnéis chúlra agus an comhthéacs ina gcaithfidh iarrthóirí eolas agus tuiscint a bhaineann le hábhar agus a fuarthas i rith a gcuid staidéir a thabhairt le chéile agus a úsáid. Agus ábhar taifeadta á mheas, ba chóir aghaidh a thabhairt ar na ceistanna seo a leanas:

- an bhfuil an taifeadadh ar an gcaighdeán is fearr is féidir?
- an bhfuil na teoracha d'iarrthóirí tugtha go soiléir?
- an bhfuil dóthain eatraimh ama idir na teoracha agus an t-ábhar tástála?
- an ionann fad aon phársa den ábhar tástála agus tástáil mhíreasúnta ar chuimhne an iarrthóra?
- an bhfuil an t-ábhar tástála saor ó chlaonbhá i dtreo aon ghrúpa iarrthóirí?
- an bhfuil bac ar thuiscint cruthaithe ag béim iomarcach ar chuma na fírinne a bheith ar an ábhar?
- an bhfuil teoracha leordhóthanacha cuí soláthraithe don Fheitheoir a chuirfidh an taifeadadh ar siúl do na hiarrthóirí?

Ní mór a oiriúnaí agus a éifeachtaí is atá na ceistanna a chuirtear sa pháipéar a mheas freisin. Tá na nithe atá le breithniú díreach mar an gcéanna leo siúd a bhaineann le ceistanna scríofa.



## 5. Profléamh

---

Is éard is cúram don phrofléamh ná lán-mhionchruinneas an scrúdpháipéir a sheiceáil. Tá sé tábhachtach cuimhne a choinneáil ar an bhfíric go meastar mionearráid, fiú, a bhíonn ann ag deireadh an phróisis fós a bheith ina húdar mór buairimh. Bíonn freagracht orthu siúd ar fad a mbíonn baint acu leis an bpróiseas profléimh as gach mionphointe de na scrúdpháipéir a sheiceáil.

### 5.1 Cineálacha Ginearálta Cur Chuige

D'fhéadfadh an méid seo a leanas cabhrú le duine profaí na scrúdpháipéar a léamh go héifeachtach:

- Fág achar ama idir cruthú an scrúdpháipéir agus a phrofaí a léamh.
- Léigh go mall, nó mura ndéantar sin, ní fheicfidh do shúile an cló go fisiciúil agus ní thabharfaidh siad na hearráidí faoi deara dá bharr. Ná lig do do shúil bogadh ó aon fhocal go mbíonn sé feicthe agus léite go hiomlán agat. Chun cabhrú leis an bpróiseas sin, léigh le clúdach: cruthaigh teimpléad de pháipéar nó de chairt a chuireann ar do chumas gan ach focal amháin a nochtadh ag an am agus tú ag léamh tríd an bpáipéar.
- Léigh os ard, fiú más ag léamh i d'aonair a bhíonn tú. Beidh céadfa na héisteachta ag obair ansin agus is fearr dhá chéadfa ná ceann amháin.
- Cuir thú féin in áit an iarrthóra le go spreagfar thú leis an bpáipéar a fheiceáil ar an gcaoi a gcaithfidh do lucht léite breathnú air. Déan machnamh ar an gcaoi a ndéanfaidh an t-iarrthóir a bhealach tríd an gceistpháipéar, agus ar an gcaoi a n-athróidh sé nó sí a (h)aird idir an ceistpháipéar agus freagarleabhrán.
- Bíodh ruainne beag amhrais ort i gcónaí; is maith an rud é seo – ní mór go mbeifeá in amhras faoi gach focal le breith ar gach botún.
- Bíonn sé i bhfad níos deacra botúin a thabhairt faoi deara i do chuid saothair féin ná mar a bhíonn sé i gcás saothair duine éigin eile. Ná bí ag tabhairt leithscéalta faoi léirmheas criticiúil riamh.
- Agus profaí á léamh agat in éineacht le duine éigin eile, is fearr don duine nár tháirg an téacs a bheith ag léamh os ard.
- Sa chás go ndéantar ceartúchán, léigh an abairt ar fad arís.
- Cuir marc le gach ceartúchán san imeall, ag baint úsáide as na focail agus as na siombailí caighdeánacha profléitheoireachta. (Féach Aguisín 4.)

## 5.2 Nósanna Imeachta don Phrofléamh

Ní mór an próiseas profléimh a dhéanamh ag gach céim de phróiseas ullmhúcháin na bpáipéar ón dréacht go dtí an mionscrúdú iarchlío. Cuir tús leis trína sheiceáil go bhfuil na hathruithe uile a iarradh ar an bprofa roimhe curtha i bhfeidhm i gceart. Ní leor seiceáil den sórt sin áfach, ná baol air, óir d'fhéadfadh athrú nach d'aon turas a bheith déanta ar mhíreanna eile ar an bpáipéar, a bhí sásúil ar an bprofa roimhe. Tá sé sin ar cheann de na cúiseanna nach mór tabhairt faoi phrofaí an pháipéir ar fad a léamh go hiomlán ag gach céim.

Cabhróidh na cleachtais thábhachtacha seo a leanas le fáil réidh le hearráidí:

Cuir tús leis tríd an gclúdach tosaigh a léamh, focal ar fhocal, ó bharr go bun. Seiceáil an méid seo a leanas an athuair ansin:

- go bhfuil an dáta, an t-am tosaithe agus an t-am críochnaithe ceart; cinntigh go dtagann siad leis an tráthchlár reatha.
- go bhfuil leibhéal an pháipéir agus, más infheidhme sin, “Páipéar 1” nó “Páipéar 2”, san áireamh sa teideal.
- go bhfuil na rúibricí ar an gclúdach tosaigh ceart agus go dtagann siad le rúibricí na gcodanna laistigh.
- i gcás pháipéir na bhfreagarleabhrán ina mbíonn ceisteanna in éineacht le spás le haghaidh freagraí, go bhfuil boscaí ann i gcomhair scrúduimhir an iarrthóra, móriomlán marcanna, agus stampa an ionaid; go bhfuil greille na marcanna agus an ghreille i gcomhair shuimiú carnach an scrúdaitheora ceart.

Téigh tríd an scrúdpháipéar ina iomláine, ag tabhairt airde ar an méid seo a leanas:

- Seiceáil uimhriú na leathanach.
- Seiceáil go bhfuil “OVER→” agus “THALL→” priontáilte ar dheis ag bun na leathanach a bhfuil uimhir chorr orthu.
- Seiceáil go bhfuil rúibricí na gcodanna de réir an chlúdaigh tosaigh nó eolais eile.
- Seiceáil go bhfuil ceisteanna uimhrithe i gceart agus go leanúnach, i gcló trom.
- Seiceáil go bhfuil na fo-chodanna **(a) (i), (ii)...**(b) **(i), (ii)** uimhrithe go leanúnach laistigh de gach ceist.
- Seiceáil go bhfuil an spásáil idir na codanna, idir na rúibricí agus idir na ceisteanna de réir a chéile sa leagan amach. Cinntigh nach mbíonn aon bhearnaí nach gá san úsáid fhoriomlán a bhaintear as spás. Seiceáil cruth foriomlán an téacs ar an leathanach tríd an leathanach a choinneáil achar amach romhat ar feadh seal gairid.
- Seiceáil an t-ailíniú agus go háirithe na himill ar thaobh na lámhe deise san áit a bpriontáiltear marcanna.
- Sa chás go mbíonn léaráidí nó fíoracha uimhrithe, cinntigh go mbíonn siad sin uimhrithe go leanúnach ó thús go deireadh an pháipéir, agus iad de réir a chéile i gcló trom nó i gcló iodálach, de réir an chleachtais bhunaithe.
- Seiceáil na treoracha, na foirmlí, na siombailí, na pictiúir, na táblaí, na graif agus na crostagairtí uile ó thaobh soiléireachta agus cruinnis.
- Seiceáil méid, suíomh, soiléireacht, marcanna agus eochair eolais gach léaráide, amharciómhá agus léarscáile.
- Seiceáil agus suimigh leithdháiltí uile na marcanna agus cinntigh gurb ionann na fo-iomláin tar éis a suimithe agus móriomláin na gceisteanna, gur ionann móriomláin na gceisteanna

tar éis a suimithe agus móriomláin an pháipéir, agus go dtagann leithdháiltí na marcanna leo siúd arna dtabhairt i gciocláin agus i bpáipéir shamplacha ábhartha.

Téigh trí gach ceist aonair arís ansin, agus tabhair aird ar leith ar an méid seo a leanas:

- Seiceáil go dtagann aon teidil ar thoipicí arna lua sna ceisteanna nó sna rúibricí go beacht leis an téacs ar baineadh úsáid as sa siollabas ábhartha.
- Seiceáil go bhfuil ciall leis an gceist agus duine á léamh ó thús go deireadh.
- Seiceáil cruinneas na gramadaí, agus tabhair aird ar leith ar an méid seo a leanas:
  - iolraí agus aidiachtaí sealbhacha (its...it's, srl.)
  - an fhaí ghníomhach/chéasta
  - comhréireacht ainmní agus briathair
  - comhréireacht an ainmní i gclásail choibhneasta
  - na haimsirí a bheith de réir a chéile agus feiliúnach
  - comhréireacht ainmfhocail agus forainm
  - míreanna abairtí.
- Seiceáil an phoncaíocht, agus aird faoi leith á tabhairt ar chruinneas ó thaobh úsáid na gcamóg. Seiceáil go mbaintear úsáid chuif as idirstadanna agus as leathstadanna.
- Seiceáil an litriú ar fad, agus aird faoi leith á tabhairt ar ainmneacha dílse, ar théarmaí teicniúla, ar ghiorrúcháin, ar fhocail choimhthíocha agus ar shintí fada, srl.
- Seiceáil cruinneas focal/uimhreacha foscúrofa, foscúrofa agus innéacsanna uimhriúla, go háirithe i bhfoirmlí.
- Seiceáil go bhfuil téacsanna roinnte ina n-ailt ar bhealach cuif.
- I gcás pháipéir na bhfreagarleabhrán ina mbíonn ceisteanna in éineacht le spás le haghaidh freagraí, seiceáil go bhfuil spás cuif ann le haghaidh an fhreagra a mbeifear ag súil leis agus go dtugann sé tuairim réasúnta le fios ar fhad an fhreagra arna éileamh.
- Má aimsítear earráidí le linn an mhionscrúdaithe iarchló agus más gá iad a chur ar Liosta na nEarráidí, ní mór go ndéanfadh an Príomh-Scrúdaitheoir nó an Cóiritheoir an fhocláíocht atá le hiontráil ar Liosta na nEarráidí a chur ar fáil.

Nóta. I gcuid mhór cásanna, bíonn seicliostaí profléimh deartha ag Príomh-Scrúdaitheoirí a bhíonn sainiúil do pháipéar. Ba chóir go mbeadh míreanna uile na nósanna imeachta profléimh a oireann don ábhar sonrach sin cuimsithe i seicliostaí den sórt sin, agus ba chóir go mbeidís deartha sa chaoi go gcinnteofaí profú cruinn críochnúil ar an dréacht. Ba chóir do Chóiritheoirí agus do Chóiritheoirí Cúnta úsáid a bhaint as seicliostaí den sórt sin i ngach cás ina soláthraítear iad.

### 5.3 Profaí na Leaganacha Gaeilge a léamh

Bíonn iarrthóirí a bhaineann úsáid as an leagan Gaeilge i dteideal aistriúchán dílis a fháil ar an leagan Béarla, agus é curtha ina láthair gan earráidí gan easnaimh. Bíonn siad i dteideal an leibhéil chéanna ó thaobh a **inrochtana** is a bhíonn an páipéar freisin. Baineann prionsabail uile na hinléiteachta a leagadh amach i gcodanna 4.4 agus 4.3 leis an leagan Gaeilge ach oiread leis an leagan Béarla.

Má bhíonn an Cóiritheoir inniúil ar phrofaí an leagain Ghaeilge a léamh, ní mór gach gné de na próisis a leagadh amach in 5.2 thuas a leanúint. Sa chás nach mbíonn inniúlacht leordhóthanach ag an gCóiritheoir chun freagracht iomlán a ghlacadh as profaí an LG a léamh, déanfaidh an Príomh-Scrúdaitheoir socruithe le haghaidh cúnaimh, de réir mar a éilítear.

Ba chóir na nósanna imeachta profléimh *breise* seo a leanas a leanúint i gcás leaganacha Gaeilge de scrúdpáipéir:

- Ní mór an leagan Gaeilge a sheiceáil i leith an leagain Bhéarla, líne ar líne.
- Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar chonsain lena ngabhann ‘h’, go háirithe i lár focail: d’fhéadfadh fadhbanna a bheith ann de bharr leithéidí “Laghdaigh”, “Tadhg”, “athdhréachtaigh”, “comhdháil” agus “íoctha” i nGaeilge.
- Mar atá amhlaidh leis an leagan Béarla, má aimsítear earráidí le linn an mhionscrúdaithe iarchlú is gá a chur ar Liosta na nEarráidí, ní mór go ndéanfaidh an Príomh-Scrúdaitheoir nó an Cóiritheoir an fhocláíocht atá le hiontráil ar Liosta na nEarráidí a chur ar fáil.

### Aguisín 1 Seicliostaí i gcomhair Cothromais

Ba chóir go dtairgfeadh scrúdpháipéir deis chothrom do gach iarrthóir leis an méid atá bainte amach acu a léiriú. Ba chóir go léireofaí dearcadh uilechuimsitheach ar an tsochaí sna tascanna, sa stíl teanga ina gcuirtear i láthair iad agus in aon ábhar gaolmhar léiriúcháin. Ba chóir a bheith san airdeall chun a chinntiú go mbíonn scrúdpháipéir uilechuimsitheach maidir le gach ceann de na naoi bhforas a dtagraítear dóibh san Acht um Stádas Comhionann: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, gnéaschlaonadh, míchumas, cine, creideamh agus duine a bheith ar dhuine den Lucht Siúil.

Agus tagairt á déanamh do dhaoine faoi mhíchumas, seachain stíl a bheadh i nglór uasal le híseal, téarmaí a léiríonn trua dóibh nó shainmhíniú iad (m.sh. ‘na daill’, ‘lucht na titimise’). Ná bíodh daoine atá níos sine á ndíphearsantú agat trí thagairtí a dhéanamh dóibh mar ‘na sean’; bí cúramach le téarmaí amhail ‘pinsinéir’. Seachain aon úsáid a bheith á baint as stíl teanga a léiríonn dímhéas nó steiréitíopa maidir le gnéaschlaonadh; is iomaí rud a ndéantar talamh slán de sa teanga faoi shaintréithe daoine aeracha agus lespiacha agus is éasca úsáid dhiúltach a bhaint as an teanga sin. Bí uilechuimsitheach agus tuisceanach agus tagairt á déanamh do choincheap aonad an teaghlaigh.

Tá seicliostaí soláthraithe thíos i gcomhair roinnt réimsí a d’fhéadfadh a bheith ina n-údar deacrachtaí áirithe i scrúdpháipéir: cothromas inscní, agus cothromas cultúir, cine agus creidimh.

#### ***Seicliosta i gcomhair cothromas inscní***

Cé nach bhfuiltear á mhaíomh gur seicliosta deifnídeach é an seicliosta seo, ba chóir go gcabhródh sé le ceisteanna scrúduithe a ullmhú atá cothrom uilechuimsitheach. Ní bhainfidh na míreanna a luaitear chomh mór céanna le gach ábhar agus níor beartaíodh go mbeadh duine faoi cheangal na gcúig gcaol ag an liosta agus é á leanúint. Dá ainneoin sin, má bhaintear úsáid as sa chaoi a beartaíodh, ba chóir go gcabhródh an liosta le ceistpháipéir a chóiriú agus a mheas.

***Ag cuimhneamh ar an scrúdpháipéir ina iomláine, ba chóir go mbeifeá in ann freagra dearfach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas, faoi réir aon srianta a d’fhéadfadh a bheith ag baint le cineál an staidéir atá i gceist:***

- An léirítear an dá inscne sna téacsanna, sna pictiúir agus sna samplaí go cothrom?
- An dtaispeántar an dá inscne a bheith ag glacadh páirt chothrom ghníomhach mar thuismitheoirí agus mar bhaill de theaghlaigh?
- An dtaispeántar an dá inscne a bheith ag glacadh páirt chothrom i ngníomhaíochtaí fisiciúla agus praiticiúla? I ngníomhaíochtaí eolaíochta agus teicneolaíochta? I ngníomhaíochtaí ealaíne agus cruthaitheacha? I ngníomhaíochtaí tís?
- An léirítear an dá inscne a bheith chomh hinniúil céanna ar ghníomhaíochtaí intleachtúla agus praiticiúla araon?
- An léirítear stádas cothrom a bheith ag an dá inscne (m.sh. sa phróiseas déanta cinntí) ag obair agus sa bhaile? (Bíodh aon fhaisnéis bhreise, ní amháin an ról a shanntar, á seiceáil agat, amhail pictiúir, a d’fhéadfadh údarás a thabhairt le fios trí chuma na colainne nó tríd an gcaoi a léirítear ionad na bhfear agus na mban.)
- An gcaitear leis an dá inscne ar bhealach cothrom agus cur síos á dhéanamh orthu i dtéarmaí caidreamh lena mbaineann ról ar leith (m.sh. bean chéile, fear céile, máthair, athair, bainisteoir, cúntóir)?

- An gcuirtear an méid a chuir mná agus fir le múnlú na sochaí, agus a dtionchar ar an stair, i láthair go hoiriúnach?
- An mbaintear úsáid as dálaí agus as comhthéacsanna i gceisteanna go cothrom ó thaobh thaithí an dá insnce?

**Ag cuimhneamh ar gach ceist aisti féin, ba chóir go mbeifeá in ann freagra diúltach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:**

- An dtagraítear do shlíthe beatha ar bhealach a léiríonn claonbhá le hinscne áirithe (m.sh. *policeman* seachas *police officer*, *fear múchta dóiteáin* seachas *duine den lucht múchta dóiteáin*)?
- An mbaintear úsáid as an bhforainm firinsneach chun tagairt a dhéanamh do chách?
- An dtaispeántar mná agus fir i rólanna steiréitíopaithe amháin (m.sh. mná mar mhná tí, mar chúramóirí, rúnaithe, agus fir mar bhainisteoirí, eolaithe, innealtóirí)?
- Sa chás go gcuirtear ceisteanna i gcomhthéacs, an léirítear spéiseanna steiréitíopacha a bheith ag fir agus ag mná (m.sh. taitneamh á thabhairt ag cailíní do bhréagáin bhoga agus d'irisí, taitneamh á thabhairt ag buachaillí do ríomhairí)?
- An léirítear mná i rólanna atá níos éighníomhaíche (ina suí, ag breathnú ar rudáí) agus fir i rólanna atá níos gníomhaí?
- An dtaispeántar fir i rólanna atá níos ionsaithí agus mná i rólanna atá níos íogaire?

**Cabhróidh na moltaí seo a leanas le roinnt de na deacrachtaí ar tagraíodh dóibh thuas a laghdú:**

- Bain úsáid as téarmaí atá neodrach ó thaobh inscne oiread agus is féidir seachas as téarmaí a dhéanann tagairt shainiúil don inscne sa chás gur fearr mar a chuirfí síos ar an réalaiócht i dtéarmaí atá neodrach ó thaobh inscne.
- Agus tagairt á déanamh do dhaoine, seiceáil an féidir le húsáid na huimhreach iolra, 'iad' nó an téarma cineálach, 'bainisteoir, eacnamaí' srl., an gá le húsáid a bhaint as 'é nó í' nó 'í nó é' arís agus arís eile a chealú.
- Cuir téarmaí amhail 'an gnáthshaoránach', 'duine tipiciúil', srl. in ionad nathanna cainte amhail 'an fear sa tsráid' srl.
- Tarlaíonn an focal 'fear' nó '*man*', arna úsáid mar iarmhír, go minic sa teanga. Bí airdeallach ar ghnáthamh a spreagann smaointeoireacht neamh-uilechuimsitheach m.sh. 'fear gnó', '*chairman*', '*chairwoman*', '*gentleman's agreement*', 'ardmháistreás', 'dochtúir mná', '*mannings*'. Bain úsáid as téarmaí amhail 'feidhmeannach gnó', '*convenor*', '*informal agreement*', 'ceann' (roinne, scoil, srl.), '*staffing*'.

**Seicliosta i gcomhair cothromas cultúir, cine agus creidimh**

Ní mór gach iarracht is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn scrúdpháipéir saor ó chlaonbhá cultúir, cine nó creidimh agus go gcuireann siad íomhánna dearfacha ar aghaidh maidir le gach grúpa sa tsochaí. Ní mór éagsúlacht na sochaí nua-aimseartha a léiriú i scrúdpháipéir. Is féidir le steiréitíopaí, fiú cinn 'dhearfacha' a bheith forleatach agus díobhálach.

Níor chóir go mbeadh aon fhocail chiníocha nó dhrochmheasúla in aon dálaí measúnachta, fiú i gcomhthéacs frithchiníoch.

**Ag cuimhneamh ar an scrúdpháipéar ina iomláine, ba chóir go mbeifeá in ann freagra dearfach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas, faoi réir aon srianta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cineál an staidéir atá i gceist:**

- Sa chás go léirítear daoine i bpictiúir agus i samplaí, an léiríonn siad sochaí ilchiníoch; an léiríonn siad raon de chúlraí éagsúla cine, agus i gcoibhnis réasúnta?

- An bhfuil an léiriú a dhéantar ar chultúir eile cothrom, gan tréithe amháil ‘bocht’, ‘tútach’, ‘neamhforbartha’ nó ‘coimhthíoch’ a chur síos dóibh?
- An dtaispeántar daoine ó raon de chúlraí éagsúla cine a bheith ag glacadh páirt chothrom ghníomhach mar thuismitheoirí agus mar bhaill de theaghlaigh?
- An dtaispeántar daoine ó raon de chúlraí éagsúla cine a bheith ag glacadh páirt chothrom i ngníomhaíochtaí fisiciúla agus praiticiúla? I ngníomhaíochtaí eolaíochta agus teicneolaíochta? I ngníomhaíochtaí ealaíne agus cruthaitheacha? I ngníomhaíochtaí tís?
- An léirítear daoine ó raon de chúlraí éagsúla cine a bheith chomh hinniúil céanna ar ghníomhaíochtaí intleachtúla agus praiticiúla araon?
- An léirítear stádas cothrom a bheith ag daoine ó raon de chúlraí éagsúla cine (m.sh. sa phróiseas déanta cinntí) ag obair agus sa bhaile?
- An mbaintear úsáid as dálaí agus as comhthéacsanna i gceisteanna go cothrom ó thaobh taithí daltaí ó chúlraí difriúla cine?
- Sa chás go mbaintear úsáid as pictiúir de ghrúpaí difriúla cine, an léirítear na tréithe suaithinseacha fisiciúla a bhaineann le grúpaí dá leithéid, seachas gach duine a chur i láthair gan ach dath níos dorcha nó níos gile a bheith ar a gcuid craicinn? Agus an seachnaítear feisteas steiréiptiopach?
- An seachnaítear stíl chiníoch teanga agus focail lena ngabhann cialla a d’fhéadfadh cur as do dhaoine ar bhonn cine?

#### **Laistigh de chomhthéacsanna a bhaineann le hábhair:**

- An gcuirtear nósanna, stíleanna maireachtála agus traidisiúin daoine i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha i láthair ar bhealach a léiríonn luach, brí agus ról na nósanna sin i saol na ndaoine?
- An gcuirtear ról daoine i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha i múnú a sochaí, agus in eachtraí stairiúla – ina dtír féin agus sa domhan – i láthair go cruinn óna bpeirspictíochta?
- Sa chás go léirítear dearcadh claonta nó steiréitíop cultúir i dtéacs, an lorgaítear tuairim ar an léargas sin sa cheist? (D’fhéadfadh sin tarlú i gcás téacsanna bunaidh, mar shampla.)
- In ábhair chruthaitheacha agus aeistéitiúla, faoi chuimsiú shrianta an tsiollabais, an bhfuil na scrúdpháipéir chomh hilchultúrtha agus a d’fhéadfaidís a bheith?

#### ***Ag cuimhneamh ar gach ceist aisti féin, ba chóir go mbeifeá in ann freagra diúltach a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:***

- An ndéantar talamh slán sa téacs agus i gceisteanna nó tascanna a bhaineann leis faoi chúlraí cultúir, aicme nó creidimh a d’fhágfadh go mbeidís deacair le tuiscint ag aon iarrthóir?
- An ndéantar talamh slán sa téacs agus i gceisteanna nó tascanna a bhaineann leis faoi chúlraí cultúir, aicme nó creidimh a d’fhágfadh go mbeidís ina ábhar masla nó go gcuirfidís as d’aon iarrthóir?

#### **Laistigh de chomhthéacsanna a bhaineann le hábhair:**

- an aontaíonn na sleachta agus/nó na ceisteanna le luachanna an Iarthair amháin, lena leibhéil forbraíochta, a chuid coincheapa, stíleanna maireachtála agus cleachtaí seasta agus meas os cionn na coitiantachta á thabhairt ar an bpointe orthu dá réir, gan aon tuairim a iarraidh ar an dearcadh a chuirtear in iúl?
- an léirítear cumhacht, ceannaireacht agus inniúlacht ar chinntí a dhéanamh nó forbairt a thionscnamh mar bhuanna de chuid shochaithe an Iarthair amháin?

Tabhair faoi deara nár chóir úsáid téacsanna réadacha mar spreagábhar a chur as an áireamh de thoradh an mhéid thuas. Roinnt de na ceisteanna a chuirtear a bheadh bunaithe ar spreagábhar

dá leithéid, d'fhéadfaidís aird na n-iarrthóirí a tharraingt ar shaincheisteanna cothromais atá de dhlúth is d'inneach an téacs.



## **Aguisín 2 Seicliosta i gcomhair Scéimeanna Marcála**

Cabhróidh na ceistanna seo a leanas le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scéim mharcála agus lena leasú, rud a chabhróidh le cáilíocht an scrúdpháipéir a fheabhsú dá réir.

- An mbíonn an scéim mharcála ag cloí leis an siollabas agus leis na hualuithe sonraithe ó thaobh ábhair agus cuspóirí?
- An bhfuil an scéim mharcála cruinn, comhleanúnach agus neamhchlaonta?
- I gcás gach ceiste, an léiríonn an scéim mharcála an sprioc shonrach, a bhaineann le cuspóir, ar a bhfuil an cheist dírithe? An bhfuil na freagraí a tharraingíonn iomlán na marcanna ag teacht leis an gceist a chuirtear? Mura bhfuil, an é an cheist nó an freagra is gá a athrú?
- An bhfuil na réitigh sa scéim ceart?
- Sa chás go gcuirtear scéimeanna marcála in iúl mar shraith de bhandaí:
  - an mbaineann na bandaí leis an sprioc arna sonrú i gcomhair na ceiste?
  - an léiríonn na bandaí forchéimniú soléir cáilíochtúil?
  - an léiríonn na bandaí, i dtéarmaí dearfacha, conas a cheadaítear d'iarrthóirí ceist a fhreagairt?
  - an léiríonn an scéim mharcála líon na mbandaí is dócha a bheidh cruthaithe de bharr na ceiste?
  - an seachnaítear raonta marcanna sa scéim mharcála atá róchúng le go mbeadh ar chumas an scrúdaitheora bandaí difriúla freagairte a mharcáil ar bhealach difriúil?
- An ndéantar íosláhdú leis an scéim mharcála ar an méid úsáide a chaithfidh an marcálaí a bhaint as breithiúnas suibíochtúil?
- An spreagann an scéim mharcála scrúdaitheoirí le húsáid a bhaint as raon iomlán na marcanna atá ar fáil, ionas nach bhfreagraíonn iomlán na marcanna d'fhoirfeacht theoriciúil nach féidir a bhaint amach, ach don leibhéal gnóthachtála a cheaptar a bhainfear amach?

### **Aguisín 3 Gramadach agus Poncaíocht**

Tabhair faoi deara nach dtagann spás roimh chamóga, leathstadanna, idirstadanna, lánstadanna, comharthaí uaillbhreasa agus comhtharthaí ceiste riamh.

#### **An Chamóg**

- **Baintear úsáid as camóg chun focail nó grúpaí focal i sraith a dhealú óna chéile:**

Déagóir cliste, fuinniúil, sláintiúil atá ann.

Baintear úsáid as modheolaíochtaí amhail obair bheirte, obair ghrúpa agus obair thionscadail.

Nóta: Sa chas go nasctar an dá mhír dheiridh leis an bhfocal *agus*, bíonn sé de rogha ag duine camóg a chur roimh an bhfocal *agus*. Cuirtear isteach de ghnáth í, áfach, sa chás go bhféadfaí mearbhall a chur ar an léitheoir á huireasa:

Bíonn an t-ábhar ar fáil ó Celtic Press, Gill agus Macmillan, agus Easons.

Ar na modhanna léiriúcháin a mbaintear úsáid astu tá ceisteanna agus freagraí, scéilíní agus geáitsí.

- **Baintear úsáid as camóg chun codanna d'abairt arna nascadh ag focail amhail *ach*, *cé*, *agus*, a dhealú óna chéile sa chás go mbíonn stad beag ag teastáil chun béim a chur ar na gníomhartha a bheith dealaithe óna chéile:**

Bhí sé ar an eolas faoi na fadhbanna, ach chuaigh sé ar aghaidh ar aon chaoi.

Dúradh focail thábhachtacha uair eile, agus scríobhadh ar an gclár dubh iad le béim a leagan orthu.

Nóta: féadtar an úsáid a bhaintear as camóg roimh *agus* a achoimriú mar seo a leanas:

- Ní bhíonn aon chamóg riachtanach má bhíonn codanna na habairte nasctha go dlúth lena chéile ó thaobh céille nó téama.

Chuir sé a chuid rudáí i málaí go deifreach agus d'imigh sé ar an bpointe.

- Bíonn an chamóg roghnach sa chás go mbíonn an dá mhír dheiridh i sraith nasctha le *agus*.

Rinne sé staidéar ar an Stair, an Tíreolaíocht, an Béarla agus an Fhraincis.

- Bíonn an chamóg riachtanach sa chás go mbíonn stad beag ag teastáil chun béim a leagan ar na gníomhartha a gcuirtear síos orthu san abairt a bheith dealaithe óna chéile.

Bhí tinneas uirthi, agus bhí sí tuirseach den iarracht a bhí á déanamh aici staidéar a dhéanamh.

- Bíonn an chamóg riachtanach sa chás go gcuirfí mearbhall ar an léitheoir dá bhfágfaí amach í.

Ar na cáilíochtaí atá aige tá céim, cúig bliana i mbun múinteoireachta, agus taithí taighde.

■ **Baintear úsáid as camóg tar éis fochlásail a thagann roimh an bpríomhchlásal in abairt:**

Nuair a tháinig sé ar ais, bhí na páipéir mionghearrtha ina stiallacha.

■ **Baintear úsáid as péire camóg chun mír lag a chuireann isteach ar dhul réidh abairt a thimpeallú:**

Tugann na torthaí tosaigh, bunaithe ar shuirbhéanna a rinneadh i mbliana, tacaíocht fhorleathan leis an scéim le fios.

Rinne na múinteoirí Béarla an pointe, de thairbhe go mbíonn a gcuid ranganna i seomraí réamhdhéanta de réir an tráthchláir de ghnáth, go mbíonn rólghlacadh agus tobchumadóireacht drámata deacair dóibh.

Agus úsáid á baint as camóga ar an mbealach sin, ní mór a bheith san airdeall chun a sheiceáil go mbíonn camóg roimh na focail arna gcur isteach i lár na habairte agus i ndiaidh na bhfocal sin. Tabhair faoi deara nach scriostar struchtúr na habairte má bhaintear an téacs idir an dá chamóg amach. Seiceáil úsáideach é sin ar chirt na poncaíochta:

*She groped for her cigarettes, and finding them, hastily lit one.*



Má bhainimid na focail “and finding them” amach as an abairt, ní struchtúr ceart abairte a bheidh sa chuid atá fágtha. Tugann sin le fios go bhfuil rud éigin mícheart. Is é an leagan atá ceart ó thaobh na poncaíochta ná:

*She groped for her cigarettes and, finding them, hastily lit one.*

Ba chóir a bheith san airdeall go mór maidir leis an úsáid a bhaintear as camóg agus idirdhealú á dhéanamh idir clásail choibhneasta shainmhínitheacha agus clásail choibhneasta neamhshainmhínitheacha. Smaoinigh ar an dá abairt seo a leanas, a bhfuil difríocht nach beag eatarthu ó thaobh na céille:

Tá díomá ar na háitritheoirí a bhíonn ag brath ar an turasóireacht mar shlí bheatha leis an gcinneadh.

Tá díomá ar na háitritheoirí, a bhíonn ag brath ar an turasóireacht mar shlí bheatha, leis an gcinneadh.

Deirtear sa dara habairt thuas go bhfuil díomá ar na háitritheoirí mar chomhghrúpa, agus deirtear leis, trí mhíniú, go mbíonn siad ag brath ar an turasóireacht mar shlí bheatha. Ar an lámh eile, ní deirtear sa chéad abairt ach gur ar na háitritheoirí áirithe siúd a bhíonn ag brath ar an turasóireacht atá díomá.

Tá sé úsáideach a thabhairt faoi deara, de réir nós Bhéarla Mheiriceá, go mbaintear úsáid as an bhfocal *that* i gcónaí in áit *which* chun clásal coibhneasta sainmhínteach a thabhairt isteach, le hais *which* agus *that* atá beirt comónta de réir nós Bhéarla na Breataine Móire. Ní aithnítear nós Bhéarla sin na Breataine sa seiceálaí gramadaí in MS Word agus is minic a chuireann sé daoine ar seachrán dá bharr. Mar shampla, tá an abairt seo a leanas ceart ó thaobh na poncaíochta:

*All the examination papers which I prepared were perfect.*

Dá ainneoin sin, ní thaitníonn an úsáid a bhaintear as *which* anseo leis an seiceálaí gramadaí agus molann sé camóga a chur timpeall ar an gclásal *which I prepared* nó *that* a chur in ionad *which*. Má ghlacaimid leis an gcéad mholadh, fonn a bhíonn ar go leor a dhéanamh de réir cosúlachta, athraímid ciall na habairte go hiomlán. Uirlis úsáideach atá sa seiceálaí gramadaí, ach ba chóir úsáid a bhaint as go grinn cúramach.

### **Nótaí eile maidir leis an úsáid a bhaintear as an gcamóg**

Ní bhíonn camóg riachtanach idir an mhí agus an bhliain nuair a bhíonn dátaí faoi thrácht.

25 Meitheamh 2002

Is gnách, áfach, go gcuirtear camóg i ndiaidh an lae agus roimh an dáta agus is é sin an gnás a leantar ar chlúdach na scrúdpháipéar:

DÉ CÉADAIOIN, 18 MEITHEAMH

Ní bhaintear úsáid as camóga de ghnáth agus seoltaí á scríobh ar litreacha clóscríofa.

D'fhéadfadh go mbeadh camóga riachtanach chun athbhrí, cuma an mbíonn sé fíorbheag nó a mhalairt, a bhaint amach as abairt, cé gur chosúil iad a bheith roghnach murach sin.

For that week only, he was allowed to use the PC.

For that week, only he was allowed to use the PC.

Agus scrúdpháipéir á n-ullmhú, má bhíonn ciall cheart abairte ag brath go mór ar an gciall cheart a bheith á baint ag an léitheoir as camóga, cuimhnigh ar an abairt a atheagrú chun an abairt a dhéanamh níos intuigthe don léitheoir.

### **Leathstad**

Ní bhaineann ach úsáid mhór amháin leis an leathstad. Baintear úsáid as chun dhá abairt iomlána a nascadh go mbeidh siad ina n-abairt scríofa amháin sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

1. Tá baint ródhlúth ag an dá abairt lena chéile go ndealófaí óna chéile le lánstad iad;
2. Níl aon fhocal ann a nascann lena chéile iad a d'éileodh camóg, amhail *agus* nó *ach*;
3. Ní chomhlíontar na coinníollacha áirithe a éilíonn idirstad.

Tá an cruinniú arna phleanáil i gcomhair an tSathairn curtha ar ceal; tá an ceann arna phleanáil i gcomhair an Luain ag dul ar aghaidh.

Úsáid eile nach mbaintear as an leathstad chomh minic céanna ná chun sraith míreanna, atá dealaithe óna chéile ag camóga cheana féin, a roinnt agus a shoiléiriú:

Ar bhail an choiste tá an Dr John Smith, Cathaoirleach; an tUas. James Brown, Síceolaí; Aan tUas. Joseph Key, Bainisteoir Oilíúna; agus an tUas. Jeremy Boodle, Oifigeach Airgeadais.

## Idirstad

- **Baintear úsáid as idirstad chun cuid d'abairt a mhíníonn nó a insíonn tuilleadh faoi mhír den abairt a tháinig roimpi, a thabhairt isteach:**

Agus na tuairiscí á léamh agam, bhí léir dom dhá shaincheist mhóra: tá leibhéal an tsoláthair foirne uireasach agus tá breis cóiríochta ag teastáil.

- **Baintear úsáid as idirstad chun caint dhíreach nó ábhar athfhriotail a thabhairt isteach:**

San óráid a thug sé chun tús a chur le himeachtaí, dúirt an tAire, an tUasal Smith: ‘Tá sé den riachtanas go ndéanfar áiseanna sna scoileanna uile a uasghrádú agus a fheabhsú.’

Tabhair faoi deara gur féidir le camóg caint dhíreach a thabhairt isteach freisin. (Féach thíos le tuilleadh nótaí a fháil maidir le hábhar athfhriotail a chur isteach i dtéacs.)

- **Is féidir úsáid a bhaint as idirstad chun liosta a thabhairt isteach, nó chun a thabhairt le fios go bhfuil mionsonraí níos iomláine le teacht:**

Ní mór na hábhair seo a leanas a bheith san áireamh sa chúrsa ceadaithe i gcomhair daltaí aitheanta sóisearacha:

(i) Gaeilge

(ii) Béarla

...

Tabhair faoi deara nár chóir do fhleiscín nó do fhleasc teacht i ndiaidh idirstad.

## Comharthaí Athfhriotail

- **Baintear úsáid as comharthaí athfhriotail chun caint dhíreach a thimpeallú:**

Dúirt an t-iarrthóir, ‘Táim ag fanacht anseo óna hocht a chlog ar maidin.’

Tabhair faoi deara *nár* chóir úsáid a bhaint as comharthaí athfhriotail agus tuairisc á tabhairt ar chaint indíreach:

Dúirt an t-iarrthóir go raibh sé ag fanacht óna hocht a chlog.

- **Baintear úsáid as comharthaí athfhriotail chun focal nó abairtín neamhaithnidiúil a thabhairt isteach:**

Ba chóir dúinn iarracht a dhéanamh ‘brilléis’ a dhíbirt amach ónár gcuid scríbhneoireachta.

- **Baintear úsáid as comharthaí athfhriotail uaireanta chun aird a tharraingt ar nath cainte ar leith, nó chun easaontas leis an úsáid a bhaintear as an nath cainte a thabhairt le fios.**

Thagair sé go minic do ‘na glórtha’ a dúirt leis gur chóir dó imeacht.

Chuir sé síos air féin mar ‘mhac léinn’ ach ní raibh aon fhianaise ann gur chláraigh sé le haon scoil nó coláiste.

Féadann comharthaí athfhriotail a bheith ina gcomharthaí *single* nó *dúbailte*. Buntáiste amháin a ghabhann le comharthaí dúbailte athfhriotail nach ngabhann le comharthaí single ná gur léir nach ionann iad agus uaschamóga. Is do chomharthaí single athfhriotail a thugtar tosaíocht de ghnáth de réir nós Bhéarla na Breataine Móire, cé go mbíonn comharthaí dúbailte coitianta freisin. Éilítear comharthaí dúbailte athfhriotail i gcónaí de réir nós Bhéarla Mheiriceá. Bain úsáid as an ngnás atá bunaithe i gcomhair do scrúdpháipéir féin, mura dtugann an Príomh-Scrúdaitheoir a mhalairt d’ordú duit. Má bhíonn focal nó abairtín arna thimpeallú laistigh de chomharthaí athfhriotail laistigh de shraith cainte níos faide é féin, sraith arna timpeallú ag comharthaí athfhriotail freisin, baintear úsáid as a mhalairt de chomharthaí athfhriotail le haghaidh an athfhriotail neadaithe:

‘Scrúdóimid teicníc an “tsrutha comhfheasa” ar bhealach níos mine an tseachtain seo chugainn,’ a d’fhógair an teagascóir.

*nó*

“Scrúdóimid teicníc an ‘tsrutha comhfheasa’ ar bhealach níos mine an tseachtain seo chugainn,” a d’fhógair an teagascóir.

## **Uaschamóg:**

- **Baintear úsáid as uaschamóg chun seilbh a chur in iúl sa Bhéarla:**

Tagann uaschamóg agus *s* i ndiaidh ainmfhocail nó ainm san uimhir uatha.

*The Chairman’s report.*

Tagann uaschamóg agus *s* i ndiaidh ainmfhocail nó ainm dar críoch *s* san uimhir uatha, ach amháin i gcás ainmneacha nach bhfuaimnítear an tuiséal sealbhach le *s* breise.

*Charles’s account*

ach

*Ulysses’ companions.*

Tagann uaschamóg agus *s* i ndiaidh ainmfhocail nó ainm san uimhir iolra.

*The children’s books.*

Ní thagann ach uaschamóg i ndiaidh ainmfhocail nó ainm dar críoch *s* san uimhir iolra.

*The inspectors’ views were sought on all issues involved.*

Ní bhaintear úsáid níos mó as uaschamóg i leaganacha giorraithe focal i mBéarla san uimhir iolra amhail *TDs, CEOs*. Baintear úsáid aisti sa Bhéarla, áfach, san uimhir iolra sa chás go mbíonn sí ag teastáil de ghrá na soiléire, amhail litreacha single san uimhir iolra.

*Dot your i's and cross your t's.*

Scríobhtar forainmneacha sealbhacha i mBéarla (*yours, hers, its*) gan uaschamóga. An t-aon eisceacht uaidh sin ná *one's*.

■ **Baintear úsáid as uaschamóg i mBéarla chun litir nó litreacha atá ar lár i ngiorrúchán a thabhairt le fios:**

she'll	<i>ar son</i>	she will
can't	<i>ar son</i>	cannot
it's	<i>ar son</i>	it is

**Nótaí eile maidir leis an úsáid a bhaintear as uaschamóg**

Tabhair faoi deara an difríocht idir *it's*, an giorrúchán ar son *it is* i mBéarla, agus *its*, an forainm sealbhach. Baintear úsáid astu beirt san abairt seo a leanas:

*Mary said, 'It's not my fault the toaster blew its fuse.'*

Bí san airdeall faoin úsáid mhícheart a bheith á baint as an uaschamóg i gcás gnáthainmfhocal san uimhir iolra, mar a fheictear mícheart i gcomharthaí go minic amhail:

*Shoe's repaired*



Tá an uaschamóg ag dul i léig go tréan i gcás ainmneacha cuideachtaí agus úsáideanna eile a mbaintí as sa saol tráchtála.

*Jurys Hotel, Barclays Bank.*

**Fleasc**

■ **Is féidir úsáid a bhaint as fleasc chun codanna d'abairt a dhealú óna chéile nó chun míniú ar rud a thabhairt isteach:**

Tarlaíonn na cruinnithe ar an Aoine dheiridh den mhí – an t-aon lá a mbíonn baill uile na foirne i mBaile Átha Cliath.

■ **Baintear úsáid as fleasca go minic chun suntas ar leith a thabhairt do idiraisnéis nó do chaint leataoibh i lár abairte, go háirithe i gcás go mbíonn an cur isteach a dhéantar níos láidre ná mar a thabharfaí le fios le camóga:**

Ní chomhaontódh polaiteoir ionraic – más ann dá leithéid – lena leithéid de phlean go deo.

Mar atá amhlaidh le camóga, sa chás go mbaintear úsáid as fleasca chun suntas ar leith a thabhairt d'idiraisnéis nó do chaint leataoibh, ní mór a bheith san airdeall go mbaintear úsáid as dhá fhleasc, mura mbíonn an chaint leataoibh ag deireadh na habairte.

### Lúibíní (lúibíní cruinne)

- **Baintear úsáid as lúibíní chun nótaí tráchtacha agus caint leataoibh a dhealú ón gcuid eile den abairt:**

An uair (annamh!) a bhaineann tú úsáid as abairtín Laidine, bí cinnte go mbeidh cúrsaí poncaíochta i gceart agat.

Is féidir úsáid a bhaint astu ar bhealach cosúil leis sin chun míniú achomair ar théarma neamhaithnid a mharcáil:

Cuir an chóip bhog (comhad ríomhaire) ar aghaidh chuig CSS.

- **Baintear úsáid as lúibíní chun litreacha roghnacha breise a thabhairt le fios, ionas nach mbeadh ar dhuine leaganacha malartacha a scríobh amach ina n-iomláine:**

Cuir seic(eanna) ar aghaidh chuig an seoladh thuas.

Déanfaidh an páiste de réir a (h)ordaithe.

Tabhair faoi deara go mb'fhéidir go mbeadh sé ní ba shoiléire na leaganacha malartacha a scríobh amach ina n-iomláine.

- **Baintear úsáid as lúibíní chun aird a tharraingt ar chodanna d'abairt trí iad a mharcáil de réir litreach nó de réir uimhreach:**

Is iad na feidhmeanna is tábhachtaí a ghabhann leis an mbord ná: (1) an Cathaoirleach a cheapadh, (2) coiste a thoghadh agus (3)....

Tabhair faoi deara go mbaineann feidhm ar leithligh le lúibíní cearnógacha seachas feidhm na lúibíní cruinne thuas. Laistigh d'athfhriotail, baintear úsáid astu chun nótaí tráchtacha nó míniú nach bhfuil sa téacs bunaidh a thimpeallú.

### Fleiscín

- **Baintear úsáid as fleiscíní i mBéarla chun abairtíní ilfhoclacha a thagann roimh an ainmfhocal a nascadh (cáilitheoirí comhshuite):**

*The chairman asked for an up-to-date copy of the report.*

*The school has a well-stocked library.*

*It is a hard-wearing fabric.*

Is minic a bhíonn sé riachtanach fleiscíní a chur i gcáilitheoirí comhshuite chun an bhrí cheart a chur in iúl. Mar shampla, ní ionann *our first-class performance* agus *our first class performance*. Tabhair faoi deara, d'uireasa fleiscíní, go nglactar leis gur ón ainmfhocal amach a oibríonn na haidiachtaí nó cáilitheoirí eile. Tabhair faoi deara más é *well, better, best, ill worse* nó *worst*, an chéad fhocal de cháilitheoirí den sórt sin, nach gcuirtear fleiscíní sna cáilitheoirí sa chás go dtagann siad i ndiaidh an ainmfhocail. Cuirtear fleiscíní i gcáilitheoirí eile de ghnáth.



*The library is well stocked.*

*The fabric is hard-wearing.*

Ní nasctar rangabhálacha láithreacha nó rangabhálacha caite sa Bhéarla a dtagann dobhriathar dar chríoch –*ly* rompu leis an dobhriathar le fleiscíní in ionad ar bith san abairt:

*It is a beautifully decorated room.*

*The room is beautifully decorated.*

■ **Baintear úsáid as fleiscíní chun abairtíní ilfhoclacha a ngabhann feidhm ainmfhocail leo a nascadh:**

*Editor-in-Chief.*

■ **Baintear úsáid as fleiscíní i gcomhfhocail áirithe**

D’fhéadfadh seo a bheith deacair, toisc, de réir mar a théann daoine i gcleachtadh ar na comhfhocail, bíonn claonadh iontu an fleiscín a fhágáil ar lár agus focal amháin a dhéanamh díobh. Mar shampla, is annaimhe go mór mar a bhaintear úsáid as an bhfocal bunaidh *electromagnetic* agus *príombhfeidhmeannach* anois ná *electromagnetic* agus *príombhfeidhmeannach*. Ceadaiigh foclóir maith mura mbíonn tú cinnte, ach coinnigh cuimhne air freisin, cé go dtarlódh sé go mbeadh sé iomlán inghlactha an fleiscín a fhágáil ar lár i bhfocail áirithe, d’fhéadfadh an focal a bheith níos inléite má choinnítear ann é. Mar shampla, cé gur focail sheanbhunaithe iad *cooperate* agus *coordinates*, is iomaí dalta a dtagann sé níos éasca leo *co-operate* agus *co-ordinates* a léamh, toisc go léiríonn siad fuaimeanna na bhfocal sin ar bhealach níos soiléire.

■ **Baintear úsáid as fleiscíní chun uimhreacha ó 21 go dtí 99 agus codáin a nascadh i mBéarla:**

*There were thirty-five people in the room.*

*Two-thirds of the electorate voted.*

**Slais (Claonslais, Virgule nó Solidus)**

■ **Is minic a bhaintear úsáid as slais chun malairtí a chur i láthair:**

Nuair a thagann múinteoir sealadach isteach, cuirtear *é/í* in aithne dá rang.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb annamh is gá an úsáid sin a bhaint as slais, agus gur minice a bhíonn sé níos sásúla brí iomlán na slaise a scríobh amach. Is mó is amhlaidh é sin toisc go mbaineann scríbhneoirí úsáid as an tslais uaireanta chun *agus* a chur in iúl seachas *nó*, an ghnáthbhrí. Is cinnte nár chóir go mbeadh aon athbhrí ag baint le teoracha ar scrúdpháipéir. Go ginearálta, is dea-chleachtas ceist a chur ort féin faoi bhrí na slaise agus í a scríobh amach.

■ **Baintear úsáid as slais uaireanta chun tréimhse ama a thabhairt le fios:**

Bhí mé ar an ollscoil sna blianta 1990/95.

Bíonn an siopa ar oscailt Dé Máirt/Dé Sathairn gach seachtain.

Arís, bíonn sé níos éasca don tsúil agus ní bhíonn cúrsaí chomh doiléir má scríobhtar an bhrí amach ina hiomláine.

■ **Baintear úsáid as slais uaireanta chun míreanna a nascadh, amhail slí nó cúrsa taistil:**

Tá eitilt Bhaile Átha Cliath/Londan leathuair an chloig mall anois.

Bíonn slais i ngiarrúcháin shonracha áirithe freisin, amhail *f/c* ar son *faoi chúram* agus *a/c* ar son *account*. Agus tomhais faoi thrácht, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as slais chun rátaí nó cóimheasa a chur in iúl, amhail *km/hr* ar son *kilometres per hour*. Is féidir úsáid a bhaint as slaiseanna chun línte filíochta a dhealú óna chéile freisin sa chás go scríobhtar mar alt iad, seachas a bheith leagtha amach líne ar líne.

## Ceannlitreacha

■ **Baintear úsáid as ceannlitreacha do phost-teidil sa chás go dtagraíonn siad sin do dhuine ar leith, ach ní bhaintear úsáid as ceannlitreacha sa chás gur tagairt ghinearálta thuairisciúil atá i gceist:**

Ghairm an Príomh-Aire cruinniú comh-aireachta.

*ach*

Cé mhéad príomh-aire a bhí i réim sa Ríocht Aontaithe ó 1960 i leith?

■ **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair sainteidil clár, doiciméad nó ranna de dhoiciméid:**

Siollabas Béarla na hArdteistiméireachta,

Cuspóir Ginearálta (B) de Shiollabas na Matamaitice

Tabhair faoi deara, sa chás go bhfuiltear ag tagairt do phlean nó do shiollabas ar bhealach ginearálta, go mbaintear úsáid as mionlitreacha:

Ní raibh aon phlean ag an múinteoir i gcomhair an cheachta, agus ba léir nach raibh cleachtadh aige ar an siollabas ábhartha.

■ **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair laethanta na seachtaine agus i gcomhair mhíonna na bliana, ach ní bhaintear úsáid astu i gcomhair na séasúr:**

Luan, Eanáir, earrach, samhradh.

■ **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair an chéad fhocail agus i gcomhair gach príomhfocail i dteidil leabhar, drámaí agus foilseachán (baintear úsáid as mionlitreacha i gcomhair focail ghearra laistigh den teideal):**

*The Wind in the Willows; The Irish Times.*

*Cur Síos Achomair ar Chóras Oideachais na hÉireann*

Tabhair faoi deara go mbaintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair an dá chuid de na focail sa teideal deiridh sin a bhfuil fleiscín iontu.

- **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair ainmneacha iomlána gníomhaireachtaí agus ranna rialtais, agus aonad laistigh d’eagraíocht:**

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; Aonad na gCeistpháipéar.

Tabhair faoi deara, sa chás go bhfuiltear ag tagairt d’institiúidí tábhachtacha, go bhfuil sé inmhianaithe, agus a n-ainm á athscríobh i bhfoirm ghiorraithe, an cheannlitir a choinneáil i gcomhair an teidil ghiorraithe. Arís, is é an cheist atá ann ná an tagairt shonrach nó tagairt ghinearálta atá ann.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta...; ionadaí ón Roinn...

*ach*

Baineann an ciorclán seo le gach roinn rialtais.

- **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair airde an chompáis a ainmníonn limistéir gheografacha ar leith, ach ní bhaintear úsáid astu sa chás go bhfuil treoir á cur in iúl:**

Téann tú soir ó thuaidh le dul chuig an Oirthuaisceart;

an Cianoirthear.

- **Baintear úsáid as ceannlitreacha chun focail a bhaineann le gaol teaghlaigh a chur in iúl i mBéarla, sa chás go bhfuiltear ag baint úsáide astu mar ainmneacha dílse:**

*I told Mother that my sister would be late.*

*She described her father to me perfectly.*

- **Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair náisiúntachtaí sa chás go bhfuiltear ag cur a mbunbhrí in iúl, ach ní gá úsáid a bhaint astu murab amhlaidh sin:**

Cheannaigh mé carr Gearmánach.

Is maith liom capaill arabacha.

Sa chéad chás, is ón nGearmáin féin é an carr. Sa dara cás, cuireann an aidiacht síos ar an gcineál capaill, agus ní thugann sé le fios gur ó thír Arabach dó. Tabhair faoi deara go mbíonn difríochtaí ann ó thaobh na húsáide maidir leis an bpointe deiridh sin – bíonn ceannlitir ann sa dá chás i bhFoclóir Béarla Oxford.

Tabhair faoi deara gur féidir grúpaí cine a chur sa chás íochtair nó ceannlitir a chur leo. Níl aon riail dhaindeog ann ach go mbeifí leanúnach. Má chuireann tú ceannlitir le grúpa cine amháin, cuir ceannlitir leis na cinn eile chomh maith.

Ní chuirtear ceannlitir ar ainmneacha airgeadraí, ach amháin an Deutschmark.

An punt steirling, an euro, yen na Seapáine.

### ■ Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair teangacha agus ábhair scoile:

Fraicis; Béarla; Staidéar Gnó; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Tabhair faoi deara nach ionann i gcónaí an úsáid a bhaintear as ceannlitreacha nuair a bhíonn ábhair seachas teangacha faoi thrácht. Más do theideal cláir atá an tagairt, agus sin go soiléir, ba chóir úsáid a bhaint as ceannlitreacha ansin. Sa chás gur tagairt chineálach don ábhar atá ann, áfach, ní bhaintear úsáid as ceannlitreacha de ghnáth ansin.

Deir go leor daoine nár thaitin an mhatamaitic leo ar scoil.

### ■ Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair ainmneacha agus téarmaí creidimh, i gcomhair sainchreideamh agus gluaiseachtaí creidimh:

An Búdachas, Ioslam, an Chríostaíocht, an Giúdachas, na Meitidistigh, Finnéithe Iáivé

Ní chuirtear ceannlitir le gluaiseachtaí nó idé-eolaíochtaí polaitíochta, mura bhfuil siad bunaithe ar ainm duine.

An cumannachas, an Marxachas, an Stailineachas, an sóisialachas.

## Ceannlitreacha agus Téarmaí Eolaíochta

D'fhéadfadh na rialacha a bhaineann le ceannlitreacha agus téarmaí eolaíochta, go háirithe na ranna plandaí agus ainmhithe, a bheith casta agus mearbhall a chur ar dhuine. Cuirtear roinnt rialacha ginearálta i láthair sa roinn seo maidir le ceannlitir a chur leis na téarmaí is coitianta ar dócha úsáid a bheith á baint astu.

### ■ Ainmneacha Coitianta Plandaí agus Ainmhithe:

Ba chóir, de ghnáth, ainmneacha plandaí agus ainmhithe a chur sa chás íochtair, agus níor chóir ceannlitir a chur ach le hainmneacha dílse agus le haidiachtaí a mbaintear úsáid astu in éineacht leis na hainmneacha. Ba chóir foclóir a sheiceáil le bheith cinnte faoin gcruinneas.

cóilí teorann, moncaí *rhesus*, aimseadóir buí, gé Éigipteach, mustang, rós *Sharon*, cat Peirseach, *leghorn* bán.

Sa chás go bhfuil úsáid á baint as ainm eolaíochta nó bitheolaíochta i ndiaidh ainm coitianta, scríobhtar idir lúbíní agus sa chló iodálach é, ainm cineálach ina cheannlitreacha, sainainm sa chás íochtair.

Ealta géanna giúrainn (*Brenta bernicla*).

### ■ Téarmaí Geolaíocha:

Cuirtear ceannlitir le hainmneacha réanna, tréimhsí, sainréanna agus mioneachtraí ach ní chuirtear leis na focail *ré*, *tréimhse* agus mar sin de, nuair a úsáidtear leis an téarma iad.

An Oighearaois, an ré Phlicéineach, an tréimhse Iúrasach Íochtair, an tréimhse Réamhchaimbriach, an ré Phailéasóch

### ■ Téarmaí Leighis:

Cuirtear ainmneacha galar, siondróm, airíonna, tástálacha, drugaí agus a leithéid sa chás íochtair. Ní chuirtear ceannlitir ach le hainmneacha dílse agus aidiachtaí nó ainmneacha ceirde a mbaintear úsáid astu in éineacht leis an téarmaí sin.

Aspairín, galar *Parkinson*, tástáil mhéire agus sróine, polaimiailíteas, siondróm *Guillain-Barré*, vacsaín *Salk*, granalóma ionfhabhtaíoch, teitriciglín, *Metamid*, *Tylenol*

### ■ Téarmaí Fisice agus Ceimice:

Cuirtear dlíthe, teoirimí, prionsabail, agus a leithéid sa chás íochtair; ní chuirtear ceannlitir ach le hainmneacha dílse agus le haidiachtaí a mbaintear úsáid astu in éineacht leis na téarmaí sin. Cuirtear ceannlitir le siombailí ceimice de réir a gcuid siombailí cearta freisin, agus scríobhtar gan lánstadanna iad.

dlí Uí Bhaoill, cothromóidí Maxwell, an dara dlí de chuid Newton, carbón 14, aigéad sulfarach, teoiric ghinearálta na coibhneasachta, úráiniam 238,  $H_2SO_4$ , trasfhoirmíthe Lorenz.

## Leaganacha Giorraithe d'Fhocail agus d'Abairtíní

Tá cuid mhaith cineálacha difriúla de leaganacha giorraithe sa Bhéarla agus sa Ghaeilge:

*Giorrúcháin*: codanna d'fhocail a scríobhtar in áit na bhfocal iomlán – mar shampla, *approx* ar son *approximately*, *Déard.* ar son *Déardaoin*).

*Giorruithe*: leaganacha giorraithe d'fhocail ina mbíonn (ar a laghad) an chéad litir agus an litir dheiridh den fhocal giorraithe (m.sh. *Mr* ar son *Mister*, *Br* ar son *Bóthar*, *Sr* ar son *Sráid* agus *St* ar son *Saint*).

D'fhéadfadh leaganacha giorraithe d'abairtíní a bheith i gceist le giorruithe freisin, ina mbíonn an chéad litir den chéad fhocal agus an litir dheiridh den fhocal deiridh (ar a laghad), amhail *I'll* ar son *I will, isn't* ar son *is not, it's* ar son *it is*). Nó sa Ghaeilge, *Sea* ar son *Is ea*, ach bíonn an dara litir den chéad fhocal sa leagan giorraithe sin chomh maith le formhór an dara focal.

*Túslitreacha*: is éard a bhíonn iontu siúd ná na chéad litreacha de ghrúpa focal, agus fuaimnítear iad mar litreacha ar leithligh amhail *RnaG*, *BBC*, *MA* agus *PhD*).

*Acrainmneacha*: déantar iad sin as túslitreacha, nó i roinnt cás, as siollaí tosaigh, na bhfocal, agus fuaimnítear iad mar fhocail iomlána iad féin: *NATO* nó *ECAT*, as *North Atlantic Treaty Organization* nó *Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh*; *Benelux*, as *Belgium, Netherlands agus Luxembourg*.

Tá roinnt focail choitianta ann a bhí ina n-acrainmneacha ó thús, amhail *radar*, as *radio detection and ranging*.

*Leaganacha ciorrúithe*: is leaganacha giorraithe d'fhocail iad sin a gcaitear leo mar fhocail iomlána anois iad féin: *exam* as *examination*, *deli* as *delicatessen*, *fliú* as *influenza*, *bus* as *omnibus*).

*Siombailí*: litreacha, seachas giorrúcháin ar fhocail, a fheidhmíonn in ionad focal. Baintear úsáid astu i dtomhais go minic, amhail *km* ar son *ciliméadar*.

## **An Úsáid a Bhaintear as Lánstadanna le Leaganacha Giorraithe**

Cé gur féidir úsáid a bhaint as lánstadanna le leaganacha giorraithe d'fhocail (an tUas. Smith, m.sh., .i., Grafton St.), tá an claonadh leis an lánstad a fhágáil ar lár ag dul i bhfairsinge agus is é treocht an lae inniu sa Bhéarla ná a laghad poncaíochta a bheith ann agus is féidir (*Mr Smith, eg, ie, Grafton St*). Dá ainneoin sin, tá sé coitianta fós na lánstadanna a choinneáil i gcás giorrúchán arna bhfréamhú ón Laidin nó giorrúcháin dhúchasacha Gaeilge a sheasann dóibh sin, amhail *e.g., i.e., viz., etc. / m.sh., .i., srl*. Ba chóir na giorrúcháin deiridh sin a sheachaint ar scrúdpháipéir i gcás ar bith, agus d'fhéadfadh duine lánstadanna a fhágáil ar lár i ngach leagan giorraithe eile de réir an ghnáis.

## **An Úsáid a Bhaintear as Ceannlitreacha i Leaganacha Giorraithe**

Scríobhtar leaganacha giorraithe ina bhfuil túslitreacha dhá fhocal nó níos mó, ina gceannlitreacha ar fad de ghnáth: ECAT, BBC.

Scríobhtar roinnt bheag leagan giorraithe, nach ainmneacha tíortha ná eagraíochtaí iad, le litreacha sa chás íochtair: agm (AGM chomh maith), teo (TEO chomh maith).

Scríobhtar roinnt leaganacha giorraithe de thomhais amhail *m.s.u., lb, km* sa chás íochtair. I gcás aonad de tháscairí staide, bí san airdeall go mbainfidh tú úsáid as an gcás ceart – ní bhíonn aon 'déanamh de réir do chomhairle féin' i gceist.

Má thógtar níos mó ná an chéad litir d'fhocal isteach i leagan giorraithe, ní scríobhtar ach an chéad litir ina ceannlitir: *BSc (Baitsiléir Eolaíochta), PhD (Doctúir Fealsúnachta), BMus (Baitsiléir Ceoil)*.

## **Leaganacha Giorraithe san Uimhir Iolra**

Ní bhaintear úsáid as uaschamóg de gháth a thuilleadh agus leagain ghiorraithe de fhocail amhail TDs, CEOs sa Bhéarla san uimhir iolra.

## **Uimhreacha a Scríobh**

### **'Riail an Deich'**

Go ginearálta, ba chóir úsáid a bhaint as 'riail an deich' agus cinneadh á dhéanamh ar chóir uimhir a litriú nó a chur in iúl ina figiúirí. Faoi riail an deich, ba chóir na huimhreacha ó a deich síos a litriú (m.sh. dó/dhá, cúig, seacht) agus aon uimhir atá inroinnte ar dheich (m.sh. fiche, seasca, ochtó) a litriú. Scríobhtar gach uimhir eile os cionn deich ina figiúirí.

Chaith sé naoi mí san Iodáil.

Ghlac an turas scór lá.

Tá an t-iarrthóir 25 bliain d'aois.

## **Slánuimhreacha**

Uimhreacha a mbaintear úsáid astu mar uimhreacha isteach is amach ar fhigiúirí sonracha, scríobhtar amach iad ina litreacha de ghnáth, fiú nuair a chuirtear in iúl ina gcéadta míle iad.

Fágadh thart ar thrí chéad míle duine gan dídean.

### **Uimhreacha Móra**

Cuirtear uimhreacha an-mhór in iúl ina bhfigiúirí de ghnáth, arna leanúint ag *milliún*, *billiún*, *trilliún* agus mar sin de.

Chosnódh sé €1.5 milliún an staid a thógáil.

Tá breis is 1.5 milliún duine sa chathair.

Tabhair faoi deara gur míle milliún atá i mbilliún Mheiriceá, ach gur milliún milliún a bhíodh i mbilliún na Breataine Móire go traidisiúnta. Baintear úsáid as an mbrí Mheiriceánach beagnach ar fud na cruinne anois, ach tá an athbhrí fós ann. B'fhéarr an focal a sheachaint i gcomhthéacs scrúdaithe, mura soiléirítear an bhrí. Baineann ceist den chineál céanna le trilliún.

### **Orduimhreacha**

Tá feidhm fós le riall céanna an deich i gcás orduimhreacha (an chéad, an dara, an tríú) chomh maith:

Áiríodh í a bheith sa chúigiú háit sa rang.

Rinneadh athbheithniú ar an 25ú halt de na fodhlíthe.

### **Leanúnachas**

Tarlaíonn eisceacht ó riall an deich sa chás go mbaintear úsáid as uimhreacha faoi bhun agus os cionn deich san alt céanna, i sraith, nó chun tagairt a dhéanamh don mhír céanna in abairt. De ghrá an leanúnachais, is minic a chuirtear uimhreacha faoi bhun deich in iúl ina bhfigiúirí.

Bhí 5 pháiste sa ghrúpa, 13 déagóir agus 17 duine fásta.

### **Uimhreacha in Éineacht le Chéile**

I roinnt cásanna, baintear úsáid as uimhreacha i gcomhair níos mó ná mír amháin in abairt. Go ginearálta, cuirtear an figiúr is lú den bheirt in iúl i bhfocail.

Chuireamar cúig shleamhán 35mm fichead den radharc i láthair.

### **An chéad fhocal in abairt**

Ba chóir uimhreacha a chuireann tús le habairt a scríobh amach ina litreacha, beag beann ar aon neamhleanúnachas a d'fhéadfadh sin a chruthú sa chuid eile den abairt nó den alt. Mar riall ghinearálta, má bhíonn níos mó ná figiúr amháin san abairt, nó má bhíonn an figiúr mór, déan iarracht an abairt a chur i bhfocail ar bhealach eile ionas nach mbeidh an uimhir ag a tús.

Seacht nduine is fiche a d'fhreastail ar an gcruinniú.

## **Aoiseanna**

Cuir aoiseanna beachta in iúl ina bhfigiúirí (mura bhfuil '(m)blíana d'aois' curtha san áireamh). Sa chás go luaitear aois atá isteach is amach ar fhíoraos an duine, is féidir an aois a chur in iúl i bhfocail no ina figiúirí, ach bí cinnte go mbaintear úsáid as an stíl chéanna tríd síos.

Tá Áine 7 agus tá Aindrias 14.

Bhí sí thart ar sheasca bliain d'aois nuair a thaistil sí chun na hAfraice ar dtús.

Tá a athair beagnach deich mbliana is ceithre scór.

## **Am an Lae**

Sa chás go bhfuil am á chur in iúl mar uair chothrom, mar leathuair nó mar cheathrú uaire, scríobhtar na huimhreacha amach ina litreacha de ghnáth.

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar cheathrú tar éis a ceathair.

Níor bhain sé an baile amach go meán oíche aréir.

Baintear úsáid as figiúirí sa chás go dtugtar an t-am beacht nó sa chás go luaitear am in éineacht le r.n./a.m nó i.n./p.m. Taobhaítear le hidirstad de réir nós Bhéarla Mheiriceá chun na huaireanta agus na nóiméid a dhealú óna chéile, ach taobhaítear le lánstad de réir nós Bhéarla na Breataine Móire. Lean an gnás atá bunaithe i gcomhair an scrúdpháipéir i d'ábhar féin.

Tháinig an traen isteach go Liospón ar 12.33 r.n.

*The full report was on the 6.30 news.*

Sa chóras ama 24 uair an chloig, baintear úsáid as figiúirí i gcónaí. Ní bhíodh aon phoncaíocht idir an uair agus na nóiméid go traidisiúnta, ach tá úsáid an idirstad ag dul i bhfairsinge agus is é sin caighdeán Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) freisin.

Tháinig an bád chun cé ar 0615 Dé Céadaoin.

*nó*

Tháinig an bád chun cé ar 06:15 Dé Céadaoin.

Arís, lean an gnás le haghaidh do scrúdaithe féin.

## **Tréimhsí de Chéad agus de Dheich mBlíana**

Scríobhtar tagairtí do thréimhsí áirithe de chéad agus de dheich mbliana amach ina litreacha sa chás íochtair.

Shíothlaigh an mórchlaohlú sa tsochaí i rith na seascaidí agus coimeádachas ó thaobh na polaitíochta a tháinig ina dhiaidh sna hochtóidí.



## Athfhriotal a Chur Isteach i dTéacs

### Caint dhíreach

Is iad na focail a labhraíodh féin a luaitear sa chaint dhíreach, arna dtabhairt isteach le *arsa* (nó focal cosúil leis) agus gan úsáid á baint as *gur/go*. D’fhéadfadh idirstad nó camóg teacht roimh an athfhriotal. Fanann poncaíocht a ghabhann leis an téacs athfhriotal laistigh den chomhartha deiridh athfhriotal; téann poncaíocht eile lasmuigh de. Murab ionann deireadh an athfhriotal agus deireadh na habairte, cuirtear camóg in áit lánstad ag deireadh an athfhriotal. Más ionann deireadh an athfhriotal agus deireadh na habairte ina dtarlaíonn an t-athfhriotal, fágtar an dara lánstad ar lár ansin.

Dúirt an t-iarrthóir: ‘Tá mé díreach tar éis teacht ar ais ón gcoigríoch.’

Dúirt an t-iarrthóir, ‘Tá mé díreach tar éis teacht ar ais ón gcoigríoch.’

‘Tá mé díreach tar éis teacht ar ais ón gcoigríoch,’ arsa an t-iarrthóir.

‘An gcaithfidh mé imeacht?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Céard atá i gceist agat le hé a bheith ina “amadán craiceáilte”?’ a d’fhiafraigh sé.

### Athfhriotal Ghearra

Cuirtear poncaíocht i bhfeidhm ar an mbealach céanna go ginearálta i gcás athfhriotal gearr agus a chuirtear i gcás caint dhíreach agus bíonn an t-athfhriotal ina chuid den téacs timpeall air laistigh de chomharthaí athfhriotal, ach ní thagann idirstad roimhe de ghnáth. Baintear úsáid as ceannlitreacha i gcomhair an athfhriotal más abairt iomlán atá ann, ach ní bhaintear mura bhfuil ann ach mírín:

Thuairisc an BBC an 20 Eanáir gur ‘Maraíodh go leor daoine de bharr foréigin in Lagos Dé Céadaoin seo caite, tar éis don Rialtas ordú a thabhairt ceannaire de ghrúpa forairdeallaithe a ghabháil.’

Dúirt an t-iarrthóir ‘go raibh sé díreach tar éis teacht ar ais ón gcoigríoch’.

### Athfhriotal Fhada

Ba chóir athfhriotal fada a dhealú ón gcuid eile den téacs go ginearálta tríd an sliocht a eangú beagán isteach ón imeall clé, trí spás leathlíne nó líne amháin a chur os a chionn agus faoina bhun, agus trí idirstad a chur roimhe.

Léirítear an pointe sin go soiléir leis an méid a mhaíonn Daniel:

Tá na fíricí uile lena bpléann graiméar le fáil sa teanga lena mbaineann an graiméar; agus is sa teanga féin, ní i leabhair, atá na fíricí sin le cuardach go príomha. Ní chuireann gramadóirí rialacha i bhfeidhm ar theanga; ní dhéanann siad ach iad a bhailiú ó na rialacha teanga atá ann cheana féin agus iad a léiriú ar bhealach ordúil.

Is minic gur údar iontais an méid sin don tuata.

Tabhair faoi deara nach marcáiltear athfhriotal fhada le comharthaí athfhriotal.

## Aguisín 4 Siombailí Ceartúcháin don Phrofléamh

Cearthaigh profaí le peann dearg. Bíodh an marc san imeall á thabhairt i gcónaí agat chomh maith leis an marc sa téacs, nó d'fhéadfadh duine dul thar an gceartúchán gan é a thabhairt faoi deara. Is féidir marcanna san imeall a chur ar an dá thaobh. Má bhaineann dhá mharc nó níos mó san imeall leis an líne chéanna, dealaigh óna chéile le slais iad.

Treoir	Marc sa Téacs	Marc san Imeall	Nóta Tráchtá
Cuir ábhar nua isteach	The use <del>of</del> more resources	of	Is éard a bhíonn sa mharc san imeall ná an t-ábhar atá le cur isteach.
Scríos litir amach	He sp <del>o</del> ke about	o	
Scríos focal nó sraith litreacha amach	into the <del>the</del> room.	o	Cabhraíonn na barraí chun na teorainneacha a shonrú.
Cuir litir isteach ina ionad	to <del>m</del> orrow	m	Is éard a bhíonn sa mharc san imeall ná an t-ábhar atá le cur isteach.
Cuir focal / sraith litreacha ina ionad	When the <del>firemen</del> arrived,	fire-fighters	
Cuir ábhar nua isteach, dealaithe ón ábhar a bhfuil marc leis	discussed. <del>Following</del> this,	/ <del>A</del>	Soláthraítear an t-ábhar agus é dealaithe ón ábhar a bhfuil marc leis, agus lipéadaithe leis an litir chomhfhreagrach.
Cuir lánstad isteach	Find its area <del>h</del>	o	Cabhraíonn an ciorcal leis na carachtair a aithint, a d'fhéadfadh a bheith tógtha in ainriocht smáil ar an bprofa murach sin.
Cuir idirstad isteach	one thing <del>he</del> is not going	o	
Cuir spás isteach	to the <del>girl</del> he had met	#	
Cuir uaschamóga single isteach	himself as a <del>wayward</del> lad <del>h</del>	o / o	Caitear mar an gcéanna le comharthaí dúbailte athfhriotal agus le huaschamóga.
Cuir figiúirí forscríofa nó foscríofa isteach	( <del>x2</del> - <del>x1</del> ) <del>h</del>	2 / 1 / o	Tugann sin le fios go bhfuil an chéad dhá uimhir le bheith foscríofa agus an tríú huimhir le bheith forscríofa.
Cuir líne shingil folamh isteach	to do it after all. <del>The next day, he</del> #		Níl marc ar leith san imeall ag teastáil, óir tá sé sin ar leataobh ar aon chaoi, agus idir línte.
Athraigh go cló iodálach	is <u>definitely</u> not going	LL nó (ital)	Is iad na siombailí (arna liostú ar dtús), na caighdeáin nua ach tá na
Athraigh go cló trom	is <u>definitely</u> not going	~ nó (bold)	seanleaganacha, ina mbaintear úsáid as na focail, fós an-
Athraigh go cló trom iodálach	is <u>definitely</u> not going	LL nó (bold ital)	

Athraigh go ceannlitreacha	joined <u>nato</u> forces	≡ nó (caps)	choitianta.
Dún spás idir litreacha	doing it him <sup>^</sup> self.	⌋	
Cuir tús le paragraf nua	<u>it after all.</u> [The next day, he	⌋ nó (n.p.)	
Nasc na paragraif	to do it after all. ↪ The next day, he	↪ nó (run on)	
Malartaigh litreacha	re <sup>^</sup> ceipt of the	⌋ nó (trs)	
Cuir siar go dtí an líne roimhe	launched a <u>wide</u> range of	⌋	
Cuir ar aghaidh chuig an gcéad líne eile	launched[a wide range of	[	
Déan eangú de réir an méid a thugtar le fios	[The next day, he	⌋ 10mm	
Bain eangú amach	←[The next day, he	⌋	
Stet, (fág mar a priontáladh)	well/intentioned effort. -----	✓ nó (stet)	Baintear úsáid as sa chás go dtagann tú ar athrú intinne faoi cheartúchán.

## **Aguisín 5 Sliocht as an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000**

### **Alt 53, fo-ailt (5), (6) agus (7)**

- (5) Faoi réir *fo-alt* (6), ní sháraítear an cóipcheart i saothar trí aon ní a dhéantar chun críoch scrúdaithe i bhfoirm ceisteanna a cheapadh, ceisteanna a chur in iúl do na hiarrthóirí nó ceisteanna a fhreagairt.
- (6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (5) maidir le cóip athghrafach a dhéanamh de shaothar ceoil lena húsáid ag iarrthóir scrúdaithe le linn an saothar a thaibhiú.
- (7) Más rud é, maidir le cóip a bheadh ina cóip sháraitheach thairis sin, go ndéantar í faoin alt seo ach go ndéantar, ina dhiaidh sin, í a dhíol, a ligean ar cíos nó a thabhairt ar iasacht, nó a thairiscint nó a thaispeáint lena díol, lena ligean ar cíos nó lena tabhairt ar iasacht nó go ndéantar í a chur ar fáil don phobal ar shlí eile, measfar í a bheith ina cóip sháraitheach chun na gcríoch sin agus chun gach críoch ina dhiaidh sin.

## Aguisín 6 Foirm lena Dheimhniú gur Cuireadh Obair i gCrích

Ba chóir do dhuine a bheith ag féachaint ar an seicliosta thíos i gcaitheamh phróiseas ullmhúcháin an scrúdpháipéir tríd síos agus an seicliosta a chomhlánú sula gcuirtear síniú leis an scrúdpháipéar.

**ÁBHAR** \_\_\_\_\_  
**SCRÚDÚ & LEIBHÉAL** \_\_\_\_\_

Cód an Pháipéir

Dearbhaímid leis seo gur tugadh faoi na seiceálacha seo a leanas agus go bhfuil an scrúdpháipéar réidh le cur i gcló.

- seiceáladh an clúdach tosaigh maidir le dáta, am, ainm agus uimhir an ábhair, leibhéal
- seiceáladh go dtagann na rúibricí ar an gclúdach le rúibricí na ranna ó thús go deireadh an pháipéir
- seiceáladh uimhriú na leathanach
- seiceáladh cruinneas an ábhair agus go bhfuil sé ag cloí leis an siollabas
- seiceáladh dúshlán intleachtúil na gceisteanna agus leibhéal an méid a éilítear ar iarrthóirí iontu
- seiceáladh ceisteanna roghnacha maidir le: éilimh inchomparáide
- seiceáladh inléiteacht: stíl teanga shoiléir, bheacht agus intuigthe ag iarrthóirí
- seiceáladh stór focal agus nodaireacht atá sainiúil don ábhar
- seiceáladh an formáidiú agus an leagan amach
- seiceáladh cruinneas na poncaíochta, an litrithe agus na gramadaí
- seiceáladh an príomhuimhriú agus an fo-uimhriú
- seiceáladh ainmneacha dílse, téarmaí teicniúla, foscripteanna agus forscripteanna
- seiceáladh foirmle, léaráidí, téacs, iatáin, amharcíomhánna, léarscáileanna, táblaí
- seiceáladh gur eagraíodh colúin/sraitheanna; ailíniú; imill i línte díreacha
- seiceáladh leithroinnt na marcanna
- cuireadh leaganacha Gaeilge agus Béarla i gcomparáid lena chéile go mion
- ullmhaíodh agus seiceáladh leaganacha mionathraithe

Arna shíniú ag: \_\_\_\_\_  
(Cóiritheoir)

Dáta: \_\_\_\_\_

Arna shíniú ag: \_\_\_\_\_  
(Cóiritheoir Cúnta)

Dáta: \_\_\_\_\_

Arna shíniú ag: \_\_\_\_\_  
(Príomh-Scrúdaitheoir)

Dáta: \_\_\_\_\_